Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11146/25**

**JAI 992**
**FREMP 183**
**POLGEN 69**
**JUSTCIV 125**
**CONSOM 125**
**DROIPEN 75**
**EJUSTICE 39**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Scórchlár Ceartais AE 2025 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 375 final.

Faoi iamh: COM(2025) 375 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.7.2025
COM(2025) 375 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

# Scórchlár Ceartais AE 2025

## 1. Réamhrá

Is fíor- riachtanach iad córais cheartais éifeachtacha chun dlí an Aontais a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú agus chun tacú leis an smacht reachta agus na luachanna eile ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe agus atá i gcoiteann ag na Ballstáit. Feidhmíonn na cúirteanna náisiúnta mar chúirteanna de chuid an Aontais agus dlí an Aontais á chur i bhfeidhm. Is iad na cúirteanna náisiúnta ar an gcéad ásc a áirithíonn go bhforfheidhmítear na cearta agus na hoibleagáidí a leagtar amach i ndlí an Aontais ar bhealach éifeachtach (Airteagal 19 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE)).

Ina theannta sin, tá na córais cheartais éifeachtacha fíor- riachtanach freisin don iontaoibh fhrithpháirteach agus chun feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta agus ar inbhuanaitheacht an fháis fhadtéarmaigh. Sin é an fáth a bhfuil sé ar cheann de na tosaíochtaí ag an Seimeastar Eorpach – timthriall bliantúil an Aontais um chomhordú an bheartais eacnamaíoch – feabhas a chur le héifeachtúlacht, cáilíocht agus neamhspleáchas na gcóras ceartais náisiúnta. Le Compás Iomaíochais 2025 an Aontais ([1]) agus Tuarascáil Bhliantúil 2025 maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas a ghabhann leis ([2]), meabhraítear go bhfuil urraim don smacht reachta lárnach i bhfeidhmiú an Mhargaidh Aonair, ós rud é go gcuirtear timpeallacht oibriúcháin chobhsaí ar fáil leis a thugann buntáiste iomaíoch domhanda don Aontas agus dá Bhallstáit. Áirithítear leis an smacht reachta timpeallacht ghnó ina gcuirtear dlíthe i bhfeidhm go héifeachtach agus go haonfhoirmeach, inar féidir le gnólachtaí oibriú i mBallstát eile ar bhonn cothrom le cuideachtaí áitiúla, agus ina gcaitear buiséid ar bhonn trédhearcach oibiachtúil. Is féidir le córais cheartais atá ag feidhmiú go maith agus ag a bhfuil neamhspleáchas iomlán tionchar dearfach a imirt ar an infheistíocht, agus is ríthábhachtach iad chun an infheistíocht a chosaint. Tá siad bainteach le táirgiúlacht agus iomaíochas níos fearr. Baineann tábhacht leo freisin chun forfheidhmiú trasteorann éifeachtach conarthaí, cinntí riaracháin agus réiteach díospóidí a áirithiú, rud atá fíor- riachtanach d'fheidhmiú an mhargaidh aonair ([3]).

Sa chomhthéacs sin, is le Scórchlár Ceartais AE a thugtar forbhreathnú bliantúil ar tháscairí lena dtomhaistear trí pharaiméadar fhíor- riachtanacha na gcóras ceartais éifeachtach:

- éifeachtúlacht;
- cáilíocht;
- neamhspleáchas.

Leis na figiúirí nua arna dtabhairt cothrom le dáta, áirítear sonraí maidir le hinrochtaineacht ar cheartas d'íospartaigh na coireachta, d'íospartaigh foréigin in aghaidh na mban/foréigin teaghlaigh agus do dhaoine atá i mbaol an idirdhealaithe agus do dhaoine scothaosta, chomh maith le digitiú

[1] Compás 2025 AE chun an t- iomaíochas a bhaint amach arís agus chun rathúnas inbhuanaithe a chinntiú, COM(2025) 30 final.

[2] COM(2025) 26 final.

[3] *Féach Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, Identifying and addressing barriers to the Single Market* [an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, lena sainaithnítear bacainní os comhair an Mhargaidh Aonair agus lena dtugtar aghaidh orthu], COM(2020)93, agus SWD(2020)54 a ghabhann leis.

an cheartais ([4]). Déantar tuilleadh forbartha ar tháscairí eile le Scórchlár 2025 freisin, i bhfianaise gné an mhargaidh aonair a chuimsiú sa Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta, mar a fógraíodh i dTreoirlínte Polaitiúla 2024–2029 an Uachtaráin von der Leyen. Leis an eagrán sin den Scórchlár, faoi theideal nua '*Other indicators relevant for the single market*' [Táscairí eile is ábhartha maidir leis an margadh aonair], cuirtear i láthair na táscairí atá ábhartha maidir le feidhmiú an mhargaidh aonair, a bhfuil córais cheartais éifeachtacha agus urraim don smacht reachta lárnach ina leith. Neartaítear gné an ghnó agus an mhargaidh aonair leis trí tháscairí nua a chur i láthair maidir le comhlachtaí céadchéime um athbhreithniú ar sholáthar poiblí, institiúidí iniúchóireachta uasta agus údaráis iomaíochta náisiúnta.

*– The Annual Rule of Law Cycle [Timthriall Bliantúil an Smachta Reachta] –*

In 2020, bhunaigh an Coimisiún Timthriall Bliantúil cuimsitheach an Smachta Reachta chun a chuid faireacháin ar chás an smachta reachta sna Ballstáit a dhoimhniú. Feidhmíonn Timthriall an Smachta Reachta mar uirlis choisctheach, lena gcuirtear chun cinn an t- idirphlé agus an chomhfheasacht faoi cheisteanna i ndáil leis an smacht reachta. Ag croílár an timthrialla, tá an Tuarascáil bhliantúil maidir leis an Smacht Reachta, ina dtugtar achoimre ar fhorbairtí suntasacha – idir fhorbairtí dearfacha agus fhorbairtí diúltacha – i ngach aon Bhallstát agus san Aontas trí chéile. Sa Tuarascáil, ar foilsíodh an t- eagrán is déanaí di an 24 Iúil 2024, tarraingítear ar éagsúlacht foinsí, lena n- áirítear Scórchlár Ceartais AE ([5]). Táthar tar éis tuilleadh forbartha a dhéanamh freisin ar Scórchlár Ceartais AE 2025 chun an gá le haghaidh faisnéis chomparáideach bhreise a léiriú, mar a aithníodh le linn ullmhú Thuarascáil 2024 maidir leis an Smacht Reachta, chun tacú le Tuarascálacha amach anseo maidir leis an Smacht Reachta.

***Cad é Scórchlár Ceartais AE?***

Is uirlis bhliantúil d'fhaisnéis chomparáideach é Scórchlár Ceartais AE. Is é an cuspóir atá leis cúnamh a thabhairt do na Ballstáit chun feabhas a chur ar éifeachtacht a gcóras ceartais náisiúnta trí bhíthin sonraí oibiachtúla, iontaofa agus inchomparáide a chur ar fáil maidir le roinnt táscairí is ábhartha do mheasúnú ar (i) éifeachtúlacht, (ii) cáilíocht agus (iii) neamhspleáchas na gcóras ceartais i ngach Ballstát. Ní thugtar rangú aonair foriomlán ann. Tugtar forbhreathnú ann ina ionad sin ar an gcaoi a bhfeidhmíonn gach córas ceartais de chuid na mBallstát, ar bhonn táscairí lena mbaineann leas coiteann agus ábharthacht do gach Ballstát.

Ní chuirtear aon chineál córais ceartais chun cinn sa Scórchlár féin, agus caitear le gach Ballstát ar bhonn cothrom.

Is iad na paraiméadair fhíor- riachtanacha de chóras ceartais éifeachtach iad an éifeachtúlacht, an cháilíocht agus an neamhspleáchas, cibé samhail den chóras ceartais náisiúnta atá ann nó den traidisiún dlí ar a bhfuil sé bunaithe. Ba cheart na sonraí i leith na dtrí pharaiméadar sin a léamh in éineacht, óir is minic a bhíonn na trí cinn idirnasctha le chéile (d'fhéadfadh tionscnaimh a bheadh dírithe ar cheann amháin acu difear a dhéanamh do cheann eile).

[4] Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Digitalisation of justice in the European Union: A toolbox of opportunities[Digitiú an cheartais san Aontas Eorpach: Bosca uirlisí de dheiseanna], COM(2020)710, agus SWD(2020)540 a ghabhann leis.

[5] https://commission.europa.eu/publications/2024-rule-law-report-communication-and-country-chapters_ga

Is sa Scórchlár a thugtar táscairí a bhaineann le cásanna sibhialta, tráchtála agus riaracháin den chuid is mó, agus, faoi réir infhaighteacht sonraí, cásanna coiriúla áirithe (i.e. cásanna i dtaca leis an sciúradh airgid agus leis an éilliú sna cúirteanna céadchéime). Is é is aidhm dó cúnamh a thabhairt do na Ballstáit ina n- iarrachtaí chun timpeallacht éifeachtúil atá fabhrach don infheistíocht a chruthú a oibríonn chun leas gnólachtaí agus an phobail araon. Is uirlis chomparáideach é an Scórchlár ar a dtagann athrú le linn idirphlé le Ballstáit agus Parlaimint na hEorpa ([6]). Is é an cuspóir atá leis na paraiméadair fhíor- riachtanacha de chóras ceartais éifeachtach a mheasúnú agus sonraí bliantúla ábhartha a sholáthar.

***Cad í an mhodheolaíocht a úsáidtear i Scórchlár Ceartais AE?***

Úsáidtear réimse foinsí faisnéise sa Scórchlár. Is ón gCoimisiún Eorpach um Éifeachtúlacht an Cheartais de chuid Chomhairle na hEorpa, ar chuir an Coimisiún conradh i gcrích leis chun staidéar bliantúil sonrach a dhéanamh, a sholáthraítear go leor de na sonraí cainníochtúla. Cumhdaítear na blianta 2014-2023 leis na sonraí, agus ba iad na Ballstáit a sholáthair iad i gcomhréir le modheolaíocht CEPEJ. Soláthraítear barúlacha mionsonraithe agus bileoga eolais tír- shonracha sa staidéar freisin lena dtugtar comhthéacs breise. Ba cheart iad a léamh in éineacht leis na figiúirí ([7]).

Taispeántar 'an t- aga diúscartha' sna sonraí maidir le fad na n- imeachtaí a bhailigh CEPEJ – fad measta na n- imeachtaí cúirte (arna ríomh mar an cóimheas idir cásanna ar feitheamh agus cásanna fuascailte i gcaitheamh bliana). Taispeántar sna sonraí maidir le héifeachtúlacht na gcúirteanna agus na n- údarás riaracháin chun dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i limistéir shonracha fad na n- imeachtaí a dhíorthaítear ó fhad iarbhír na gcásanna cúirte. Tabhair faoi deara go bhféadfadh fad na n- imeachtaí cúirte a bheith éagsúil go mór idir réigiúin dhifriúla de Bhallstát; d'fhéadfadh achar sách fada a bheith i gceist le cásanna i lárionaid uirbeacha mar a bhféadfadh líon cásanna níos airde eascairt as comhchruinniú na ngníomhaíochtaí tráchtála.

Is iad seo na foinsí sonraí eile, a chumhdaíonn an tréimhse idir 2014 agus 2024:

- an grúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta ([8]);
- Gréasán Eorpach na gComhairlí um na Breithiúna (GECB) ([9]);
- Líonra Uachtaráin na gCúirteanna Breithiúnacha Uachtaracha den Aontas Eorpach (NPSJC) ([10]);
- Comhlachas Chomhairlí Stáit agus Uas- Dlínsí Riaracháin an Aontais Eorpaigh (ACA- Europe) ([11]);
- Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa (CCBE) ([12]);

[6] E.g. Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Meitheamh 2018 maidir le Scórchlár Ceartais AE 2017 (P8_TA(2018)0216).

[7] https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/policies/justice-and-fundamental-rights/upholding-rule-law/eu-justice-scoreboard_ga

[8] Chun cuidiú le Scórchlár Ceartais AE a ullmhú agus idirmhalartú an dea- chleachtais a chur chun cinn maidir le héifeachtacht na gcóras ceartais, d'iarr an Coimisiún ar Bhallstáit beirt teagmhálaithe a ainmniú, duine amháin ó na breithiúna agus duine eile ón aireacht ceartais. Buaileann an grúpa neamhfhoirmiúil sin le chéile go tráthrialta.

[9] Tugtar le chéile in ENCJ institiúidí náisiúnta na mBallstát atá neamhspleách ar an bhfeidhmeannas agus ar an reachtas, agus atá freagrach as tacaíocht a thabhairt do na breithiúna chun ceartas a sholáthar go neamhspleách: https://www.encj.eu/

[10] Soláthraíonn NSPJC fóram ina dtugtar an deis d'institiúidí Eorpacha tuairimí na gcúirteanna uachtaracha a iarraidh, agus tugann sé níos gaire iad trí spreagadh a thabhairt do chomhphlé agus d'idirmhalartú smaointe: http://network-presidents.eu/

[11] Tá ACA- Europe comhdhéanta de Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus de na Comhairlí Stáit nó de dhlínsí riaracháin Uachtaracha gach Ballstáit den Aontas Eorpach: https://www.aca-europe.eu/index.php/en/

[12] Déanann CCBE ionadaíocht thar ceann bharraí agus chumainn dlí na hEorpa ina gcomhleasanna os comhair institiúidí Eorpacha agus institiúidí idirnáisiúnta eile. Feidhmíonn sé go tráthrialta mar idirchaidreamh idir a chomhaltaí agus na hinstitiúidí Eorpacha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus eagraíochtaí dlí eile ar fud na cruinne: https://www.ccbe.eu/

- an Gréasán Eorpach Iomaíochta (ECN) ([13]);
- Líonra na gComhlachtaí Athbhreithnithe Céadchéime maidir le Soláthar Poiblí ([14]);
- an Coiste Cumarsáide (COCOM) ([15]);
- an Fhaireachlann Eorpach um Sháruithe ar Chearta Maoine Intleachtúla ([16]);
- an Gréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí (CPC) ([17]);
- an Sainghrúpa um Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac (EGMLTF) ([18]);
- Eurostat ([19]);
- na pointí teagmhála náisiúnta sa chomhrac in aghaidh an éillithe ([20]);
- Líonra na nIonchúisitheoirí Poiblí nó institiúidí coibhéiseacha ag Cúirteanna Breithiúnacha Uachtaracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (Líonra NADAL) ([21]); agus
- an Coiste Teagmhála um Institiúidí Iniúchóireachta Uasta([22]).

Le himeacht na mblianta, táthar tar éis modheolaíocht an Scórchláir a fhorbairt agus a mhionchoigeartú i ndlúthchomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta, go háirithe trí úsáid ceistneora (arna nuashonrú ar bhonn bliantúil) agus trí shonraí a bhailiú maidir le gnéithe áirithe d'fheidhmiú na gcóras ceartais.

13 Bunaíodh ECN mar fhóram do chomhphlé agus comhar idir údaráis iomaíochta na hEorpa i gcásanna ina gcuirtear Airteagail 101 agus 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i bhfeidhm. Is é ECN an creat le haghaidh dlúthchomhair dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle. Trí ECN, téann an Coimisiún agus na húdaráis iomaíochta náisiúnta i ngach Ballstát AE i gcomhar a chéile: http://ec.europa.eu/competition/ecn/index_en.html

14 Cuireadh Líonra na gComhlachtaí Athbhreithnithe Céadchéime maidir le Soláthar Poiblí ar bun chun comhar idir comhlachtaí athbhreithnithe céadchéime náisiúnta maidir le soláthar poiblí san Aontas a neartú. Is é an cúram atá ar an ngrúpa comhairle a chur ar an gCoimisiún Eorpach i dtaca le hábhair a bhaineann le cur chun feidhme na dTreoracha maidir le Leigheasanna agus feidhmiú na gcóras náisiúnta um leigheasanna. De thoradh na meastóireachta ar éifeachtacht na dTreoracha maidir le Leigheasanna (COM(2017) 28 an 24 Eanáir 2017), spreagann an Coimisiún Eorpach na comhlachtaí athbhreithnithe céadchéime le dul i gcomhar chun feabhas a chur ar mhalartú faisnéise agus dea- chleachtais.

15 Tá COCOM comhdhéanta d'ionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh. Is é a phríomhról tuairim a thabhairt faoi na dréachtbhearta atá an Coimisiún ag beartú a ghlacadh maidir le fadhbanna sa mhargadh digiteach: https://ec.europa.eu/transparency/comitology-register/screen/committees/C15401/consult?lang=ga

16 Is líonra saineolaithe agus sainpháirtithe leasmhara í an Fhaireachlann Eorpach um Sháruithe ar Chearta Maoine Intleachtúla. Tá sí comhdhéanta d'ionadaithe ón earnáil phoiblí agus phríobháideach, a chomhoibríonn le chéile i meithleacha gníomhacha: https://euipo.europa.eu/ohimportal/en/web/observatory/home

17 Is líonra é CPC d'údaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí an Aontais a fhorfheidhmiú i dtíortha an Aontais Eorpaigh agus LEE: https://commission.europa.eu/live-work-travel-eu/consumer-rights-and-complaints/enforcement-consumer-protection/consumer-protection-cooperation-network_en

18 Buaileann EGMLTF le chéile go tráthrialta chun tuairimí a chomhroinnt, agus chun cabhrú leis an gCoimisiún beartas a shainiú agus reachtaíocht nua frithsciúrtha airgid agus frithmhaoinithe sceimhlitheoireachta a dhréachtú: https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?lang=ga&do=groupDetail.groupDetail&groupID=2914

19 Is í oifig staidrimh an Aontais í Eurostat: https://ec.europa.eu/eurostat/

20 Coinníonn an Coimisiún grúpa neamhfhoirmiúil daoine teagmhála ar bun a bhíonn ag déileáil leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe. Féach freisin https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/policies/justice-and-fundamental-rights/democracy-eu-citizenship-anti-corruption/anti-corruption/eu-network-against-corruption_en?prefLang=ga

21 https://attorneygeneral.mt/activities/nadal-network-conference/

22 Tugann an Coiste Teagmhála cinn institiúidí iniúchóireachta uasta na mBallstát agus Chúirt Iniúchóirí na hEorpa le chéile agus cuireann fóram ar fáil chun comhar i ngníomhachtaí iniúchóireachta agus gníomhaíochtaí gaolmhara a phlé agus a fheabhsú. https://www.eca.europa.eu/sites/cc/ga/pages/about.aspx

Tá feabhas á chur go leanúnach ar infhaighteacht na sonraí, go háirithe le haghaidh táscairí maidir le héifeachtúlacht na gcóras ceartais. Is é an fáth leis sin gur infheistigh roinnt mhaith Ballstát ina n- acmhainneacht chun staidreamh breithiúnach níos fearr a tháirgeadh. I gcás inar ann do dheacrachtaí le sonraí a bhailiú nó a sholáthar ar bhonn seasmhach, is de bharr acmhainneacht staidrimh uireasach é sin nó easpa comhfhreagras beacht idir na catagóirí náisiúnta dá mbailítear sonraí agus na catagóirí a úsáidtear le haghaidh an Scórchláir. Níl ach líon fíorbheag cásanna ann ina dtagann an t- easnamh sonraí ó easpa rannchuidithe ó údaráis náisiúnta. Coinníonn an Coimisiún air ag tabhairt spreagadh do Bhallstáit an t- easnamh sonraí sin a laghdú a thuilleadh.

***Cén chaoi a gcuireann Scórchlár Ceartais AE leis an Seimeastar Eorpach, agus cén chaoi a mbaineann sé leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta?***

Is leis an Scórchlár a sholáthraítear na sonraí chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht, cáilíocht agus neamhspleáchas na gcóras ceartais náisiúnta. Is le déanamh amhlaidh atá sé d'aidhm aige cuidiú le Ballstáit a gcórais cheartais náisiúnta a chur ar bhonn níos éifeachtaí. Trí chomparáid a dhéanamh ar fhaisnéis maidir le córais cheartais na mBallstát, éascaíonn an Scórchlár na dea- chleachtais agus na laigí a shainaithint, agus do rian a choimeád ar na dúshláin agus ar an dul chun cinn atá déanta. I gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, déantar measúnuithe a bhaineann go sonrach le tír trí idirphlé déthaobhach leis na húdaráis náisiúnta agus leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann. I gcás ina bhfuil tábhacht mhaicreacnamaíoch leis na heasnaimh a sainaithníodh, d'fhéadfadh an Coimisiún moladh a dhéanamh de thoradh na hanailíse ar an Seimeastar Eorpach maidir le moltaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith a ghlacadh chun feabhas a chur ar na córais cheartais náisiúnta i mBallstáit aonair ([23]).

Chuir an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) níos mó ná EUR 650 billiún in iasachtaí agus i dtacaíocht airgeadais neamh- inaisíoctha ar fáil, agus ba ghá do gach Ballstát íosmhéid 20 % de sin a leithdháileadh ar an aistriú digiteach agus íosmhéid 37 % de sin a leithdháileadh ar bhearta a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide. Go dtí seo, tá na spriocanna sin sáraithe ag na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a mhol na Ballstáit, óir meastar 26 % de chaiteachas digiteach agus thart ar 42 % de chaiteachas aeráide a bheith ann. Tairgeann an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta deis chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith a bhaineann le córais cheartais náisiúnta agus chun dlús a chur faoi iarrachtaí náisiúnta chun aistriú digiteach na gcóras ceartais a chur i gcrích. Maidir le híocaíochtaí leis na Ballstáit faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneacha atá bunaithe ar fheidhmíocht, tá siad ag brath ar chomhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna. Moladh thart ar 7 100 garsprioc agus sprioc, agus baineann thart ar dhá thrian díobh le hinfheistíochtaí agus baineann aon trian díobh le hathchóirithe. Faoi Rialachán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, sula nglacfaí iad, bhí ar an gCoimisiún a mheas an bhféadfadh pleananna téarnaimh agus athléimneachta (PTA) na mBallstát rannchuidiú le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile nó ar líon mór dúshlán arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha nó sna dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid eile de chuid an Choimisiúin arna nglacadh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh ([24]). Tar éis íocaíochtaí réamh- mhaoinithe chomh maith le hiarrataí ar íocaíocht ó na Ballstáit agus measúnuithe dearfacha ón gCoimisiún ar chomhlíonadh sásúil na

[23] I gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, sheol an Chomhairle, ar bhonn thogra an Choimisiúin, moltaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith maidir lena gcórais cheartais chuig seacht mBallstát in 2019 (HR, IT, CY, HU, MT, PT agus SK) agus chuig ocht mBallstát in 2020 (HR, IT, CY, HU, MT, PL, PT agus SK). Ní raibh aon mholadh a bhain go sonrach le tír faoi leith in 2021 i ngeall ar na próisis leanúnacha a bhain leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Bhí dhá Bhallstát ann (PL agus HU) dá ndearnadh moltaí tírshonracha in 2022 maidir le neamhspleáchas breithiúnach. Rinneadh moladh tírshonrach do Bhallstát amháin in 2024 a bhain le héifeachtacht, neamhspleáchas agus sláine an chórais bhreithiúnaigh agus frith- éillithe (SK).

[24] Airteagal 19(3)(b) agus Airteagal 24(3) agus (5) de Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

ngarspriocanna agus na spriocanna ([25]) faoi seach, eisíocadh EUR 308,04 billiún san iomlán i ndeontais agus iasachtaí STA leis na Ballstáit go dtí mí na Bealtaine 2025. Sa tréimhse chéanna, tá measúnú fós le déanamh ag an gCoimisiún ar chomhlíonadh 71 % de na garspriocanna agus na spriocanna.

***Cén fáth a bhfuil córais cheartais éifeachtacha tábhachtach do thimpeallacht ghnó atá fabhrach d'infheistíocht?***

Bíonn tionchar eacnamaíoch dearfach ag córais cheartais éifeachtacha a sheasann leis an smacht reachta. Áirithítear leis an urraim don smacht reachta timpeallacht ghnó ina gcuirtear dlíthe i bhfeidhm go héifeachtach agus go haonfhoirmeach, inar féidir le gnólachtaí oibriú i mBallstát eile ar bhonn cothrom le cuideachtaí áitiúla. Tá an smacht reachta lárnach d'fheidhmiú an mhargaidh aonair agus chun timpeallacht oibriúcháin chobhsaí a choinneáil ar bun a thugann buntáiste iomaíoch domhanda don Aontas agus dá Bhallstáit ([26]). Bíonn córais cheartais éifeachtacha ábhartha go háirithe freisin i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. I gcás ina ráthaíonn córais bhreithiúnacha forfheidhmiú na gceart, is mó an seans go dtabharfaidh creidiúnaithe iasachtaí, laghdaítear costais idirbheart agus is mó an seans go n- infheisteoidh gnólachtaí, go mbeidh muinín níos mó acu agus go ndíspreagfar iad ó iompar faille. Go deimhin, tá córas ceartais éifeachtach fíor- riachtanach d'fhás eacnamaíoch inbhuanaithe. Tá sé in ann feabhas a chur ar chúinsí gnó, an nuálaíocht a chothú, infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh, ioncaim chánach a fháil agus tacú le fás eacnamaíoch. Deimhnítear na tairbhí atá ag baint le córais cheartais náisiúnta a fheidhmíonn go maith le raon leathan staidéar ([27]), lena n- áirítear staidéir ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) ([28]), ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE)

---

25 Tá Scórchlár Ceartais AE ar cheann de na foinsí faisnéise a chuireann leis an Seimeastar Eorpach. Ní dhéanann an fhaisnéis sin réamhbhreith ar mheasúnuithe an Choimisiúin ar chomhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

26 Compás Iomaíochais don Aontas, COM(2025) 30 final, lch. 19, Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas, COM(2025) 26 final, lch. 3.

27 'Justice and finance: Does judicial efficiency contribute to financial system efficiency?' (2024) Muhammad Atif Khan, Muhammad Asif Khan, Mohammed Arshad Khan, Shahid Hussain, Veronika Fenyves: https://www.sciencedirect.com/science/article/pii/S2214845023001709 ; Chemin, M., 2020. '*Judicial efficiency and firm productivity: Evidence from a world database of judicial reforms*', The Review of Economics and Statistics 102(1): lgh. 49-64, https://direct.mit.edu/rest/article/102/1/49/58536/Judicial-Efficiency-and-Firm-Productivity-Evidence; Kapopoulos, P. agus Rizos, A., 2024. '*Judicial efficiency and economic growth: Evidence based on European Union data*', Scottish Journal of Political Economy 71(1): lgh. 101-131, https://onlinelibrary.wiley.com/doi/10.1111/sjpe.12357?msockid=1a8244b340af65701f02511641c36474

28 CAI, An Réamhaisnéis Eacnamaíoch Réigiúnach, Mí na Samhna 2017, *Europe: Europe Hitting its Stride,* lch. xviii, lgh. 40, 70: https://www.imf.org/~/media/Files/Publications/REO/EUR/2017/November/eur-booked-print.ashx?la=en

([29]), ó Ghréasán Eorpach na gComhairlí um na Breithiúna ([30]), ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) ([31]), ón bhFóram Eacnamaíoch Domhanda ([32]), agus ón mBanc Domhanda ([33]).

Fuarthas i staidéar amháin go bhfuil comhghaol láidir idir laghdú ar fhad imeachtaí cúirte (arna dtomhas in aga diúscartha ([34]) agus ráta fáis na gcuideachtaí ([35]). Ina theannta sin, de réir an staidéir, tá comhghaol idir céatadán níos airde de chuideachtaí a mheasann gur córas neamhspleách é an córas ceartais agus láimhdeachas níos airde gnólachtaí agus méadú táirgiúlachta níos mó ([36]).

Cuireadh i dtábhacht le suirbhéanna eile an tábhacht atá le córas ceartais náisiúnta éifeachtach le haghaidh cinntí infheistíochta cuideachtaí agus le haghaidh a gcumais coinbhleachtaí maidir le cearta maoine intleachtúla a réiteach. Mar shampla, d'fhreagair 93 % de chuideachtaí móra i suirbhé amháin go ndéanann siad athbhreithniú córasach agus leanúnach ar na coinníollacha maidir leis an smacht reachta (lena n- áirítear neamhspleáchas breithiúnach) sna tíortha ina ndéanann siad infheistíocht ([37]). I suirbhé eile, d'fhreagair os cionn leath na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBM) gurb iad costais arda agus imeachtaí breithiúnacha fada na príomhchúiseanna nár cuireadh tús le himeachtaí cúirte mar gheall ar shárú ar chearta maoine intleachtúla ([38]). I dteachtaireacht an Choimisiúin maidir le *Bacainní ar an margadh aonair a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu* ([39]) agus *Plean gníomhaíochta um fhorfheidhmiú an mhargaidh aonair* ([40]), cuirtear i dtábhacht freisin an tábhacht atá le córais cheartais éifeachtacha d'fheidhmiú an mhargaidh aonair, go háirithe do ghnólachtaí.

---

[29] BCE, 'Structural policies in the euro area', Mí an Mheithimh 2018, Páipéar ócáideach le ECB, Sraith Uimh. 210: https://www.ecb.europa.eu/pub/pdf/scpops/ecb.op210.en.pdf?3db9355b1d1599799aa0e475e5624651

[30] Gréasán Eorpach na gComhairlí um na Breithiúna agus Lárionad Montaigne um an Smacht Reachta agus Riaradh an Cheartais de chuid Ollscoil Utrecht, 'Economic value of the judiciary – A pilot study for five countries on volume, value and duration of large commercial cases', Mí an Mheithimh 2021: https://pgwrk-websitemedia.s3.eu-west-1.amazonaws.com/production/pwk-web-encj2017-p/Reports/Economic%20value%20of%20te%20judiciary%20-%20pilot%20study.pdf

[31] Féach e.g. 'What makes civil justice effective?' [Céard a dhéanann an ceartas sibhialta éifeachtach?] Nótaí Beartais Rannán Eacnamaíochta ECFE, Uimh. 18, Mí an Mheithimh 2013 agus 'The Economics of Civil Justice: New Cross-Country Data and Empirics', [Eacnamaíochta an Cheartais Shibhialta: Sonraí Nua Trastíre] Páipéir Oibre Rannán Eacnamaíochta ECFE, Uimh. 1060, Mí Lúnasa 2013.

[32] An Fóram Eacnamaíoch Domhanda, 'The Global Competitiveness Report 2019', Mí Dheireadh Fómhair 2019: https://www.weforum.org/reports/global-competitiveness-report-2019.

[33] An Banc Domhanda, 'World Development Report 2017: Governance and the Law, Caibidil 3: The role of law', lgh. 83, 140: http://www.worldbank.org/en/publication/wdr2017

[34] Is éard atá san 'aga diúscartha' an líon cásanna gan réiteach arna roinnt ar an líon cásanna réitithe ag deireadh bliana arna iolrú faoi 365 (lá). Is táscaire caighdeánach é arna fhorbairt ag Coimisiún Eorpach um Éifeachtúlacht an Cheartais de chuid Chomhairle na hEorpa (CEPEJ): http://www.coe.int/t/dghl/cooperation/cepej/evaluation/default_en.asp

[35] Vincenzo Bove agus Leandro Elia, 'The judicial system and economic development across EU Member States', JRC Technical Report, EUR 28440 EN, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2017: http://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/bitstream/JRC104594/jrc104594__2017_the_judicial_system_and_economic_development_across_eu_member_states.pdf

[36] *Idem.*

[37] The Economist Intelligence Unit, 'Risk and Return – Foreign Direct Investment and the Rule of Law', 2015 http://www.biicl.org/documents/625_d4_fdi_main_report.pdf, lch. 22.

[38] Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), Scórchlár FBM maidir le Maoin Intleachtúil (MI), 2016: https://euipo.europa.eu/tunnel-web/secure/webdav/guest/document_library/observatory/documents/sme_scoreboard_study_2016/Executive-summary_en.pdf

[39] COM(2020)93 agus SWD(2020)54.

[40] Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions *Long term action plan for better implementation and enforcement of single market rules*, [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an

***Conas a thacaíonn an Coimisiún le cur chun feidhme na n- athchóirithe ceartais fónta trí thacaíocht theicniúil?***

Is féidir leis na Ballstáit tarraingt ar thacaíocht theicniúil an Choimisiúin atá ar fáil tríd an Tascfhórsa um Athchóiriú agus Infheistíocht (SG REFORM) faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil ([41]). Is é is aidhm don Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil tacaíocht theicniúil a sholáthar do na Ballstáit iarrthacha chun a n- inniúlacht institiúideach agus riaracháin a neartú ar mhaithe le hathchóirithe a dhearadh agus a chur chun feidhme. Ó 2021 go 2025, cistíodh 36 thionscadal leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, lenar áiríodh 43 athchóiriú, chun tacú le 20 Ballstát a gcuid athchóirithe ceartais a chur chun feidhme. Leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil freisin, táthar ag tacú le tionscadail arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar cháilíocht agus ar éifeachtacht an cheartais, amhail an teicneolaíocht a ghiaráil chun sreafaí oibre cásanna a bhainistiú níos fearr agus cur chuige sonraíbhunaithe a ghlacadh chun an líon cásanna agus acmhainní a leithdháileadh, rochtain ar cheartas a éascú do ghrúpaí leochaileacha, agus acmhainneachtaí na n- údarás ionchúisimh a fheabhsú chun cásanna éillithe ardphróifíle agus trasteorann a chur chun dlí go héifeachtach. Le glao ar thograí 2025 mar chuid den Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, soláthraíodh an t- ardán do Bhallstáit chun iarratas a dhéanamh ar thacaíocht maidir le hathchóirithe digiteála amhail úsáid a bhaint as an teicneolaíocht chun aghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin dlíthíochta agus gnáthchúraimí a uathoibriú chun iarracht láimhe agus earráidí a laghdú, ionas gur féidir le breithiúna agus le foireann riaracháin díriú ar na cúraimí is déine. Tá an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil ina comhlánú freisin ar ionstraimí eile, is é sin an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ó tharla gur féidir léi tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta (PTAnna) a chur chun feidhme. Áirítear leis na PTAnna gníomhaíochtaí maidir le feabhas a chur ar éifeachtacht an cheartais, is é sin trí dhigiteáil, laghdú a dhéanamh ar riaráistí, feabhas a chur ar bhainistíocht na gcúirteanna agus na gcásanna, agus athchóiriú na léarscáile breithiúnaí.

***Conas a thacaíonn an clár ceartais le héifeachtacht na gcóras ceartais?***

Le buiséad iomlán timpeall EUR 305 mhilliún do 2021-2027, tacaíonn an clár ceartais le forbairt bhreise an Limistéir Eorpaigh Ceartais bunaithe ar an smacht reachta, lena n- áirítear neamhspleáchas, cáilíocht agus éifeachtúlacht an chórais ceartais, bunaithe ar aitheantas frithpháirteach agus iontaoibh fhrithpháirteach, agus ar chomhar breithiúnach. In 2024, soláthraíodh thart ar EUR 41,2 milliún chun tionscadail agus gníomhaíochtaí eile a chistiú faoi 3 chuspóir shonracha an chláir:

- Soláthraíodh EUR 11,1 milliún chun an comhar breithiúnach a chur chun cinn in ábhair shibhialta agus choiriúla; rannchuidiú le cur i bhfeidhm agus le forfheidhmiú éifeachtach agus comhleanúnach ionstraimí an Aontais Eorpaigh; agus tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit de bharr an naisc atá acu leis an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla - Náisiúnaigh Tríú Tír (ECRIS-TCN);
- soláthraíodh EUR 15,9 milliún chun oiliúint a chur ar dhlíodóirí maidir leis an dlí sibhialta agus coiriúil agus an dlí maidir le cearta bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus maidir le córais dlí na mBallstát agus an smacht reachta;

gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Plean gníomhaíochta fadtéarmach le haghaidh cur chun feidhme agus forfheidhmiú níos fearr rialacha an mhargaidh aonair], COM(2020)94, go háirithe bearta 4, 6 agus 18.

[41] https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/programmes/tsi
Glacadh an rialachán don Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil i mí an Mhárta 2021. De réir Airteagal 5 de, is é is aidhm leis '…athchóiriú institiúideach agus feidhmiú éifeachtúil atá dírithe ar sheirbhís den riarachán poiblí agus de ríomhsheirbhísí an rialtais, simpliú a dhéanamh ar rialacha agus nósanna imeachta, iniúchóireacht, feabhas a chur ar acmhainn chun cistí an Aontais a ionsú, comhar riaracháin a chur chun cinn, **smacht reachta éifeachtach, athchóiriú na gcóras ceartais**, fothú acmhainneachta maidir le húdaráis iomaíochta agus údaráis in aghaidh trustaí, maoirseacht airgeadais a neartú, agus an comhrac i gcoinne na calaoise, an éillithe agus an sciúrtha airgid a atreisiú' (béim curtha leis).

- soláthraíodh EUR 14,2 milliún chun an rochtain ar cheartas a chur chun cinn (lena n- áirítear ríomhsheirbhísí dlí); cearta íospartach agus cearta daoine a bhfuil drochamhras fúthu nó a bhfuil coireacht curtha ina leith a chosaint; agus tacú le forbairt agus úsáid uirlisí digiteacha agus le cothabháil agus síneadh na Tairsí Eorpaí don r- Cheartas (i gcomhpháirt leis an gclár don Eoraip Dhigiteach).

***Cén fáth a ndéanann an Coimisiún faireachán ar dhigitiú na gcóras ceartais náisiúnta?***

Is rud lárnach é digitiú an cheartais chun éifeachtacht na gcóras ceartais a mhéadú agus is uirlis fíor- éifeachtúil é chun rochtain ar an gceartas a éascú agus cáilíocht an cheartais a fheabhsú. Feabhsaítear an comhar breithiúnach le huirlisí digiteacha freisin. Tar éis phaindéim COVID- 19, chuir na Ballstáit dlús le hathchóirithe i gcomhair nuachóiriú sa réimse seo. Is amhlaidh is mó úsáid atáthar a bhaint as IS i réimse an cheartais freisin[42].

Ó bhí 2013 ann, d'áirigh Scórchlár Ceartais AE faisnéis chomparáideach maidir le digitiú an cheartais ó Bhallstát go chéile, mar shampla sna réimsí a bhaineann le rochtain ar líne ar bhreithiúnais nó éilimh ar líne a chur isteach agus bearta leantacha.

Le Rialachán (AE) 2023/2844 maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh trasteorann in ábhair shibhialta, thráchtála agus choiriúla ([43]) tugtar teidlíocht do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha cumarsáid leictreonach a dhéanamh leis na húdaráis bhreithiúnacha inniúla i gcomhthéacs imeachtaí trasteorann, chomh maith le táillí cúirte a íoc go leictreonach. Cruthaítear bunús dlí leis an Rialachán freisin maidir le físchomhdháil a dhéanamh in ábhair shibhialta, thráchtála agus choiriúla thrasteorann. Tá cainéal cumarsáide digiteach a bheidh le húsáid chun sonraí a mhalartú idir na húdaráis bhreithiúnacha inniúla á chur ar bun freisin. Sa chomhthéacs sin, déanann an Scórchlár Ceartais faireachán ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit i gcur chun feidhme an Rialacháin agus úsáid na físchomhdhála.

Cuirfear na sonraí ó Scórchlár Ceartais AE 2025 isteach sa straitéis atá le teacht maidir le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha freisin, chun córais ceartais shibhialta agus choiriúil an Aontais a dhéanamh níos éifeachtúla, níos athléimní agus níos sláine[44].

[42] Is féidir le IS rannchuidiú le córas ceartais níos éifeachtúla trí chuidiú le breithiúna agus gairmithe ceartais díriú isteach ar an obair shubstainteach atá acu. Mar shampla, baineadh úsáid as IS chun cásanna a leanúint, doiciméid a chomhdú nó cúraimí atriallacha a láimhseáil, chomh maith le taighde a dhéanamh ar reachtaíocht agus ar chásdlí.

[43] Rialachán (AE) 2023/2844 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 maidir le digitiú an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh, PE/50/2023/REV/1, IO L, 2023/2844, 27.12.2023.

[44] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/14517-Straiteis-um-Cheartas-Digiteach-le-haghaidh-2025-2030_ga

## 2. PRÍOMHTHORTHAÍ Ó SCÓRCHLÁR CEARTAIS AE 2025

Is iad éifeachtúlacht, cáilíocht agus neamhspleáchas na príomh–pharaiméadair i gcóras ceartais éifeachtach. Cuireann an Scórchlár táscairí i láthair do gach ceann de na paraiméadair sin.

### 2.1. Éifeachtúlacht na gcóras ceartais

Cuirtear táscairí i láthair sa Scórchlár maidir le héifeachtúlacht na n- imeachtaí i réimsí leathana mar chásanna sibhialta, tráchtála agus riaracháin agus i réimsí sonracha i gcás ina gcuireann údaráis agus cúirteanna riaracháin dlí an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm ([45]).

### 2.1.1. Forbairtí maidir leis an líon cásanna

Tháinig laghdú ar líon cásanna na gcóras ceartais náisiúnta i gcúig Bhallstát, agus ba mhór an laghdú sin in dhá cheann díobh i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Tháinig méadú air nó d'fhan sé cobhsaí in 20 Ballstát. Go foriomlán, tá éagsúlacht mhór i gcónaí idir na Ballstáit (Fíor 1).

**Fíor .: An líon cásanna <u>sibhialta, tráchtála, riaracháin agus cásanna eile isteach in 2014, 2021 – 2023</u>** (*) *(ag céadchéim/in aghaidh 100 áitritheoir) (foinse: staidéar CEPEJ ([46]))*




*(*) Faoi mhodheolaíocht CEPEJ, áirítear leis an gcatagóir seo gach cás dlíthíoch agus neamhdhlíthíoch sibhialta agus tráchtála, gach cás neamhdhlíthíoch talún agus gnó ón gclárlann, cásanna eile ón gclárlann, cásanna neamhdhlíthíocha eile, cásanna dlí riaracháin agus cásanna neamhchoiriúla eile.*

[45] Tá forfheidhmiú cinntí cúirte tábhachtach freisin d'éifeachtúlacht córais ceartais. Níl sonraí inchomparáide le fáil go héasca, áfach. Cuirtear tuilleadh mionsonraí maidir le cás na mBallstát aonair i láthair i staidéar 2024 maidir le feidhmiú na gcóras breithiúnach i mBallstáit an Aontais Eorpaigh – próifílí tíre, a rinne Rúnaíocht CEPEJ don Choimisiún: https://ec.europa.eu/info/strategy/justice-and-fundamental-rights/effective-justice/eu-justice-scoreboard_en.

[46] Staidéar 2024 maidir le feidhmiú na gcóras ceartais i mBallstáit an Aontais, a rinne Rúnaíocht CEPEJ don Choimisiún: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/policies/justice-and-fundamental-rights/upholding-rule-law/eu-justice-scoreboard_ga#documents

**Fíor .: An líon <u>cásanna dlíthíocha sibhialta agus tráchtála isteach in 2014, 2021 – 2023</u> (*)** *(ag céadchéim/in aghaidh 100 áitritheoir) (foinse: staidéar CEPEJ)*




*(*) Faoi mhodheolaíocht CEPEJ, baineann cásanna dlíthíocha sibhialta/tráchtála le díospóidí idir páirtithe, e.g. díospóidí maidir le conarthaí. Baineann cásanna neamhdhlíthíocha sibhialta/tráchtála le himeachtaí nár conspóideadh, e.g. orduithe íocaíochta nár conspóideadh.*

**Fíor .: An líon <u>cásanna riaracháin isteach in 2014, 2021 – 2023</u> (*)** *(ag céadchéim/in aghaidh 100 áitritheoir) (foinse: staidéar CEPEJ)*




*(*) Faoi mhodheolaíocht CEPEJ, baineann cásanna dlí an riaracháin le díospóidí idir daoine aonair agus údaráis áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta.* ***Ní dhéanann DK*** *ná* ***IE*** *taifead ar chásanna riaracháin ar leithligh. Athruithe modheolaíochta in* ***EL***, ***SK*** *agus* ***SE****.*

### 2.1.2. Sonraí ginearálta maidir le héifeachtúlacht

Is iad seo a leanas na táscairí maidir le héifeachtúlacht imeachtaí sna réimsí leathana maidir le cásanna sibhialta, tráchtála agus riaracháin: (i) an t- achar measta a théann imeachtaí (aga diúscartha), (ii) an ráta imréitigh, agus (iii) an líon cásanna ar feitheamh.

*– An t- achar measta a théann imeachtaí –*

Léirítear leis an achar measta a théann imeachtaí an t- am measta (i laethanta) is gá chun cás a réiteach sa chúirt, rud a chiallaíonn an t- aga iarbhír a ghlacann an chúirt chun teacht ar chinneadh ag céadchéim. Léiríonn 'aga diúscartha' an íostréimhse ama mheasta a theastódh ó chúirt chun cás a réiteach agus a dálaí oibre reatha a choinneáil ar bun an tráth céanna. Ríomhtar an táscaire sin mar an líon cásanna gan réiteach arna roinnt ar an líon cásanna réitithe ag deireadh bliana arna iolrú faoi 365 (lá) ([47]). Dá airde an luach, is amhail is airde an dóchúlacht go dtógfaidh sé níos faide ar an gcúirt teacht ar chinneadh. Baineann na sonraí den chuid is mó le himeachtaí sna cúirteanna céadchéime agus déantar comparáid iontu, i gcás ina bhfuil fáil orthu, ar shonraí le haghaidh 2014, 2021, 2022 agus 2023 ([48]). Léirítear i bhFíor 6 an t- am diúscartha in 2023 i gcásanna dlíthíocha sibhialta agus tráchtála ag gach cás cúirte, agus i bhFíor 8 i gcásanna riaracháin ag gach cás cúirte.

**Fíor .: An t- am measta is gá chun <u>cásanna sibhialta, tráchtála, riaracháin agus cásanna eile a réiteach in 2014, 2021 – 2023</u>** (*) *(ag céadchéim/i laethanta) (foinse: staidéar CEPEJ)*




*(*) Faoi mhodheolaíocht CEPEJ, áirítear leis an gcatagóir seo gach cás dlíthíoch agus neamhdhlíthíoch sibhialta agus tráchtála, cásanna neamhdhlíthíocha talún agus gnó ón gclárlann, cásanna eile ón gclárlann, cásanna neamhdhlíthíocha eile, cásanna dlí riaracháin agus cásanna neamhchoiriúla eile. Athruithe modheolaíochta in **SK**. Áirítear leis na cásanna ar feitheamh gach céim in **CZ** agus, go dtí 2016, in **SK**. I gcás **LV**, tharla an laghdú géar i ngeall ar an athchóiriú ar an gcóras cúirte, ar sheiceálacha earráidí agus ar ghlantacháin sonraí ar an gcóras faisnéise. In **PT**, Cód nua an Nós Imeachta Shibhialta lena gcruthaítear córas forfheidhmiúcháin nua, tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2013. Tá sé bunaithe ar pharaidím nua, lena sonraítear nach mór imeachtaí cúirte a*

[47] An t- achar a théann imeachtaí, an ráta imréitigh agus an líon cásanna ar feitheamh, ar gnáth- tháscairí iad arna sainmhíniú ag CEPEJ: http://www.coe.int/t/dghl/cooperation/cepej/evaluation/default_en.asp.

[48] Roghnaíodh na blianta chun an pheirspictíocht 9 mbliana a choimeád le 2014 mar bhonnlíne, agus iarracht á déanamh an tráth céanna gan na figiúirí a phlódú rómhór. Tá sonraí le haghaidh 2010, 2012, 2013, 2015, 2016, 2017, 2018, 2019 agus 2020 ar fáil i dtuarascáil CEPEJ.

*idirdhealú go soiléir ó imeachtaí lasmuigh den chúirt. Go dtí seo, áfach, níorbh fhéidir bailiú na sonraí a choigeartú dá réir sin agus na sonraí is gá a sholáthar le haghaidh na Fíorach seo.*

**Fíor .: An t- am measta is gá chun <u>cásanna dlíthíocha sibhialta agus tráchtála a réiteach ag an gcéadchéim in 2014, 2021 – 2023</u>** (*) *(ag céadchéim/i laethanta) (foinse: staidéar CEPEJ)*




*(*) Faoi mhodheolaíocht CEPEJ, baineann cásanna dlíthíocha sibhialta/tráchtála le díospóidí idir páirtithe, e.g. díospóidí maidir le conarthaí. Baineann cásanna neamhdhlíthíocha sibhialta/tráchtála le himeachtaí nár conspóideadh, e.g. orduithe íocaíochta nár conspóideadh.. Athruithe modheolaíochta in **EL** agus **SK**. Áirítear leis na cásanna ar feitheamh gach céim in **CZ** agus, suas go dtí 2016, in **SK**. I gcás **IT**, d'fhág an mhoill shealadach ar ghníomhaíocht bhreithiúnach i ngeall ar na bearta sriantacha diana a tugadh isteach chun aghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID- 19 go ndearnadh difear don aga diúscartha. Áirítear cásanna neamhdhlíthíocha leis na sonraí le haghaidh **NL**.*

**Fíor .: An t- am measta is gá chun <u>cásanna dlíthíocha sibhialta agus tráchtála a réiteach ag gach céim chúirte in 2023</u>** (*) *(1ú, 2ú agus 3ú céim/i laethanta) (foinse: staidéar CEPEJ)*




*(*) Cinntear ord na mBallstát san fhíor leis an gcéim chúirte leis na himeachtaí is faide i ngach Ballstát. Níl aon sonra ar fáil le haghaidh na gcúirteanna céadchéime agus dara céim in **CY, NL** agus **IE**, i gcás na gcúirteanna dara céim in **HR** agus **ES** agus i gcás na gcúirteanna tríú céim in **EL** agus **SK**. Níl aon chúirt tríú céim in **DE** agus **MT**. D'fhéadfadh an rochtain ar chúirt tríú céim a bheith teoranta i roinnt Ballstát.*

**Fíor .: An t- am measta is gá chun <u>cásanna riaracháin a réiteach ag céadchéim in 2014, 2021 – 2023</u>** (*) *(ag céadchéim/i laethanta) (foinse: staidéar CEPEJ)*




*(*) Faoi mhodheolaíocht CEPEJ, baineann cásanna dlí an riaracháin le díospóidí idir daoine aonair agus údaráis áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta. Athruithe modheolaíochta in **EL** agus **SK**. I measc na gcásanna ar feitheamh tá cúirteanna gach céime in **CZ** agus, go dtí 2016, in **SK**. In **DK** agus **IE** ní thaifeadtar cásanna riaracháin ar leithligh.*

**Fíor .: An t- am measta is gá chun <u>cásanna riaracháin</u> a réiteach <u>ag gach céim chúirte in 2023</u>** (*) *(ag céadchéim agus, i gcás inarb infheidhme, ag dara agus tríú céim/i laethanta) (foinse: staidéar CEPEJ)*




*(*) Laghdaíodh luachanna le haghaidh roinnt Ballstát ar mhaithe le cur i láthair (**CY** sa dara céim = 5,429). Cinntear ord na mBallstát san fhíor leis an gcéim chúirte leis na himeachtaí is faide i ngach Ballstát. Níl aon sonra ar fáil le haghaidh cúirteanna dara céim in **BE**, **CZ**, **HU**, **MT**, **AT**, **PL, RO**, **SI**, **SK** agus **FI**, le haghaidh cúirteanna tríú céim in **LT**, **LU** agus **MT**. Is í an chúirt uachtarach, nó cúirt eile is airde, an t- aon chéim achomhairc in **CZ**, **IT**, **AT**, **SI** agus **FI**. Níl aon chúirt tríú céim le haghaidh na gcineálacha seo cásanna in **LT**, **LU** agus **MT**. Is í an Chúirt Riaracháin is airde an chéad chéim agus an t- aon chéim amháin le haghaidh cásanna áirithe in **BE**. D'fhéadfadh an rochtain ar chúirteanna tríú céim a bheith teoranta i roinnt Ballstát. **Ní dhéanann DK** ná **IE** taifead ar chásanna riaracháin ar leithligh. In **CY**, rinneadh athchóiriú nach beag ar eagrú an chórais ceartais i mí Iúil 2023, lena n- áirítear Cúirt Achomhairc agus tríú céim a bhunú.*

*– Ráta imréitigh –*

Is é an ráta imréitigh an cóimheas cásanna réitithe le cásanna isteach. Tomhaistear leis an ráta an bhfuil cúirt ag coimeád suas lena líon cásanna isteach nó nach bhfuil. Nuair a bhíonn an ráta imréitigh ag thart ar 100 % nó níos airde, ciallaíonn sé sin go bhfuil an córas breithiúnach sin in ann ar a laghad an oiread cásanna a thagann isteach a réiteach. Nuair a bhíonn an ráta imréitigh faoi bhun 100 %, ciallaíonn sé sin go bhfuil níos lú cásanna ná an líon cásanna atá ag teacht isteach á réiteach ag na cúirteanna.

**Fíor .: An ráta maidir le <u>cásanna sibhialta, tráchtála, riaracháin agus cásanna eile a réiteach in 2014, 2021 – 2023</u>** (*) *(ag céadchéim/in % — cuireann luach níos airde ná 100 % in iúl go bhfuil níos mó cásanna réitithe ná an líon cásanna a thagann isteach agus cuireann luach níos lú ná 100 % in iúl go bhfuil níos lú cásanna réitithe ná mar a thagann isteach) (foinse: staidéar CEPEJ)*




*(*) Faoi mhodheolaíocht CEPEJ, áirítear leis an gcatagóir seo gach cás dlíthíoch agus neamhdhlíthíoch sibhialta agus tráchtála, gach cás neamhdhlíthíoch talún agus gnó ón gclárlann, cásanna eile ón gclárlann, cásanna neamhdhlíthíocha eile, cásanna dlí riaracháin agus cásanna neamhchoiriúla eile. Athruithe modheolaíochta in **SK**. In **IE,** tá coinne leis go ndéanfar tearcthuairisciú ar an líon cásanna réitithe i ngeall ar an modheolaíocht.*

**Fíor .: An ráta maidir le <u>cásanna dlíthíocha sibhialta agus tráchtála a réiteach in 2014, 2021 – 2023</u>** (*) *(ag céadchéim/in % (foinse: staidéar CEPEJ)*




*(*) Athruithe modheolaíochta in **EL** agus **SK**. In **IE,** tá coinne leis go ndéanfar tearcthuairisciú ar an líon cásanna réitithe i ngeall ar an modheolaíocht. Áirítear cásanna neamhdhlíthíocha leis na sonraí le haghaidh **NL**.*

**Fíor .: An ráta maidir le <u>cásanna riaracháin a réiteach in 2014, 2021 – 2023</u>** (*) *(ag céadchéim/in %) (foinse: staidéar CEPEJ)*




*(*)Athruithe modheolaíochta in **EL** agus **SK**. Ní dhéanann **DK** ná **IE** taifead ar chásanna riaracháin ar leithligh.In **CY**, tháinig méadú ar an líon cásanna réitithe mar gheall gur trialladh cásanna le chéile, tarraingíodh 2 724 chás comhdhlúite siar agus bunaíodh cúirt riaracháin in 2015.*

*– Cásanna ar feitheamh –*

Léirítear leis an líon cásanna ar feitheamh an líon cásanna nach mór a láimhseáil go fóill ag deireadh na bliana i gceist. Déanann sé difear freisin don aga diúscartha.

**Fíor .: An líon <u>cásanna sibhialta, tráchtála, riaracháin agus cásanna eile ar feitheamh in 2014, 2021 – 2023</u>** (*) *(ag céadchéim/in aghaidh 100 áitritheoir) (foinse: staidéar CEPEJ)*




*(*) Faoi mhodheolaíocht CEPEJ, áirítear leis an gcatagóir seo gach cás dlíthíoch agus neamhdhlíthíoch sibhialta agus tráchtála, gach cás neamhdhlíthíoch talún agus gnó ón gclárlann, cásanna eile ón gclárlann, cásanna neamhdhlíthíocha eile, cásanna dlí riaracháin agus cásanna neamhchoiriúla eile. Athruithe modheolaíochta in* ***SK****. Áirítear leis na cásanna ar feitheamh atá os comhair na gcúirteanna céime uile in* ***CZ*** *agus, go dtí 2016, in* ***SK****.*

**Fíor .: An líon <u>cásanna dlíthíocha sibhialta agus tráchtála ar feitheamh in 2014, 2021 – 2023</u>** (*) *(ag céadchéim/in aghaidh 100 áitritheoir) (foinse: staidéar CEPEJ)*




*(*) Athruithe modheolaíochta in* ***EL*** *agus* ***SK****. Áirítear leis na cásanna ar feitheamh cásanna atá os comhair na gcúirteanna céime uile in* ***CZ*** *agus, go dtí 2016, in* ***SK****. Áirítear cásanna neamh- dhlíthíocha leis na sonraí le haghaidh* ***NL****.*

**Fíor .: An líon <u>cásanna riaracháin ar feitheamh in 2014, 2021 – 2023</u>** (*) *(ag céadchéim/in aghaidh 100 áitritheoir) (foinse: staidéar CEPEJ)*




*(*) Athruithe modheolaíochta in **EL** agus **SK**. I measc na gcásanna ar feitheamh atá os comhair na gcúirteanna céime uile in **CZ** agus, go dtí 2016, in **SK**. Ní dhéanann **DK** ná **IE** taifead ar chásanna riaracháin ar leithligh.*

### 2.1.3. Éifeachtúlacht i réimsí sonracha de dhlí an Aontais

Comhlánaíonn na sonraí sa roinn seo na sonraí ginearálta maidir le héifeachtúlacht na gcóras ceartais. Léirítear leo an t- achar ar an meán a théann imeachtaí ([49]) i réimsí sonracha de dhlí an Aontais. Tógann Scórchlár 2025 ar shonraí roimhe seo maidir le hiomaíocht, cumarsáid leictreonach, trádmharc an Aontais Eorpaigh, dlí tomhaltóirí, an sciúradh airgid a chomhrac agus an t- éilliú a chomhrac.

Roghnaíodh na sé réimse de dhlí an Aontais mar gheall ar a ábhartha atá siad don mhargadh aonair agus do thimpeallacht an ghnó. Leantar den fhorbhreathnú ar éifeachtúlacht na n- údarás riaracháin san eagrán seo den Scórchlár, agus tá figiúirí cothrom le dáta ann maidir le réimsí na hiomaíochta agus na cosanta tomhaltóirí. Go ginearálta, d'fhéadfadh tionchair dhiúltacha a bheith ag moill fhada in imeachtaí breithiúnacha agus riaracháin ar chearta a eascraíonn ó dhlí an Aontais, e.g. nuair nach bhfuil fáil ar leigheasanna iomchuí a thuilleadh nó nuair nach féidir damáistí airgeadais tromchúiseacha a aisghabháil. I gcás gnóthaí go háirithe, cruthaítear costais shuntasacha de bharr moilleanna riaracháin agus éiginnteachta i roinnt cásanna agus déanann sé sin dochar d'infheistíochtaí beartaithe nó d'infheistíochtaí atá ann cheana ([50]).

[49] Déantar an t- achar a théann imeachtaí i réimsí sonracha a ríomh i laethanta féilire, ag comhaireamh ón lá a lóisteáladh gníomhaíocht nó achomharc os comhair na cúirte (nó ón uair a d'éirigh an bille díotála chun bheith críochnaitheach) go dtí an lá a ghlac an chúirt lena cinneadh (Fíoracha 15-22). Déantar luachanna a rangú bunaithe ar mheán ualaithe sonraí le haghaidh 2014 agus 2021-2023 i gcás Fhíoracha 15, 17, 18 agus 19, agus sonraí le haghaidh 2014 agus 2021-2023 i gcás Fhíoracha 20 agus 21. I gcás Fhíor 16, cumhdaíonn na sonraí 2021-2023. I gcás Fhíor 22, cumhdaíonn na sonraí 2021-2023. I gcás nach raibh sonraí ar fáil le haghaidh na mblianta uile, léirítear leis an meán na sonraí atá ar fáil a chuirtear i láthair sa chairt, arna ríomh bunaithe ar na cásanna uile, ar shampla cásanna nó, i bhfíorbheagán tíortha, ar mheastacháin.

[50] Fíor 18 de Retention and Expansion of Foreign Direct Investment, Political Risk and Policy Responses, 2019 the World Bank Group [Grúpa an Bhainc Dhomhanda].

*– Iomaíocht –*

Tá forfheidhmiú éifeachtach dhlí na hiomaíochta fíor- riachtanach le haghaidh timpeallacht ghnó tharraingteach toisc go n- áirithítear leis go bhfaighidh gnólachtaí cothroime iomaíochta. Cuireann sé tionscnamh eacnamaíoch agus éifeachtúlacht chun cinn, agus is é an toradh air sin rogha níos leithne do thomhaltóirí, praghsanna níos ísle agus cáilíocht níos fearr. Cuirtear i láthair i bhFíor 15 meánfhad na gcásanna in aghaidh na gcinntí a dhéanann údaráis iomaíochta náisiúnta le linn dóibh Airteagail 101 agus 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a chur i bhfeidhm ([51]). Cuirtear i láthair i bhFíor 16 an t- achar ar an meán a théann imeachtaí os comhair na n- údarás iomaíochta náisiúnta le linn dóibh Airteagail 101 agus 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm.

**Fíor .: <u>Iomaíocht</u>: an t- achar ar an meán a chuaigh athbhreithniú breithiúnach in 2014, 2021 – 2023** (*) *(ag céadchéim/i laethanta) (foinse: An Coimisiún Eorpach leis an nGréasán Eorpach Iomaíochta)*




*(*) Ualaítear an meán de réir an lín cásanna sa bhliain shonrach.* ***AT****: áirítear le sonraí le haghaidh 2014 agus 2021 cinntí ón gCúirt Chairtéil maidir leis an tsubstaint, ní an t- athbhreithniú breithiúnach ar na cinntí sin ón gCúirt Uachtarach. Ó Scórchlár Ceartais AE 2024, áirítear cinntí na Cúirte Cairtéil san achar a théann imeachtaí os comhair na n- údarás iomaíochta náisiúnta (féach thíos).* ***IT:*** *baineadh úsáid as meastachán ar an achar le haghaidh 2014, 2021 agus 2022. Is féidir a léiriú le colún folamh nár thuairiscigh an Ballstát aon chás don bhliain i gceist. Tá an líon cásanna íseal (faoi bhun cúig cinn sa bhliain) i mórán Ballstát. Fágann sé sin go mbítear ag brath sna sonraí bliantúla go mór ar chás amháin atá fada nó gearr d'eisceacht (e.g. in* ***LU*** *mar nach raibh ach cás amháin ann).* ***ES:*** *Comhfhreagraíonn an líon achomharc don líon cuideachtaí a chomhdaigh achomharc in aghaidh gach cinnidh ó*

[51] Féach Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 1, 4.1.2003, lgh. 1-25, go háirithe Airteagail 3 agus 5.

*CNMC.* ***IE:*** *Ní bhaineann le hábhar i gcás 2020, 2021 agus 2022, toisc nach raibh de chumhacht ag CCPC roimh 2023 cinntí a dhéanamh den chineál ábhartha ar féidir athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh air.*

**Fíor .: <u>Iomaíocht</u>: meánfhad na n- imeachtaí os comhair na n- údarás iomaíochta náisiúnta in 2021-2023** *(*) (i laethanta) (foinse: An Coimisiún Eorpach leis an nGréasán Eorpach Iomaíochta)*




*(*) Ualaítear an meán de réir an lín cásanna sa bhliain shonrach. Ó Scórchlár Ceartais AE 2024, ríomhadh an t- achar ar an meán a théann imeachtaí os comhair na n- údarás iomaíochta náisiúnta mar a leanas: an líon laethanta idir an chéad bheart imscrúdaitheach foirmiúil agus glacadh cinnidh chríochnaithigh ag an údarás iomaíochta náisiúnta (ag an údarás riaracháin nó, i mBallstáit ina bhfuil córas breithiúnach, ag an gcúirt a bhfuil de chumhacht aici cinneadh toirmisc a ghlacadh agus/nó fíneálacha a fhorchur nó a dheimhniú). Ar an gcúis sin, ní féidir na sonraí ó eagrán 2024 san fhíor thuas a chur i gcomparáid leis na sonraí a foilsíodh in eagráin níos luaithe. Leis an modh ríomha seo, déantar foráil maidir le sonraí inchomparáide ar leibhéal an Aontais chun críoch Scórchlár Ceartais AE agus chuici sin amháin agus d'fhéadfadh sé a bheith difriúil leis an tuairisciú ar an leibhéal náisiúnta i mBallstáit áirithe. Tá nós imeachta riaracháin dhá chéim i bhfeidhm ag* ***CZ*** *agus* ***SK****. Nuair a dhéantar achomharc ar chinntí céadchéime, déanann comhlacht dara céim an údaráis athbhreithniú orthu, rud a d'fhéadfadh fad a chur leis na himeachtaí.* ***DK****: In 2021, tar éis thrasuí Threoir ECN+, bhog an Danmhairg ó chóras forfheidhmithe coiriúil amháin go córas inar féidir le húdarás iomaíochta na Danmhairge iarratas a dhéanamh go díreach anois ar fhíneáil a fhorchur os comhair cúirt shibhialta agus cinntí socraíochta a ghlacadh ina chuid imeachtaí riaracháin féin. Is é a lean as sin go bhfuil méadú tagtha ar chinntí ó bhí 2022 ann. I gcás* ***AT, DK*** *agus* ***FI****, leis an achar a théann imeachtaí, cumhdaítear comhfhad na n- imeachtaí os comhair na n- údarás iomaíochta náisiúnta riaracháin agus breithiúnach.* ***AT****: áirítear ar na sonraí imeachtaí a bhaineann le cairtéal mórscála in earnáil na tógála. Mar gheall ar mhéid an cháis seo, stiúradh imeachtaí a tionscnaíodh leis an gcéad bheart imscrúdaitheach céanna (agus tá siad fós á stiúradh) agus tugadh chun críche iad i ndiaidh a chéile, rud a shaobhann meánfhad na n- imeachtaí de réir a chéile.* ***ES*** *agus* ***IT****: ní áirítear leis na sonraí cinntí gealltanais arna nglacadh ag an údarás iomaíochta náisiúnta.* ***IE:*** *Ní bhaineann le hábhar i gcás 2020, 2021 agus 2022, ós rud é nach raibh de chumhacht ag CCPC a chuid cinntí riaracháin ceangailteacha féin a dhéanamh i gcásanna in aghaidh trustaí go dtí mí Mheán Fómhair 2023 (roimh an dáta sin, níor fhéad sé ach bearta forfheidhmiúcháin a dhéanamh sna cásanna sin trí na cúirteanna).*

*– Cumarsáid leictreonach –*

Is é is cuspóir don reachtaíocht maidir le cumarsáid leictreonach an Aontais Eorpaigh iomaíocht a spreagadh, rannchuidiú le forbairt an mhargaidh aonair, agus infheistíocht, nuálaíocht agus fás a ghiniúint. Is féidir na héifeachtaí dearfacha do thomhaltóirí a bhaint amach trí fhorfheidhmiú éifeachtach na reachtaíochta sin agus as sin d'fhéadfaí praghsanna níos ísle a chruthú d'úsáideoirí deiridh agus seirbhísí de cháilíocht níos fearr. Cuirtear i láthair i bhFíor 17 an t- achar ar an meán

a théann cásanna athbhreithnithe bhreithiúnaigh in aghaidh na gcinntí a dhéanann údaráis rialála náisiúnta le linn dóibh dlí an Aontais maidir le cumarsáid leictreonach a chur i bhfeidhm ([52]). Cumhdaítear raon leathan cásanna leis, ó na hathbhreithnithe níos casta maidir le 'hanailís mhargaidh' go dtí saincheisteanna níos simplí ina mbítear dírithe ar an tomhaltóir.

**Fíor .: <u>Cumarsáid leictreonach</u>: an t- achar ar an meán a chuaigh athbhreithniú breithiúnach in 2014, 2021 – 2023** (*) *(ag céadchéim/i laethanta) (foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht leis an gCoiste Cumarsáide)*




(*) *Laghdaíodh luachanna le haghaidh roinnt Ballstát ar mhaithe le cur i láthair (**PT** in 2023 = 2,830); **CY** in 2023 = 3,285). Ualaítear an meán de réir an lín cásanna sa bhliain shonrach. Tá éagsúlacht sa líon cásanna ó Bhallstát amháin go chéile. Léirítear le colún folamh nár thuairiscigh an Ballstát aon chás don bhliain. Uaireanta, fágann an líon teoranta cásanna ábhartha (**CZ, DK, IE, ES, LV, AT, PT**) go mbítear ag brath sna sonraí bliantúla go mór ar chás amháin atá fada nó gearr d'eisceacht; d'fhéadfadh sé gurbh é an toradh air sin éagsúlachtaí móra sna sonraí ó bhliain amháin go chéile. In **DK**, tá údarás garbhreithiúnach i gceannas ar achomhairc chéadchéime. In **ES**, **AT**, agus **PL**, tá cúirteanna difriúla i gceannas ag brath ar an ábhar.*

*– Trádmharc de chuid AE –*

Tá forfheidhmiú éifeachtach na gceart maoine intleachtúla fíor- riachtanach chun infheistíocht sa nuálaíocht a spreagadh. Tugann reachtaíocht AE maidir le trádmharcanna an Aontais Eorpaigh ([53]) ról nach beag do na cúirteanna náisiúnta, agus iad á gcumhachtú chun gníomhú mar chúirteanna de chuid an Aontais agus cinntí a dhéanann difear don mhargadh aonair a ghlacadh. Taispeántar i bhFíor 18 an t- achar ar an meán a bhíonn cásanna um shárú ar thrádmharc de chuid AE i ndlíthíocht idir páirtithe príobháideacha.

---

[52] Rinneadh an ríomh bunaithe ar achar na gcásanna achomhairc in aghaidh cinntí údaráis rialála náisiúnta le linn dóibh dlíthe náisiúnta a chur i bhfeidhm lena gcuirtear chun feidhme creat rialála an Aontais maidir le cumarsáid leictreonach (Treoracha 2002/19/CE (Treoir na Rochtana), Treoir 2002/20/CE (Treoir an Údaraithe), Treoir 2002/21/CE (Treoir Réime), Treoir 2002/22/CE (An Treoir um Sheirbhís Uilíoch), chomh maith le dlí ábhartha eile an Aontais amhail an clár beartais um an speictream raidió agus cinntí speictrim ón gCoimisiún, gan Treoir 2002/58/CE maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach a áireamh.

[53] Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le trádmharc an Aontais Eorpaigh (IO L 154, 16.6.2017, lch. 1-99).

**Fíor .: <u>Trádmharc de chuid AE</u>: an t- achar ar an meán a chuaigh cásanna um shárú ar thrádmharc an Aontais Eorpaigh in 2014, 2021 – 2023** (*) *(ag céadchéim/i laethanta) (foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht leis an bhFaireachlann Eorpach um Sháruithe ar Chearta Maoine Intleachtúla)*




*(*) Ualaítear an meán de réir an lín cásanna sa bhliain shonrach. **FR**, **IT**, **LT**, **LU**: Sampla cásanna a úsáideadh i gcomhair sonraí le haghaidh blianta áirithe. **DK**: Sonraí ó gach cás trádmhairc (ní hamháin san Aontas) in ardchúirteanna tráchtála agus muirí; le haghaidh 2023, tugadh 372 chás a bhain le dlí maoine intleachtúla chun críche. Cásanna sibhialta tráthrialta a bhí i 53 cinn, láimhseáladh 275 cinn mar nósanna imeachta um éilimh bheaga, agus imeachtaí toirmisc agus imeachtaí urghaire a bhí i 44 cinn. Níl an fhaisnéis maidir leis na hagaí próiseála cásanna ar fáil. **EL:** Sonraí bunaithe ar an meán- achar ualaithe ó dhá chúirt. **ES**: Tá cásanna a bhaineann le teidil IP eile de chuid AE áirithe sa ríomh ar an achar ar an meán. **PL**: Le haghaidh 2023, ríomhadh an meán ualaithe ar bhonn an lín cásanna a réitíodh. **FI**: Le haghaidh 2023, iarradh réamhrialú ón gCúirt Bhreithiúnais i gceann amháin den dá chás. Áiríodh an t- am ar lena linn a bhí an cás ar feitheamh os comhair na Cúirte Breithiúnais i ríomh an mheánlín laethanta.*

*– Cosaint tomhaltóirí –*

Ach an dlí tomhaltóirí a fhorfheidhmiú go héifeachtach áirithítear go gcosnaítear cearta tomhaltóirí agus nach bhfaigheann cuideachtaí a bhíonn ag sárú dlíthe tomhaltóirí buntáiste míchothrom. Bíonn ról lárnach ag údaráis cosanta tomhaltóirí agus ag na cúirteanna ó thaobh dlí tomhaltóirí an Aontais ([54]) a fhorfheidhmiú laistigh de na córais forfheidhmithe náisiúnta éagsúla. Léirítear i bhFíor 19 an t- achar ar an meán a théann cásanna athbhreithnithe bhreithiúnaigh in aghaidh cinntí na n- údarás cosanta tomhaltóirí le linn dlí an Aontais a chur i bhfeidhm.

Maidir le tomhaltóirí nó cuideachtaí, d'fhéadfadh slabhra gníomhairí a bheith ag gabháil d'fhorfheidhmiú éifeachtach, a áiríonn ní hamháin na cúirteanna ach údaráis riaracháin freisin. Chun tuilleadh eolais a thabhairt maidir leis an slabhra forfheidhmiúcháin sin, cuirtear i láthair an t- achar a théann imeachtaí roimh údaráis tomhaltóirí. Taispeántar le Fíor 20 an meánfhad a thóg sé ar údaráis náisiúnta cosanta tomhaltóirí teacht ar chinntí riaracháin in 2014 agus 2021-2023.

[54] Baineann Fíoracha 20 agus 21 le forfheidhmiú na Treorach maidir le Téarmaí Éagóracha (93/13/CEE), na Treorach maidir le Díolacháin agus Ráthaíochtaí do Thomhaltóirí (1999/44/CE), na Treorach maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha (2005/29/CE) agus na Treorach maidir le Cearta Tomhaltóirí (2011/83/CE), agus a bhforálacha náisiúnta cur chun feidhme.

Áirítear leis na cinntí: sáruithe ar rialacha substainteacha a shuí, beart idirlinne, orduithe stop agus scoir, tionscnamh imeachtaí cúirte agus clabhsúr a chur le cás.

**Fíor .: <u>Cosaint tomhaltóirí</u>: an t-  achar ar an meán a chuaigh <u>athbhreithniú breithiúnach</u> in 2014, 2021 – 2023** (*) *(ag céadchéim/i laethanta) (foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht leis an nGréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí)*




*(*) Ualaítear an meán de réir an lín cásanna sa bhliain shonrach. **DE**, **LU, AT**: ní bhaineann an cás le hábhar toisc nach bhfuil sé de chumhacht ag údaráis tomhaltóirí cinneadh a ghlacadh maidir le sáruithe ar rialacha ábhartha tomhaltóirí. Sholáthair **EL** agus **RO** meastachán maidir leis an mheánfhad le haghaidh blianta áirithe.*

**Fíor .: <u>Cosaint tomhaltóirí</u>: an t-  achar ar an meán <u>a thóg cinntí riaracháin</u> a rinne údaráis cosanta tomhaltóirí in 2014, 2021 – 2023** (*) *(ag céadchéim/i laethanta) (foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht leis an nGréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí)*




*(*) Ualaítear an meán de réir an lín cásanna sa bhliain shonrach.* ***DE*, *LU*, *AT***: *Ní bhaineann le hábhar toisc nach bhfuil sé de chumhacht ag údaráis tomhaltóirí cinneadh a ghlacadh maidir le sáruithe ar na rialacha ábhartha tomhaltóirí. Sholáthair* ***DK*, *EL*, *FR*, *RO*** *agus* ***FI*** *meastachán ar an achar ar an meán le haghaidh blianta áirithe.*

*– Sciúradh airgid –*

Mar aon le hacmhainní a bhaint de choirpigh as a ngníomhartha aindleathacha agus líonraí coireachta eagraithe a dhíchur go héifeachtach, tá sé ríthábhachtach sciúradh airgid a chosc agus a chomhrac ([55]) ar mhaithe le fóntacht, sláine agus cobhsaíocht na hearnála airgeadais, muinín sa chóras airgeadais agus iomaíocht chóir sa mhargadh aonair ([56]). Is féidir le sciúradh airgid an infheistíocht choigríche a dhíspreagadh, sreafaí caipitil idirnáisiúnta a shaobhadh agus difear diúltach a dhéanamh d'fheidhmíocht mhaicreacnamaíoch tíre, rud as a dtagann caillteanais leasa, rud a fhágann go n- ídítear acmhainní ó ghníomhaíochtaí eacnamaíocha níos bisiúla ([57]). Ceanglaíonn an Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac ar Bhallstáit staidreamh a choinneáil maidir le héifeachtacht a gcuid gcóras chun sciúradh airgid nó maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac ([58]). I gcomhar leis na Ballstáit, úsáideadh ceistneoir nuashonraithe chun sonraí a bhailiú ar na gnéithe breithiúnacha i gcórais náisiúnta frithsciúrtha airgid. Taispeántar i bhFíor 21 an t- achar ar an meán a thóg cásanna cúirte céadchéime a bhí ag déileáil le cionta coiriúla sciúrtha airgid.

---

[55] Le Treoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil, tugtar aghaidh i reachtaíocht an Aontais ar an gcomhrac in aghaidh sciúradh airgid.

[56] Aithris 2 de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta.

[57] Bileog Eolais CAI, an 8 Márta 2018: https://www.imf.org/en/About/Factsheets/Sheets/2016/08/01/16/31/Fight-Against-Money-Laundering-the-Financing-of-Terrorism

[58] Airteagal 44(1) de Threoir (AE) 2015/849. Féach freisin leagan athbhreithnithe d'Airteagal 44 de Threoir (AE) 2018/843, a tháinig i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2018 agus arbh éigean do na Ballstáit é a chur chun feidhme faoi mhí Eanáir 2020.

**Fíor .: <u>Sciúradh airgid</u>: an t- achar ar an meán a chuaigh cásanna cúirte in 2014, 2021 – 2023**(*) *(ag céadchéim/i laethanta) (foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht leis an Sainghrúpa um Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta)*

*(*) Ualaítear an meán de réir an lín cásanna sa bhliain shonrach. I gcás **PT**: Rinneadh an bunachar sonraí a scagadh, i gcás gach contae bhreithiúnaigh, de réir na gcritéar ábhartha chun teacht ar an bhfaisnéis a bhaineann le comhaid um sciúradh airgid; maidir leis an meánlíon laethanta, cuireadh san áireamh dátaí an tsáraithe agus dáta an chinnidh chríochnaithigh nó an chlabhsúir. **CY**: Cásanna tromchúiseacha, os comhair na Cúirte Seisiúin, déantar iad a thriail laistigh de bhliain amháin ar an meán. Cionta nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna, os comhair na gcúirteanna dúiche, tógann sé níos faide iad a thriail. **SK**: Comhfhreagraíonn na sonraí don achar ar an meán a théann na himeachtaí iomlána, lena n- áirítear ag an gcúirt achomhairc.*

*– Frith- éilliú –*

Tá an t- éilliú ina bhac ar fhás eacnamaíoch inbhuanaithe, lena ndéantar acmhainní a atreorú ó thorthaí táirgiúla, lena ndéantar dochar d’éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí agus lena ndoimhnítear neamhionannais shóisialta. Cuireann sé bac ar fheidhmiú éifeachtach rianúil an mhargaidh aonair, cruthaíonn sé éiginnteachtaí maidir le gnó a dhéanamh agus cuireann sé bac ar infheistíocht. Tá sé an- chasta dul i ngleic leis an éilliú ó tharla, murab ionann agus an chuid is mó de choireanna, go bhfuil leas ginearálta ag an dá pháirtí a bhfuil baint acu le cás éillithe é a choimeád faoi rún. Cuireann sé sin freisin le deacracht ghinearálta fíormhéid fheiniméan an éillithe ar fud an Aontais a chainníochtú. Is coir thar a bheith tromchúiseach é an t- éilliú a bhfuil gné thrasteorann aige, mar a thagraítear dó in Airteagal 83(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus ní féidir dul i ngleic go héifeachtach leis ach trí íosrialacha coiteanna ar fud an Aontais Eorpaigh. An 3 Bealtaine 2023, chuir an Coimisiún chun tosaigh togra le haghaidh Treoir maidir le héilliú a chomhrac tríd an dlí coiriúil agus teachtaireacht chomhpháirteach maidir leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe ([59]). Leis an togra le haghaidh treorach déantar nuashonrú agus comhchuibhiú ar rialacha an Aontais maidir leis na sainmhínithe ar chionta éillithe agus na pionóis ina leith, chun ardchaighdeáin a áirithiú sa chomhrac in aghaidh réimse iomlán na gcionta éillithe (i.e. breabaireacht, ach freisin maidir le míleithreasú, trádáil i dtionchar, mí- úsáid feidhmeanna, bac a chur ar cheartas agus saibhriú aindleathach a bhaineann le cionta éillithe), chun éilliú a chosc ar bhealach níos fearr agus chun forfheidhmiú a fheabhsú. I gcomhar leis na Ballstáit, forbraíodh ceistneoir nua in 2022 chun sonraí a bhailiú maidir le fad cásanna cúirte a dhéileálann le himeachtaí cúirte os comhair cúirteanna céadchéime i gcásanna breabaireachta, a chuirtear i láthair i bhFíor 22 thíos ([60]).

59 Togra le haghaidh Treoir maidir le héilliú a chomhrac COM (2023) 234 agus Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe JOIN(2023) 12 final.

60 Dhírigh an chéad bhailiú sonraí seo ar chúirteanna coiriúla céadchéime, arb iad is mó a chuireann le hachar foriomlán na n- imeachtaí coiriúla.

**Fíor .: <u>Éilliú (breabaireacht)</u>: an t- achar ar an meán a chuaigh cásanna cúirte ó 2021 go 2023** (*) *(ag céadchéim/i laethanta) (foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht leis na Pointí Teagmhála Náisiúnta in aghaidh Éilliú)*




*(*) Ualaítear an meán de réir an lín cásanna sa bhliain shonrach. Níl aon fhreagra ar an gceist seo ó* ***DE***, ***IE***, ***ES***, ***IT***, ***CY***, ***MT***. ***NL****: Sa ríomh sin le haghaidh 2022, tosaíonn an tréimhse ón dáta a chuireann an tseirbhís ionchúisimh phoiblí toghairm ar an gcosantóir teacht os comhair na cúirte; críochnaíonn an tréimhse ar an lá a thugann an breitheamh céadchéime an fíorasc críochnaitheach. Is é 645 lá an meán- am próiseála do na 35 chás. Mar sin féin, ní mór a chur san áireamh gur minic nach mbíonn cás réidh le haghaidh na héisteachta an tráth a thosaíonn an tréimhse. Mar gheall air sin, tógann sé roinnt ama sula gcuirtear an cás i láthair le haghaidh éisteachta. Is é 194 lá an meánfhad ón gcéad éisteacht go dtí seachadadh an fhíoraisc deiridh.*

### 2.1.4. Achoimre ar éifeachtúlacht na gcóras ceartais

Déanann córas ceartais éifeachtúil bainistiú ar a líon cásanna agus ar an riaráiste cásanna, agus soláthraíonn sé a chinntí gan moill mhíchuí. Ar na príomhtháscairí a úsáideann Scórchlár Ceartais AE chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht na gcóras ceartais, dá bhrí sin, tá **fad na n- imeachtaí** (am diúscartha nó an t- am ar an meán i laethanta a theastaíonn chun cás a réiteach), an **ráta imréitigh** (an cóimheas de cásanna réitithe le cásanna isteach) agus líon na g**cásanna ar feitheamh** (atá le láimhseáil fós ag deireadh na bliana).

*Sonraí ginearálta maidir le héifeachtúlacht*

Tá sonraí i Scórchlár Ceartais AE 2025 maidir le héifeachtúlacht a théann siar 9 mbliana (2014-2023). Tugadh an tréimhse ama cothrom le dáta ó 2012 go 2014 chun foráil a dhéanamh maidir le hinfhaighteacht sonraí ní b'fhearr, agus an tráth céanna chun achar comhchosúil a choinneáil ar bun le go n- éireodh na treochtaí follasach. Tugtar deis leis an tréimhse ama sin freisin an fíoras a chur san áireamh go dtógann sé am go minic éifeacht na n- athchóirithe ceartais a bhrath.

Léiríonn na sonraí ó 2014 go 2023, i gcásanna sibhialta, tráchtála agus riaracháin, go raibh na treochtaí dearfach i bhformhór na gcásanna. Tar éis an laghdaithe a tháinig ar éifeachtúlacht in 2020, b'fhéidir mar gheall ar phaindéim COVID- 19, in 2021 (agus níos mór fós in 2022), filleadh ar na leibhéil éifeachtúlachta a bhí ann in 2019. In 2023, roinnt de na Ballstáit atá ag tuairisciú sonraí, lean siad d'fheabhas a chur ar a n- éifeachtúlacht, agus an tráth céanna i mBallstáit eile, d'fhan leibhéil éifeachtúlachta cobhsaí. Léiríonn sé sin éifeacht na mbeart arna ndéanamh ag na Ballstáit chun a gcórais a dhéanamh níos athléimní in aghaidh bristeacha amach anseo.

Bhí roinnt forbairtí dearfacha sna Ballstáit ar measadh le roinnt blianta anuas go raibh dúshláin shonracha os a gcomhair, i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh ([61]).

- Ó bhí 2014 ann, bunaithe ar na sonraí atá ann cheana maidir leis na Ballstáit sin, bhí an **t- achar a chuaigh imeachtaí cúirte céadchéime** sa chatagóir leathan 'gach cás' (Fíor 4) i 16 Bhallstát ag laghdú nó d'fhan sé cobhsaí. Maidir leis an gcatagóir 'cásanna tromchúiseacha sibhialta agus tráchtála' (Fíor 5), lean fad na n- imeachtaí cúirte céadchéime de bheith ag laghdú nó d'fhan siad cobhsaí i 13 Bhallstát. I gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, léirítear i bhfíoracha 4 agus 5 gur tháinig laghdú ar an achar a chuaigh imeachtaí i gcás 8 mBallstát, i ngach catagóir, faoi bhun leibhéil 2020 i roinnt cásanna. I gcásanna riaracháin (Fíor 7), tháinig laghdú ar fhad na n- imeachtaí ó 2012

[61] I gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, sheol an Chomhairle, ar bhonn thogra an Choimisiúin, moltaí tírshonracha maidir lena gcórais cheartais chuig 7 mBallstát in 2019 (CY, HR, HU IT, MT, PT agus SK) agus chuig 8 mBallstát in 2020 (CY, HR, HU IT, MT, PL, PT agus SK). Ní raibh aon mholadh tírshonrach in 2021 i ngeall ar na próisis leanúnacha a bhain leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Bhí 2 Bhallstát ann (PL agus HU) dá ndearnadh moltaí tírshonracha in 2022 maidir le neamhspleáchas breithiúnach. Sa chomhthéacs sin, luadh an córas ceartais in 2023 i ndáil le 2 Bhallstát (HU, PL,). In 2023, ní bhfuair ach PL moladh tírshonrach ar a chóras ceartais, a bhí bunaithe ar mholadh tírshonrach 2022. In 2024, fuair SK moladh tírshonrach a bhain leis an gcóras ceartais agus leis an gcreat frith- éillithe, fuair HR moladh tírshonrach a bhain leis an smacht reachta ar bhonn níos ginearálta, agus fuair BG moladh tírshonrach maidir leis na húdaráis rialála agus a neamhspleáchas. De réir dhréacht an Choimisiúin i mí an Mheithimh 2025, athdhearbhaítear na saincheisteanna céanna le haghaidh SK, HU agus BG leis na moltaí tírshonracha. Ina theannta sin, tugtar aghaidh leo ar éifeachtacht beart frith- éillithe le haghaidh BG agus an próiseas reachtach le haghaidh SK, agus an tráth céanna eisítear moladh tírshonrach maidir le héifeachtúlacht bhreithiúnach do ES. Áirítear le roinnt PTAnna bearta chun éifeachtúlacht, cáilíocht nó neamhspleáchas an cheartais a mhéadú.

nó bhí siad cobhsaí fós in thart ar 15 Bhallstát. I gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, tháinig laghdú in 12 Bhallstát ar fhad na n- imeachtaí i gcásanna riaracháin in 2023.

- Cuirtear i láthair sonraí sa Scórchlár ar **an achar a théann imeachtaí i ngach céim chúirte** le haghaidh cásanna dlíthíocha sibhialta agus tráchtála (Fíor 6) agus le haghaidh cásanna riaracháin (Fíor 8). Léiríonn na sonraí, i gcás cúig cinn de na Ballstáit a sainaithníodh mar Bhallstáit a raibh dúshláin rompu ó thaobh fhad na n- imeachtaí i gcúirteanna céadchéime, gur fheidhmigh cúirteanna faoi chéimeanna ní b'airde ar bhealach ní b'éifeachtúla. I gcás cúig Bhallstát eile a bhfuil dúshláin le sárú acu, áfach, tá meánfhad na n- imeachtaí i gcúirteanna faoi chéimeanna níos airde níos faide fiú ná i gcúirteanna céadchéime.
- Sa chatagóir leathan 'gach cás' agus sa chatagóir 'cásanna dlíthíocha sibhialta agus tráchtála' (Fíoracha 9 agus 10), níor tháinig athrú ó 2022 ar an líon foriomlán Ballstát a bhfuil a **ráta imréitigh** os cionn 100 %. Thuairiscigh 18 mBallstát, lena n- áirítear iad siúd a bhfuil dúshláin rompu, ráta ard imréitigh (níos mó ná 97 %) in 2023. Ciallaíonn sé sin go bhfuil na cúirteanna ábalta go ginearálta déileáil leis na cásanna isteach sna catagóirí sin. I gcásanna riaracháin (Fíor 11), d'fhan an ráta imréitigh i 14 Bhallstát in 2023 mórán mar a chéile in 2022. Cé go bhfuil an ráta imréitigh i gcásanna riaracháin níos ísle go ginearálta ná mar atá i gcatagóirí eile cásanna, leanann 15 Bhallstát de dhul chun cinn maith a dhéanamh. Go sonrach, tuairiscíonn seacht gcinn de na Ballstáit a bhfuil dúshláin rompu go bhfuil méadú tagtha ar an ráta imréitigh do chásanna riaracháin ó bhí 2014 ann.
- Ó 2014 i leith, d'fhan an staid cobhsaí nó lean sí de bheith ag feabhsú i gceithre cinn de na Ballstáit a bhfuil na dúshláin is mó rompu lena **riaráistí**, gan beann ar chatagóir na gcásanna (Fíor 12). D'ainneoin an mhéadaithe, in 2023, ar an líon cásanna ar feitheamh, d'fhan an líon cásanna ar feitheamh i gcásanna dlíthíocha sibhialta agus tráchtála (Fíor 13) agus i gcásanna riaracháin (Fíor 14) cobhsaí i 10 mBallstát. Tá difríochtaí suntasacha ann fós áfach idir Ballstáit agus is féidir comparáid a dhéanamh idir iad sin ina bhfuil níos lú cásanna ar feitheamh agus iad sin ina bhfuil líon ard cásanna ar feitheamh.

*Éifeachtúlacht i réimsí sonracha de dhlí an Aontais*

Soláthraítear sna sonraí maidir leis an achar ar an meán a théann imeachtaí i réimsí sonracha de dhlí an Aontais (Fíoracha 15-22) léargas maidir le feidhmiú na gcóras ceartais sna cineálacha coincréiteacha de dhíospóidí a bhaineann le gnó.

Déantar sonraí maidir le héifeachtúlacht i réimsí sonracha de dhlí an Aontais a bhailiú bunaithe ar chásanna a shainítear go beacht, agus dá bharr sin d'fhéadfadh an líon cásanna ábhartha a bheith íseal. I gcomparáid leis an achar ríofa a théann imeachtaí, áfach, a chuirtear i láthair sna sonraí ginearálta maidir le héifeachtúlacht, léirítear sna figiúirí sin an t- achar iarbhír ar an meán a théann gach cás ábhartha i réimsí sonracha i mbliain. Is fiú a lua go dtuairiscíonn Ballstáit, nach ndealraíonn sé go dtaispeántar dúshláin sna sonraí ginearálta maidir le héifeachtúlacht, go mbíonn meánfhaid chásanna i réimsí sonracha de dhlí an Aontais i bhfad níos faide. An tráth céanna, d'fhéadfadh éagsúlacht mhór a bheith i bhfad na n- imeachtaí i réimsí sonracha difriúla laistigh den Bhallstát céanna.

Dírítear i bhfíor eile a tugadh isteach an bhliain seo caite ar fhad na n- imeachtaí coiriúla, go háirithe iad siúd a bhaineann le breabaireacht, rud a léiríonn an leibhéal éifeachtúlachta sa réimse sin de dhlí an Aontais.

Ar deireadh, leanann Scórchlár 2025 de léargas a thabhairt ar éifeachtúlacht an tslabhra forfheidhmiúcháin ina iomláine, rud atá tábhachtach do thimpeallacht dhearfach ghnó agus infheistíochta. Mar shampla, i gcásanna dlí iomaíochta, tá cairt ann ina ndírítear ar fhad na n- imeachtaí atá os comhair an údaráis náisiúnta iomaíochta agus ar an athbhreithniú breithiúnach ar chinntí an údaráis sin.

- Maidir le h**athbhreithniú breithiúnach ar chásanna iomaíochta** (Fíor 15), de réir mar a tháinig méadú ar an líon cásanna foriomlán a bhí os comhair na gcúirteanna ar fud an Aontais, tháinig laghdú ar fhad an athbhreithnithe bhreithiúnaigh i gcúig Bhallstát nó d'fhan sé cobhsaí iontu, agus tháinig méadú i gcúig cinn eile air. D'ainneoin na treochta réasúnta dearfach, thuairiscigh 7 mBallstát meánachar ab fhaide ná 1 000 lá in 2023. I gcás **imeachtaí os comhair na n- údarás iomaíochta náisiúnta** (Fíor 16), thuairiscigh 11 Bhallstát gur ghlac na himeachtaí níos lú ná 1 000 lá. I measc na mBallstáit a luaitear deacrachtaí a bheith acu le héifeachtúlacht san athbhreithniú breithiúnach ar chásanna iomaíochta, tá trí cinn díobh ar na Ballstáit is éifeachtúla a mhéid a bhaineann le himeachtaí os comhair na n- údarás iomaíochta náisiúnta.
- Maidir le **cumarsáid leictreonach** (Fíor 17), tháinig laghdú ar an líon cásanna a bhí os comhair na gcúirteanna i gcomparáid le blianta roimhe sin, ag leanúint na treochta dearfaí céanna a chonacthas in 2022 maidir leis na laghduithe ar fhad na n- imeachtaí. In 2023, thuairiscigh naoi mBallstát gur tháinig laghdú ar an meánachar a théann imeachtaí i gcomparáid le 2022 nó gur fhan an figiúir sin cobhsaí, agus thuairiscigh seacht gcinn acu méadú air.
- Maidir le **cásanna um shárú ar thrádmharc an Aontais Eorpaigh** (Fíor 18), tháinig méadú beag an líon foriomlán cásanna in 2023 i gcomparáid le 2022. Cé gur bhainistigh ceithre Bhallstát a líon cásanna ar bhealach níos éifeachtúla, áfach, agus achair laghdaithe nó chobhsaí imeachtaí á gclárú acu, tháinig méadú soiléir ar an meánachar a théann imeachtaí i sé cinn acu.
- I réimse **dhlí an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí**, feictear an éifeacht chomhcheangailte a d'fhéadfadh a bheith ag an slabhra forfheidhmiúcháin ina gcuimsítear imeachtaí athbhreithnithe riaracháin agus bhreithiúnaigh araon (Fíoracha 19 agus 20). In 2023, thuairiscigh 6 Bhallstát gur ghlac sé níos lú ná 3 mhí ar a n- údaráis cosanta tomhaltóirí ar an meán chun cinneadh a eisiúint i gcás a cumhdaíodh i ndlí tomhaltóirí an Aontais. I naoi mBallstát eile, ghlac sé suas le bliain orthu. I gcás ina ndearnadh agóid in aghaidh chinntí na n- údarás cosanta tomhaltóirí sa chúirt, bhí treochtaí éagsúla ann maidir le fad an athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar chinneadh riaracháin in 2023, óir bhí méaduithe i gcúig Bhallstát, agus laghduithe i gcuid cinn eile, i gcomparáid le 2022. Tá an meánfhad ar athbhreithniú breithiúnach fós os cionn 1 000 lá in 2 Bhallstát.
- Tá bearta éifeachtacha chun **sciúradh airgid** a chomhrac ríthábhachtach chun an córas airgeadais a chosaint, iomaíocht chóir a áirithiú agus iarmhairtí diúltacha eacnamaíocha a chosc. D'fhéadfadh imeachtaí cúirte atá an- fhada cur isteach ar chumas an Aontais dul i ngleic le sciúradh airgid nó éifeachtúlacht na n- iarrachtaí sa réimse sin a laghdú. Cuirtear i láthair i bhFíor 21 na sonraí atá tugtha cothrom le dáta maidir leis an achar a

théann imeachtaí breithiúnacha nuair a bhítear ag plé le cionta sciúrtha airgid. Cé go dtógann imeachtaí cúirte céadchéime suas le bliain amháin ar an meán i 7 mBallstát, léirítear inti go dtógann siad suas le 2 bhliain ar an meán i 5 Bhallstát agus suas le 3,5 bliain ar an meán i 5 Bhallstát ([62]).

- Is coir thar a bheith tromchúiseach é **an t- éilliú** a bhfuil gné thrasteorann aige. Tá iarmhairtí diúltacha eacnamaíocha aige agus ní féidir dul i ngleic go héifeachtach leis ach trí íosrialacha coiteanna ar fud an Aontais. Cuirtear i láthair sa Scórchlár figiúirí maidir le fad na n- imeachtaí breithiúnacha ina bpléitear cásanna breabaireachta. Le Fíor 22 léirítear leibhéil éagsúla infhaighteachta sonraí i measc na mBallstát, agus difríochtaí sa mheán- achar a théann imeachtaí os comhair cúirteanna céadchéime. Ag féachaint ar shonraí 2023, tugtar imeachtaí i gcrích laistigh de bhliain amháin nó mar sin in 8 mBallstát, ach is féidir leis na himeachtaí dul ar aghaidh ar feadh suas le 2 bhliain sna 7 mBallstát eile a bhfuil sonraí le fáil ina leith. Ar an iomlán, is léiriú ar chineál tromchúiseach na coire é a chasta atá sé cionta breabaireachta a ionchúiseamh agus a bhreithniú. Léirítear é sin freisin i bhfad na n- imeachtaí.

## 2.2. Cáilíocht na gcóras ceartais

Níl aon bhealach amháin ann chun cáilíocht na gcóras ceartais a thomhas. Le Scórchlár Ceartais AE 2025, leantar de scrúdú a dhéanamh ar thosca a nglactar leo go ginearálta mar thosca ábhartha chun cáilíocht an cheartais a fheabhsú. Titeann siad isteach i gceithre chatagóir:

1) rochtain ar cheartas don phobal agus do ghnólachtaí;

2) dóthain acmhainní airgeadais agus acmhainní daonna;

3) uirlisí measúnúcháin a chur i bhfeidhm;

4) digitiú.

### 2.2.1. Rochtain ar an gceartas

Ceanglaítear inrochtaineacht ar fud an tslabhra ceartais iomláin chun é a chur ar chumas do gach duine, lena n- áirítear daoine i mbaol idirdhealaithe, daoine scothaosta agus íospartaigh na coireachta, faisnéis ábhartha a fháil – faoin gcóras ceartais, faoi conas éileamh a dhéanamh agus na gnéithe airgeadais gaolmhara, faoi staid na n- imeachtaí suas go dtí go dtugtar i gcrích iad – agus maidir leis an mbreithiúnas a rochtain ar líne.

*– Cúnamh dlíthiúil, táillí cúirte agus táillí dlí –*

[62] Le Treoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil, cuirfear deireadh le bacainní dlíthiúla a d'fhéadfadh moill a chur ar ionchúiseamh, amhail riail a leagann síos nach féidir ionchúiseamh de bharr sciúradh airgid a thionscnamh ach amháin nuair atá na himeachtaí maidir leis an mbunchion preideacáide tugtha i gcrích. Ceanglaíodh ar na Ballstáit an Treoir a thrasuí faoin 8 Nollaig 2020.

Príomhthoisc lena gcinntear rochtain ar an gceartas is ea costas na dlíthíochta. D'fhéadfadh ardchostais dlíthíochta, lena n- áirítear táillí cúirte ([63]) agus táillí dlí ([64]), bac a chur ar rochtain ar an gceartas. Ní dhéantar costais dlíthíochta in ábhair shibhialta agus thráchtála a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Is í an reachtaíocht náisiúnta a rialaíonn iad, agus bíonn siad éagsúil ó Bhallstát go chéile.

Is ceart bunúsach é rochtain ar chúnamh dlíthiúil arna chumhdach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ([65]). Tugann sé rochtain ar an gceartas do dhaoine nach mbeadh sé ar a gcumas murach sin na costais dlíthíochta a iompar ná a réamhíoc. Deonaíonn formhór na mBallstát cúnamh dlíthiúil bunaithe ar ioncam an iarratasóra ([66]).

Taispeántar i bhFíor 23 an fháil atá ar chúnamh dlíthiúil iomlán nó i bpáirt i gcás sonrach tomhaltóra lena mbaineann éileamh de EUR 6 000. Déantar comparáid ann ar na tairseacha ioncaim chun cúnamh dlíthiúil a dheonú, arna sloinneadh mar chéatadán de thairseach bochtaineachta Eurostat le haghaidh gach Ballstáit ([67]). Má tá an tairseach le haghaidh cúnamh dlíthiúil ag 20 % mar shampla, ciallaíonn sé go mbeidh iarratasóir ag a bhfuil ioncam atá 20 % níos airde ná tairseach bochtaineachta Eurostat dá mBallstát fós incháilithe do chúnamh dlíthiúil. Má tá an tairseach le haghaidh cúnamh dlíthiúil faoi bhun 0 áfach, ciallaíonn sé sin go bhféadfadh sé nach mbeadh duine ag a bhfuil ioncam faoi bhun thairseach na bochtaineachta incháilithe do chúnamh dlíthiúil.

Feidhmíonn 9 mBallstát córas cúnaimh dhlíthiúil lena ndéantar foráil maidir le cumhdach 100 % de na costais atá nasctha le dlíthíocht (cúnamh dlíthiúil iomlán), arna chomhlánú le córas lena gcumhdaítear costais i bpáirt (cúnamh dlíthiúil i bpáirt), lena gcuirtear critéir incháilitheachta dhifriúla i bhfeidhm. Tá deich mBallstát ann nach bhfeidhmíonn ach córas iomlán cúnaimh dhlíthiúil nó córas cúnaimh dhlíthiúil i bpáirt, ach ní an dá rud. I gceithre Bhallstát, tá discréid ag na cúirteanna maidir le cúnamh dlíthiúil a dheonú.

---

63 Tuigtear gurb ionann táillí cúirte agus méid a bheidh le híoc chun imeachtaí breithiúnacha neamhchoiriúla a thosú i gcúirt nó i mbinse fiosraithe.

64 Is iad na táillí dlí an bille i gcomhair seirbhísí arna soláthar ag dlíodóirí dá gcliaint.

65 Airteagal 47(3) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

66 Baineann na Ballstáit úsáid as modhanna difriúla chun an tairseach incháilitheachta a leagan síos, e.g. tréimhsí tagartha difriúla (ioncam míosúil/bliantúil). Tá tairseach in 14 Bhallstát freisin atá ceangailte le caipiteal pearsanta an iarratasóra. Ní chuirtear é sin san áireamh le haghaidh na fíorach seo. In BE, BG, IE, ES, FR, HR, HU, LT, LU, NL agus PT, tá grúpaí áirithe daoine (e.g. daoine aonair a fhaigheann sochair ar leith) i dteideal cúnamh dlíthiúil a fháil go huathoibríoch i ndíospóidí sibhialta/tráchtála. Ní léirítear na critéir bhreise a d'fhéadfadh Ballstáit a úsáid, amhail fiúntas an cháis, san fhíor seo. Cé nach mbaineann sé go díreach leis an bhfíor seo, i roinnt Ballstát (AT, CZ, DE, DK, IT, NL, PL, SI) níl an cúnamh dlíthiúil teoranta do dhaoine nádúrtha. In EE, níl an cinneadh chun cúnamh dlíthiúil a dheonú bunaithe ar leibhéal acmhainní airgeadais an iarratasóra. In IE, ní mór sócmhainní indiúscartha an iarratasóra a chur san áireamh le cúnamh dlíthiúil i bpáirt freisin. In LV, níl na sonraí inchomparáide leis an mbliain roimhe sin de dhroim oiriúnú an mhodha ríomha.

67 Chun sonraí inchomparáide a bhailiú, tiontaíodh tairseach bochtaineachta Eurostat de chuid gach Ballstáit go hioncam míosúil. Tá an tairseach ráta riosca na bochtaineachta (AROP) socraithe ag 60 % den ioncam náisiúnta indiúscartha coibhéisithe airmheánach teaghlach. European Survey on Income and Living Conditions [Suirbhé Eorpach ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála], Eurostat tábla ilc_li01, https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/ilc_li01/default/table?lang=en.

**Fíor .: <u>Tairseach ioncaim le haghaidh cúnamh</u> dlíthiúil i gcás sonrach tomhaltóra, 2024** (*) *(difríochtaí in % ó thairseach bochtaineachta Eurostat) (foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht le Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa (CCBE)) ([68]))*




*(*) Tá ríomhanna bunaithe ar luachanna tairsí ráta riosca na bochtaineachta (AROP) le haghaidh 2023.* ***BE, DE, ES, FR, IE, IT, LT, LU, NL, SI, SK, FI:*** *Ní mór sócmhainní indiúscartha an iarratasóra a chur san áireamh le cúnamh dlíthiúil freisin.* ***EL****: Is é is tairbhí de chúnamh dlíthiúil ann ná duine nach mó a ioncam bliantúil ná 2/3 de na tuarastail bhliantúla is ísle dá bhforáiltear leis an reachtaíocht atá ann cheana.* ***LU:*** *Tugadh isteach córas cúnaimh dhlíthiúil pháirtigh. Níl aon tairseach shonrach ann, braitheann deonú cúnaimh dhlíthiúil ar staid fhoriomlán airgeadais agus teaghlaigh an iarratasóra.* ***BG, HR, LV, MT and RO:*** *Níor soláthraíodh aon sonraí.*

Is minic le daoine a fhaigheann cúnamh dlíthiúil a bheith díolmhaithe ó tháillí cúirte a íoc. Ní fhaigheann ach sé Bhallstát (an Bhulgáir, an tSeicia, an Ghréig, an Ostair, Málta agus an Pholainn) cúnamh dlíthiúil nach bhfuil díolmhaithe go huathoibríoch ó tháillí cúirte a íoc. Sa tSeicia, cinneann an chúirt ar bhonn cás ar chás cé acu duine a fhaigheann cúnamh dlíthiúil a dhíolmhú ó tháillí cúirte a íoc nó gan a dhíolmhú. I Lucsamburg, dlíthithe a thairbhíonn de chúnamh dlíthiúil, ní gá dóibh táillí báille a íoc. Déantar comparáid i bhFíor 24, le haghaidh dhá chás, ar mhéid na táille cúirte arna cur i láthair mar chion de luach an éilimh. Mar shampla, má bhíonn an táille chúirte san fhíor thíos cothrom le 10 % d'éileamh EUR 6 000, beidh gá don tomhaltóir táille chúirte EUR 600 a íoc chun imeachtaí breithiúnacha a thionscnamh. Tá an t- éileamh luacha íseal bunaithe ar thairseach riosca bochtaineachta Eurostat (AROP) le haghaidh gach Ballstáit.

[68] Bailíodh sonraí 2024 ag úsáid freagraí ó chomhaltaí Chomhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa (CCBE) ar cheistneoir bunaithe ar an gcás sonrach seo a leanas: díospóid tomhaltóra le cuideachta (léirítear dhá luach éilimh dhifriúla: EUR 6 000 agus tairseach riosca bochtaineachta Eurostat le haghaidh gach Ballstáit). Ag glacadh leis go mbraitheann na coinníollacha le haghaidh cúnamh dlíthiúil ar chás an iarratasóra, baineadh úsáid as an gcás seo a leanas: iarratasóir singil 35 bliain d'aois gan aon chleithiúnaí ná árachas costas dlí, ag a bhfuil ioncam tráthrialta agus árasán ar cíos.

**Fíor .: <u>Táille chúirte chun imeachtaí breithiúnacha</u> a thionscnamh i gcás sonrach a bhaineann le tomhaltóir, 2024** (*) (*méid na táille cúirte mar chion de luach an éilimh*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht le Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa (CCBE)) ([69]))*




*(*) Tá ríomhanna bunaithe ar luachanna tairsí ráta riosca na bochtaineachta (AROP) le haghaidh 2023.Is éard atá i gceist le 'éileamh ar luach íseal' éileamh a chomhfhreagraíonn do thairseach bochtaineachta Eurostat le haghaidh duine aonair i ngach Ballstát, arna thiontú go hioncam míosúil (e.g. in 2022 bhí an luach sin idir EUR 326 in* ***BG*** *agus EUR 2 381 in* ***LU****).* ***BE****: Ranníocaíocht EUR 24 leis an gCiste le haghaidh cúnamh dlíthiúil dara líne; Táillí clárlainne cúirte: EUR 50 nó EUR 165. Ina dhiaidh sin, má dhíbhtear/má chiontaítear: b'fhéidir EUR 1 350 don tslánaíocht nós imeachta.* ***NL****: Freagraíonn luachanna táillí cúirte do dhlíthí ag a bhfuil ioncam bliantúil níos lú ná EUR 30 000.* ***SE****: Tá feidhm ag an táille chúirte más mó luach an éilimh ná EUR 2 329.*

Léirítear i bhFíor 25 ráta an chúnaimh dhlíthiúil a íoctar le dlíodóirí cosanta coiriúla i gcás sonrach coiriúil bunaithe ar chás- staidéar ([70]). Shonraigh freagróirí an méid a d'íocfaí le dlíodóirí ón mbuiséad poiblí sa chás samhailteach a bhfuil tuairisc tugtha air.

[69] Bailíodh na sonraí, ina dtagraítear do na tairseacha ioncaim a bhí bailí in 2023, ag úsáid freagraí ó chomhaltaí Chomhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa (CCBE) ar cheistneoir bunaithe ar an gcás seo a leanas: díospóid tomhaltóra idir duine aonair agus cuideachta (tugtar dhá luach éilimh dhifriúla: EUR 6 000 agus tairseach riosca bochtaineachta Eurostat le haghaidh gach Ballstáit).

[70] Féach fonóta 70, Scórchlár Ceartais AE 2024 le haghaidh na tuairisce ar an gcás- staidéar.

**Fíor .: <u>Ráta an chúnaimh dhlíthiúil a íoctar le dlíodóirí cosanta coiriúla</u> i gcás coiriúil sonrach, 2024** *(*) (foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht le Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa (CCBE)) ([71]))*




*(*) Bailítear na sonraí bunaithe ar chás- staidéar ar leith. Tá na méideanna go léir in EUR, agus nuair ba ghá comhshódh iad ó airgeadraí náisiúnta[72]. Chun na difríochtaí eacnamaíocha idir na Ballstáit a chur san áireamh, roinneadh breisluach na táille agus an chostais ar innéacsanna leibhéal praghsanna comparáideacha arna sloinneadh mar chéatadán ina bhfuil meán an Aontais cothrom le 100 %, ina bhfuil meán DK cothrom le 149 % agus in bhfuil meán BG cothrom le 59 %[73]. Coigeartaíonn sé sin suim na dtáillí agus na gcostas a fhaigheann na dlíodóirí.* ***AT****: Tá córas cúnaimh dhlíthiúil na hOstaire státmhaoinithe agus bunaithe ar dhlúthpháirtíocht na ndlíodóirí Ostaracha <u>uile</u> a nglacann siad <u>ar fad</u> páirt i gcóras uainíochta sa chóras cúnaimh dhlíthiúil. Go ginearálta, ní fhaigheann an dlíodóir aonair aon luach saothair díreach as seirbhísí cúnaimh dhlíthiúil. Ina ionad sin, íocann stát na hOstaire cnapshuim bhliantúil le Barra na hOstaire as iomlán na seirbhísí cúnaimh dhlíthiúil a sholáthraíonn na dlíodóirí go léir. Dáileann Barra na hOstaire an tsuim sin ar na barraí réigiúnacha ar bhonn líon na ndlíodóirí cláraithe a sholáthair seirbhísí cúnaimh dhlíthiúil agus ar bhonn líon na gcásanna cúnaimh dhlíthiúil a láimhseáil na barraí réigiúnacha. Úsáidtear an t- airgead le haghaidh scéim slándála sóisialta agus pinsin na ndlíodóirí, nach bhfuil státmhaoinithe.* ***IE****: Roinntear an ghairm dlí ina habhcóidí agus ina haturnaetha. Tá éagsúlachtaí sa chúnamh dlíthiúil a bhfuil teideal ag gach ceann de na gairmithe air. Cuirtear i láthair leis an bhfíor thuas an t- uasmhéid a d'fhéadfaí a mhuirearú mar tháille faoin scéim um chúnamh dlíthiúil sa chás ar leith.*

[71] Bailíodh na sonraí, ina dtagraítear do na tairseacha ioncaim a bhí bailí in 2022, ag úsáid freagraí ó chomhaltaí Chomhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa (CCBE) ar cheistneoir bunaithe ar an gcás seo a leanas: díospóid tomhaltóra idir duine aonair agus cuideachta (tugtar dhá luach éilimh dhifriúla: EUR 6 000 agus tairseach riosca bochtaineachta Eurostat le haghaidh gach Ballstáit).

[72] Comhshó a dhéantar trí úsáid a bhaint as Rátaí Tagartha Malairte Eachtraí Euro an Bhainc Ceannais Eorpaigh is infheidhme an 30 Meán Fómhair 2024 - BGN 1,9558, CZK 25,184, DKK 7,4560, HUF 396,88, PLN 4,2788, RON 4,9753, SEK 11,3000.

[73] https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/tec00120/default/table?lang=en&category=t_prc.t_prc_ppp

*– Rochtain a fháil ar mhodhanna um réiteach malartach díospóidí –*

Léirítear i bhFíor 26 iarrachtaí na mBallstát chun úsáid dheonach modhanna um réiteach malartach díospóidí (RMD) a chur chun cinn trí dhreasachtaí sonracha. D'fhéadfaidís athrú ag brath ar an réimse dlí ([74]).

**Fíor .: Modhanna RMD a chur chun cinn agus dreasachtaí lena n- úsáid, 2024** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([75]))*




*(*) Uasmhéid féideartha: 68 bpointe. Táscairí comhiomlánaithe bunaithe ar na táscairí a leanas: 1) suíomh gréasáin ar a soláthraítear faisnéis ar RMD; 2) feachtais feasachta sna meáin; 3) bróisiúir le haghaidh an phobail i gcoitinne; 4) cuireann an chúirt seisiúin faisnéise sonraí faoi RMD ar fáil ar iarraidh; 5) comhordaitheoir RMD/idirghabhála; 6) foilsiú meastóireachtaí ar úsáid RMD; 7) foilsiú staidrimh ar úsáid RMD; 8) cumhdach páirteach nó iomlán ag cúnamh dlí le haghaidh costais RMD a thabhaítear; 9) aisíocaíocht iomlán nó pháirteach táillí cúirte, lena n- áirítear dleachtanna stampála; má éiríonn le RMD; 10) níl aon cheanglas le haghaidh dlíodóir i nósanna imeachta RMD; 11) féadfaidh breitheamh gníomhú mar idirghabhálaí; 12) bíonn comhaontú a thugann na páirtithe i gcrích infhorfheidhmithe ag an gcúirt; 13) féidearthacht chun imeachtaí a thionscnamh/éileamh a chomhdú agus fianaise dhoiciméadach a chur isteach ar líne; 14) féadfar na páirtithe a chur ar an eolas faoin tionscnamh agus céimeanna éagsúla na nósanna imeachta go leictreonach; 15) féidearthacht chun na táillí is infheidhme a íoc ar líne; 16) úsáid teicneolaíochta (feidhmchláir intleachta saorga, róbat comhrá chun cur isteach agus réiteach díospóidí a éascú; agus 17) aon mhodh eile. Maidir le gach ceann de na 17 dtáscaire sin, bronnadh pointe amháin le haghaidh gach réimse dlí. **IE**: Tagann cásanna riarachán faoin gcatagóir a bhaineann le cásanna sibhialta agus tráchtála. **EL**: Tá RMD ann i nósanna imeachta soláthair poiblí sula dtéitear chuig na cúirteanna achomhairc. **ES**: Tá RMD éigeantach i gcásanna a bhaineann le dlí an tsaothair. **PT**: Maidir le cásanna sibhialta/tráchtála, ní aisíoctar táillí cúirte ach i gcás ceartas ar son na síochána. **SK**: Ní thacaíonn ord dlíthiúil na Slóvaice le RMD a úsáid chun críoch riaracháin. **FI**: Meastar díospóidí tomhaltóirí agus saothair a bheith ina gcásanna sibhialta freisin. **SE**: Tá discréid nós imeachta*

[74] Ní áiríonn na modhanna chun úsáid RMD a chur chun cinn agus a dhreasú ceanglais éigeantacha RMD a úsáid sula dtéann siad chun na cúirte. D'fhéadfadh na ceanglais sin a bheith ina n- ábhair imní maidir lena gcomhoiriúnacht leis an gceart chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair binse a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

[75] Sonraí ó 2024 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.

*ag breithimh faoi RMD. Is cúram éigeantach atá ar an mbreitheamh féachaint le réiteach cairdiúil díospóide a bhaint amach ach amháin má tá sé míchuí mar gheall ar chineál an cháis.*

*– Socruithe sonracha maidir le rochtain ar an gceartas –*

I Scórchlár Ceartais AE 2022 cuireadh fíoracha i láthair a bhí tiomnaithe do shocruithe sonracha maidir le rochtain chomhionann ar an gceartas do dhaoine faoi mhíchumais a éascú. Le Scórchlár Ceartais AE 2023 leanadh de thuilleadh fiosraithe a dhéanamh ar shocruithe sonracha roghnaithe lena n- éascaítear rochtain chomhionann ar an gceartas do dhaoine atá i mbaol idirdhealaithe, agus do dhá ghrúpa shonracha freisin: daoine scothaosta agus íospartaigh foréigin in aghaidh na mban agus foréigin teaghlaigh. Le Scórchlár Ceartais AE 2025 arís eile cuirtear na socruithe sonracha roghnaithe sin san áireamh 2 bhliain tar éis na sonraí sin a bheith curtha i láthair den uair dheireanach.

Leagtar amach sa chairt thíos na bearta atá déanta ag gach Ballstát chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar cheartas do dhaoine atá i mbaol idirdhealaithe, lena n- áirítear daoine scothaosta. Áirítear leis sin freisin inrochtaineacht fhisiciúil foirgneamh cúirte, rochtain ar fhaisnéis dhlíthiúil, cabhair nó cúnamh dlíthiúil, agus formáid na faisnéise ar líne.

Léirítear roinnt treochtaí dearfacha leis an gcairt, lena n- áirítear i ndáil le hinrochtaineacht fhisiciúil foirgneamh cúirte agus seomraí cúirte, inrochtaineacht cúnaimh dhlíthiúil, nó réitigh atá i bhfeidhm chun cuidiú le daoine scothaosta a bheith rannpháirteach in imeachtaí cúirte. Léirítear léi freisin go bhfuil faisnéis le fáil ar líne níos mó i bhformáidí atá inrochtana go héasca ag daoine scothaosta agus go bhfuil an ceart ag ENRanna nó ag comhlachtaí comhionannais imeachtaí breithiúnacha a thionscnamh nó a bheith rannpháirteach iontu i líon níos airde Ballstát. Tá dúshláin roimh Bhallstáit áirithe go fóill, áfach. Is ann do Bhallstáit fós ina bhfuil dul chun cinn á dhéanamh go mall agus ina bhfuil an staid marbhánta nó ag dul in olcas fiú.

**Fíor .: Socruithe sonracha maidir le rochtain ar an gceartas do <u>dhaoine atá i mbaol idirdhealaithe</u>[76] agus <u>do dhaoine scothaosta</u>[77]** *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([78]))*




*(*) **BE**: Institiúid phoiblí neamhspleách is ea Unia a chuireann an comhionannas chun cinn agus a throideann in aghaidh an idirdhealaithe. Is ann do shuíomhanna gréasáin tiomnaithe freisin lena n- áirítear Just-on-web agus e-deposit. **DK**: Is féidir daoine a dhíolmhú ó réitigh phoiblí dhigiteacha a úsáid, mura bhfuil rochtain acu ar ríomhaire, fón cliste, nó táibléad ina n- áit chónaithe, mar shampla. I gcásanna speisialta, is féidir leis an gcúirt a chinneadh go bhféadfar duine a dhíolmhú ó minretssag.dk a úsáid mura bhfuil scileanna digiteacha ag an duine sin nó má tá míchumas sonrach air. **IE**: Tá sé de chumhacht ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas iarratas a dhéanamh chuig an Ard- Chúirt, chuig an gCúirt Achomhairc nó chuig an gCúirt Uachtarach ar chead chun teacht os comhair na cúirte mar amicus curiae in imeachtaí a bhaineann le cearta an duine agus/nó an comhionannas; ní thagann comhdú digiteach in ionad foirmeacha traidisiúnta de chomhdú agus seirbheáil. **ES**: Le hAirteagal 7 bis de Ghníomh um Nósanna Imeachta Sibhialta na Spáinne, tugtar isteach roinnt forálacha nua lena áirithiú go mbíonn rochtain éasca ag daoine scothaosta ar an gceartas. **HR**: ba in 2017 a rinneadh an suirbhé deireanach den chineál seo. Le suirbhé nua in 2025 roinnfear ceisteanna de réir aoisghrúpaí na rannpháirtithe. **IT**: níl gach áitreabh cúirte inrochtana ag daoine scothaosta. **FI**: is féidir le hoifigigh cúnaimh dhlíthiúil cuairteanna a thabhairt ar dhuine scothaosta chun an fhadhb atá aige a réiteach. **LT**: De réir an Dlí maidir le Cúnamh Dlíthiúil arna Ráthú ag an Stát, íospartaigh gníomhartha coiriúla a rinneadh agus é de rún fuath a léiriú ina leith, lena n- áirítear ar fhoras aoise, tá siad incháilithe do chúnamh dlíthiúil gan beann ar a n- ioncam agus a sócmhainní. **MT**: In 2023, shínigh Legal Aid Malta meabhrán tuisceana leis an Roinn um Aosú Gníomhach agus Cúram Pobail chun cúnamh dlíthiúil saor in aisce a sholáthar do chliaint scothaosta (cliaint os cionn 60 bliain d'aois) i gcásanna sibhialta agus coiriúla araon, lena n- áirítear cásanna ina bhfuil daoine scothaosta ina n- íospartaigh choiriúlachta nó inar bhain foréigean ar bhonn inscne dóibh. **NL**: Cuireann an Bhreithiúnacht an pobal ar an eolas faoin áit ar*

[76] Daoine atá i mbaol idirdhealaithe, go háirithe ar an bhforas a liostaítear in Airteagal 19 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh: 'gnéas, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéis', agus Airteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha: 'inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, gnéithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh'.

[77] Chun críoch na cairte seo, daoine atá 65 bliana d'aois nó os a chionn.

[78] Sonraí ó 2023 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.

*féidir leo teacht ar chomhairle dlí (Juridisch Loket, dlíodóirí, etc.). Ba cheart an fhaisnéis sin a bheith soláimhsithe agus intuigthe do gach duine, lena n- áirítear daoine scothaosta. Tugadh faoi thaighde ar úsáideoirí chun é sin a sheiceáil.* ***AT****: Tá foirgnimh chúirte (seachas roinnt bheag eisceachtaí) saor ó bhacainní agus tá rochtain fhisiceach éasca orthu ag daoine scothaosta dá bhrí sin.* ***PL****: ENRanna nach bhfuil de chúram reachtúil orthu gnó a dhéanamh, féadfaidh siad imeachtaí a thionscnamh agus a bheith rannpháirteach in imeachtaí ar feitheamh chun cearta na saoránach a chosaint, i gcásanna dá ndéantar foráil le dlí.* ***PT****: Nuair a bhíonn duine leochaileach ina íospartach coireachta poiblí (i gcás coireanna poiblí, is é an t- ionchúisitheoir poiblí a thionscnaíonn imeachtaí ar bhonn ex officio), féadfaidh ENRanna nó comhlachtaí comhionannais na himeachtaí a thionscnamh.* ***SI****: soláthraítear faisnéis maidir le nósanna imeachta ar bhealach faisnéiseach soláimhsithe ar shuíomhanna gréasáin tiomnaithe.* ***SK****: Is trí Lárionaid um Chúnamh Dlíthiúil agus cosantóirí poiblí na gceart den chuid is mó a chuirtear chun feidhme rochtain ar an gceart atá ag saoránaigh chun cúnaimh dhlíthiúil atá ráthaithe leis an mbunreacht.*

Comhlánaíonn Fíor 28 Fíoracha 19 agus 20 maidir le héifeachtúlacht imeachtaí i réimse dhlí na dtomhaltóirí trí bhearta roghnaithe sonracha arna ndéanamh ag Ballstáit an Aontais a léiriú chun feasacht a mhéadú maidir leis an tsamhail Eorpach nua comhshásaimh ([79]) atá dírithe ar fheabhas a chur ar rochtain tomhaltóirí ar cheartas i gcásanna díobhála do shlua mór daoine.

**Fíor .: Socruithe sonracha le haghaidh caingne ionadaíocha lena gcosnaítear comhleasanna tomhaltóirí, 2024** (*) (*foinse: An Coimisiún Eorpach ([80])*)




*(*) Caingne ionadaíocha mar a leagtar amach le Treoir (AE) 2020/1828. Is caingne iad a thionscnaíonn eintitis cháilithe os comhair cúirteanna náisiúnta nó údaráis riaracháin thar ceann grúpaí tomhaltóirí chun bearta urghaire a lorg (i.e. chun stad a chur le cleachtais neamhdhleathacha trádálaí, ar an gcaoi chéanna leis an méid dá ndéantar foráil i dTreoir 2009/22/CE maidir le hUrghairí), bearta sásaimh (amhail aisíocaíocht, athsholáthar, deisiú) nó bearta urghaire agus sásaimh araon. Is é is aidhm don cheist seo faisnéis a bhailiú maidir le cleachtais shonracha, nach gá go mbeidís nasctha go díreach le cur chun feidhme na Treorach. Ní thuairiscítear sonraí le haghaidh* ***HR, LU, HU, RO****.* ***NL****: Tá na cúirteanna uile san Ísiltír (na ranna dlí shibhialta) inniúil i gcaingne ionadaíocha. Sa*

[79] Mar a tugadh isteach le Treoir (AE) 2020/1828 maidir le caingne ionadaíocha, https://commission.europa.eu/law/law-topic/consumer-protection-law/representative-actions-directive_ga, chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint.

[80] Sonraí ó 2024 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta agus ón nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach.

*chleachtas, is é buíon náisiúnta breithiúna speisialaithe/a bhfuil taithí acu sa chineál seo nós imeachta a láimhseálann na cásanna seo. Ní córas um rogha gan bheith páirteach atá ann, rud a chiallaíonn nach gá do thomhaltóirí gníomhú ach amháin mura bhfuil siad ag iarraidh go ndéanfaí ionadaíocht orthu sa chaingean. Ní mór é sin a chur in iúl don chúirt i scríbhinn.* ***BE****: níl aon chlárlann ann ach ní mór cinntí áirithe a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na hAireachta Geilleagair agus san iris oifigiúil.* ***DK****: I láthair na huaire, is iad na heintitis cháilithe Ombudsman Tomhaltóirí na Danmhairge (Forbrugerombudsmanden) agus Gníomhaireacht Cógas na Danmhairge (Lægemiddelstyrelsen) a dtacaítear leo araon le cistiú poiblí.* ***EE****: éistear díospóidí tomhaltóirí ag an gCoiste um Dhíospóidí Tomhaltóirí, ar eintiteas neamhspleách agus neamhchlaonta é a réitíonn díospóidí tomhaltóirí.* ***IE****: tá alt faoi chaingne ionadaíocha foilsithe ar an suíomh gréasáin Faisnéis do Shaoránaigh mar chuid dá leathanach faisnéise do thomhaltóirí 'Conas gearán a dhéanamh'.* ***EL****: Cuirtear córas nua caingne ionadaíocha i bhfeidhm le Dlí 5019/2023.* ***LV****: Is ann d'eintiteas cáilithe trasteorann tiomnaithe amháin sa Laitvia. Ní raibh aon chaingean ionadaíoch ann go fóill.* ***LT****: Cuirtear bearta feasachta poiblí maidir le caingne ionadaíocha tomhaltóirí i bhfeidhm den chuid is mó trí fhaisnéis ábhartha a sholáthar ar shuíomhanna gréasáin an Údaráis Stáit um Chosaint Ceart Tomhaltóirí (SCRPA) agus comhlachas tomhaltóirí (e.g. meabhrán arna fhoilsiú ar shuíomh gréasáin SCRPA, https://vvtat.lrv.lt/media/viesa/saugykla/2024/2/o2moBOazC4c.pdf).* ***PT****: Tá liosta na gcaingne ionadaíocha a tugadh os comhair chúirteanna PT le fáil ar shuíomh gréasáin Ard- Stiúrthóireacht na dTomhaltóirí, chomh maith le teagmhálaí an eintitis agus aon doiciméad ábhartha do thomhaltóirí: https://www.consumidor.gov.pt/consumidor_4/acoes-coletivas/informacoes-sobre-acoes-coletivas.* ***SK****: is féidir le tomhaltóirí páirt a ghlacadh sa chaingean comhchoiteann trí aon nótaire. Tá an fhoirm iarratais le fáil ag an nasc seo a leanas https://static.slov-lex.sk/pdf/prilohy/SK/ZZ/2023/289/20230725_5563264-2.pdf.*

Cuireann an Scórchlár Ceartais AE 2025 leis an anailís ar cheartas lena dtacaítear le leanaí. I bhFíor 29 breathnaítear ar éagsúlacht níos leithne de shocruithe sonracha maidir le ceartas a thacaíonn le leanaí (imeachtaí ceartais shibhialta agus ceartais choiriúil/imeachtaí ceartais na n- óg araon). Fiosraítear i bhFíor 30 raon níos leithne de shocruithe sonracha atá ar fáil nuair a bhíonn leanbh páirteach mar íospartach nó mar amhrastach/duine cúisithe in imeachta breithiúnacha.

**Fíor .: Socruithe sonracha maidir le ceartas/imeachtaí a thacaíonn le leanaí (imeachtaí ceartais shibhialta agus imeachtaí ceartais choiriúil/imeachtaí ceartais na n- óg), 2024** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([81]).*

[81] Sonraí ó 2024 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.




*(*)Leanaí: daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.*

**Fíor .: Socruithe sonracha le haghaidh <u>leanaí atá rannpháirteach in imeachtaí coiriúla mar íospartaigh nó mar dhaoine atá faoi dhrochamhras nó mar dhaoine atá cúisithe</u> (leanaí: daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois), 2024** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([82]))*




*(*) Leanaí: daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.*

---

[82] Sonraí ó 2024 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.

Cuireann Scórchlár Ceartais AE 2025 leis an anailís ar rochtain ar cheartas d’íospartaigh na coireachta agus d’íospartaigh foréigin in aghaidh na mban/foréigin teaghlaigh.

**Fíor .: Leigheasanna dlí maidir le híospartaigh na coireachta, 2024** *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([83]))*




[83] Sonraí ó 2024 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.

**Fíor .: Leigheasanna dlí maidir le <u>híospartaigh foréigin in aghaidh na mban/foréigin teaghlaigh</u>, 2024** *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([84]))*




### 2.2.2. Acmhainní

Tá gá le hacmhainní leordhóthanacha ionas go bhfeidhmeoidh an córas ceartais i gceart. Áirítear leis sin na hinfheistíochtaí is gá i mbonneagar fisiciúil agus teicniúil, chomh maith le foireann de gach cineál atá cáilithe, oilte agus a íoctar ar bhealach leordhóthanach. In éagmais saoráidí, uirlisí ná foireann leordhóthanach ag a bhfuil na cáilíochtaí agus scileanna is gá chomh maith le rochtain ar oiliúint leanúnach, déantar dochar do cháilíocht na n-  imeachtaí agus na gcinntí.

*– Acmhainní airgeadais –*

Léirítear sna fíoracha thíos caiteachas iarbhír an rialtais ar fheidhmiú an chórais ceartais (gan príosúin san áireamh), in aghaidh an áitritheora (Fíor 33) agus mar sciar d’olltáirgeacht intíre (OTI) (Fíor 34) araon.

[84] Sonraí ó 2024 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.

**Fíor .: <u>Caiteachas iomlán ginearálta rialtais ar chúirteanna dlí in EUR in aghaidh an áitritheora</u>, 2013, 2021 – 2023 (*)** *(foinse: Eurostat)*




*(*) Cuireadh na Ballstáit in ord de réir a gcaiteachais in 2023 (ón méid is airde chuig an méid is ísle). Is sonraí sealadacha iad sonraí 2022 le haghaidh DE, ES, FR agus SK. Is sonraí sealadacha iad sonraí 2023 le haghaidh BE, DE, ES, PT agus SK. Tá briseadh sa tsraith ag sonraí le haghaidh PL in 2022. Foinse: Eurostat, Gov_10a_exp*

**Fíor .: <u>Caiteachas iomlán ginearálta rialtais ar chúirteanna dlí mar chéatadán de OTI</u>, 2013, 2021 – 2023 (*)** *(foinse: Eurostat)*




*(*)Cuirtear na Ballstáit in ord de réir a gcaiteachais in 2023 (ón méid is airde go dtí an méid is ísle). Is sonraí sealadacha iad sonraí 2022 le haghaidh DE, ES, FR agus SK. Is sonraí sealadacha iad sonraí 2023 le haghaidh BE, DE, ES, PT agus SK. Tá briseadh sa tsraith ag sonraí le haghaidh PL in 2022. Foinse: Eurostat, Gov_10a_exp*

Cuirtear i láthair le Fíor 35 an cóimheas idir tuarastail bhliantúla breithiúna agus ionchúisitheoirí agus an meántuarastal bliantúil sa tír. I gcás gach tíre, cuireann na barraí na cóimheasa sin i láthair

do bhreithiúna agus d'ionchúisitheoirí ag tús a ngairmréimeanna faoi seach, agus ag a mbuaic. De bhua Airteagal 19(1) CAE, tá ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh a gcúirteanna ar an iomlán agus na breithiúna aonair araon neamhspleách sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais. Cé nár breithníodh nach sárú ar an bhforáil seo é laghdú sealadach ar luach saothair i gcomhthéacs bearta déine, tá sé ráite ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur ráthaíocht bhunriachtanach ar neamhspleáchas breithiúnach é leibhéal luacha saothair a fhaigheann comhaltaí na mbreithiúna agus tábhacht na bhfeidhmeanna a chuirtear i gcrích ([85]).

**Fíor .: An cóimheas idir <u>tuarastail bhliantúla breithiúna agus ionchúisitheoirí</u> agus an meántuarastal comhlán bliantúil sa tír in 2023** (*) *(foinse: Staidéar ón gCoimisiún Eorpach um Éifeachtúlacht an Cheartais de chuid Chomhairle na hEorpa (CEPEJ))*




*(*) Is féidir teacht ar bharúlacha sonracha na mBallstát maidir leis na sonraí i staidéar CEPEJ ([86]).*

Cuirtear i láthair i bhFíor 36 an cóimheas idir tuarastail bhliantúla na foirne saineolaithe breithiúnacha agus na foirne saineolaithe ionchúisimh agus an meántuarastal bliantúil sa tír. I gcás gach tíre, leis an gcéad dá bharra cuirtear cóimheasa na foirne saineolaithe breithiúnacha i láthair ag tús a ngairmréime, agus tar éis 10 mbliana de sheirbhís, agus leis an tríú barra agus an ceathrú barra cuirtear cóimheasa na foirne saineolaithe ionchúisimh i láthair ag tús a ngairmréime siúd, agus tar éis 10 mbliana de sheirbhís.

---

[85] Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, Cás C- 64/16 *Associação Sindical dos Juízes Portugueses*, (ECLI:EU:C:2018:117) mír 45, 'Amhail an chosaint do chomhaltaí an chomhlachta lena mbaineann in aghaidh a gcur as oifig (féach, go háirithe, breithiúnas an 19 Meán Fómhair 2006, *Wilson*, C- 506/04, EU:C:2006:587, mír 51), is ráthaíocht atá riachtanach do neamhspleáchas breithiúnach é go bhfaigheann na comhaltaí sin leibhéal luacha saothair atá i gcomhréir le tábhacht na bhfeidhmeanna a dhéanann siad.' Féach freisin Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, Cásanna Uamtha C- 146/23 agus C- 374/23 *Sąd Rejonowy w Białymstoku* agus *Adoreikė* (ECLI:EU:C:2025:109), mar a ndeimhníonn an Chúirt nach mór na rialacha mionsonraithe maidir le luach saothair breithiúna a chinneadh a bheith oibiachtúil, intuartha, cobhsaí agus trédhearcach. Ní mór bunús dlí a bheith leis an gcinneadh maidir leis an luach saothair sin agus ní mór critéir na hoibiachtúlachta, na hintuarthachta, na cobhsaíochta agus na trédhearcachta a chomhlíonadh leis. Aon mhaolú ar an modh chun an luach saothair a chinneadh, ní mór údar a thabhairt leis le cuspóir leasa ghinearálta.

[86] https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/policies/justice-and-fundamental-rights/upholding-rule-law/eu-justice-scoreboard_ga#documents

**Fíor .: Cóimheas idir tuarastail bhliantúla na foirne saineolaithe breithiúnacha agus na foirne saineolaithe ionchúisimh agus an meán- olltuarastal bliantúil lánaimseartha arna choigeartú sa tír in 2023** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach agus Eurostat ([87]))*




*(*) Táscaire forbartha i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.Tagraíonn sonraí maidir le tuarastail d'olltuarastal tosaigh bliantúil íosta, in 2023, in euro, agus d'olltuarastal bliantúil íosta tar éis 10 mbliana taithí, in 2023, in euro. Déantar an t- olltuarastal a ríomh sula n- íoctar aon chostas leasa agus cánacha. Áirítear bónais a íoctar go tráthrialta le gach ball foirne gan beann ar a gcúinsí pearsanta (mar shampla, an 13ú tuarastal a íoctar gan eisceacht leis an bhfoireann sa chúirt/san ionchúiseamh poiblí). Eisiatar bónais atá nasctha le cúinsí pearsanta (mar shampla liúntais teaghlaigh a bhíonn ag brath ar an líon leanaí) ón méid. Mura gcuirtear a mhalairt in iúl, úsáidtear an t- íosluach tuarastail ó na catagóirí foirne a thagann faoin ngrúpa foirne faoi seach. Ríomhadh an cóimheas in aghaidh tháscaire Eurostat 'Meántuarastal coigeartaithe lánaimseartha in aghaidh an fhostaí', nama_10_fte, le haghaidh 2023. Tagraíonn foireann bhreithiúnach d'fhoireann saineolaithe ag cúirteanna céadchéime a rannchuidíonn leis na himeachtaí breithiúnacha/a bhfuil baint acu leis an gcinnteoireacht, amhail breithiúna cúnta, Rechtspfleger, cúntóirí do bhreithiúna auxilliares de justice, cláraitheoirí cúirte. Tagraíonn foireann ionchúisimh phoiblí d'fhoireann saineolaithe ar an leibhéal is ísle d'oifigí ionchúisimh a chuireann leis na himeachtaí/a raibh baint acu le cinnteoireacht amhail cúntóirí ionchúisitheoirí, ionchúisitheoirí faoi oiliúint. Is iad seo a leanas na catagóirí sonracha dá dtagraíonn na Ballstáit aonair laistigh den dá ghrúpa níos leithne sin agus a léirítear sa chairt, faoi seach; J: tagraíonn sé d'fhoireann bhreithiúnach, P:tagraíonn sé d'fhoireann ionchúisimh. **BE**: griffier/greffier (J), secretaris/secrétaire (P). Áirítear leis na sonraí a chuirtear ar fáil an pá saoire agus an bónas deireadh bliana. **BG**: cúntóir breithiúnach (J), cúntóir ionchúisimh (P). **CZ**: ardoifigeach breithiúnach (J), foireann ionchúisimh phoiblí (P). **DK**: breitheamh cúnta (J), ionchúisitheoir faoi oiliúint (P). Tá tuarastal an bhreithimh chúnta tar éis 10 mbliana de thaithí bunaithe ar an meántuarastal. **DE**: ní shonraítear. **EE**: cléireach dlí (J), ionchúisitheoir cúnta (P). **IE**: cúntóir breithiúnach (J), feidhmeannach dlíthiúil (P). **EL**: cláraitheoir cúirte (J).*

[87] Sonraí 2024 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta agus Eurostat. Tá difríocht idir foinse na sonraí maidir leis an meán- olltuarastal bliantúil a úsáidtear chun na cóimheasa i bhFíor 34 agus i bhFíor 35 a ríomh (i bhFíor 34, soláthraíonn CEPEJ iad, trí úsáid a bhaint as faisnéis arna soláthar ag a gcomhfhreagraithe náisiúnta, agus i bhFíor 35, is é Eurostat an fhoinse). Dá bhrí sin, níl na cóimheasa inchomparáide go díreach idir an dá fhigiúr.

***ES**: Letrados de la Administración de Justicia (J), Cuerpo de Auxilio Judicial (P). **FR**: cúntóir dlí/cléireach (J), cúntóir dlí/cléireach (P). **HR**: cúntóir breithiúnach (J), cúntóir ionchúisitheora (P). **IT**: foireann na cúirte breithiúnaí a bhaineann le réimse III agus deighleog eacnamaíoch F1(J), foireann na cúirte breithiúnaí a bhaineann le réimse III agus deighleog eacnamaíoch F2(J), foireann ionchúisimh phoiblí a bhaineann le réimse III agus deighleog eacnamaíoch F1(P), foireann ionchúisimh phoiblí a bhaineann le réimse III agus deighleog eacnamaíoch F2(P). **CY**: cláraitheoir (J). **LV**: cúntóir don bhreitheamh (J), Dlíodóir- comhairleoir, dlíodóir i réimse an dlí choiriúil, dlíodóir – anailísí (P). Is iad cúntóirí do bhreithiúna amháin atá ar an bhfoireann bhreithiúnach. Níl aon réimse tuarastail sa chatagóir sin. Maidir leis an gcatagóir 'cúntóir don bhreitheamh', ba é an t- uastuarastal in 2022 na sonraí a cuireadh in iúl. Is ionann an tuarastal do gach cúntóir do bhreithiúna i gcúirteanna céadchéime. Mar shampla, má fhaigheann an cúntóir ag an mbreitheamh an marc meastóireachta is airde sa phróiseas meastóireachta bliantúil, is féidir leis an t- uastuarastal a fháil cheana féin laistigh den chéad bhliain oibre. A mhéid a bhaineann le foireann na hOifige Ionchúisimh, is iad na sonraí meántuarastal na bpost sonraithe. Tá tuarastal socraithe ag an bhfoireann ag an dá leibhéal den Oifig Ionchúisimh nach mbraitheann ar na blianta a d'oibrigh siad san oifig. **LT**: Cúntóirí breithiúnacha (cúntóirí breithiúnacha sinsearacha) (J), cúntóirí ionchúisitheoirí agus cúntóirí na bpríomhionchúisitheoirí (P). Is meán de thuarastail shonracha laistigh de chatagóir ar leith iad luachanna tuarastail an chúntóra bhreithiúnaigh agus ionchúisimh phoiblí agus na foirne cléireachais. **LU**: Référendaires: Employé A1(J), Référendaires: Employé A1(J). **HU**: Gníomhaire oifig an ionchúisitheora phoiblí (P). **MT**: cúntóir breithiúnach (J), dlíodóir faoi oiliúint (P). **NL**: Níl sé ar fáil mar gheall ar tháscaire Eurostat ar mheántuarastal coigeartaithe lánaimseartha in aghaidh an fhostaí a bheith ar iarraidh. **AT**: Breithiúna faoi oiliúint/cúntóirí dlíthiúla/iniúchóirí/oifigigh bhreithiúnacha (Rechtspfleger) (J), ionchúisitheoir faoi oiliúint (P). Rátaí tuarastail reachtúla atá sna sonraí. Déantar baill foirne nó grúpaí tuarastail éagsúla a ghrúpáil le chéile i gcatagóir ball foirne amháin, agus tugtar meánluach dóibh bunaithe ar an tuarastal reachtúil agus ar na rátaí pá. **PL**: breitheamh cúnta (J). Is éard atá sna sonraí meán na dtuarastal sonrach laistigh de chatagóir ar leith. **RO**: ionchúisitheoir faoi oiliúint (P). Níl ach an chatagóir 'ionchúisitheoir faoi oiliúint' ag RO – ní 'cúntóirí ionchúisitheoirí' ná catagóirí eile foirne saineolaithe a chuireann leis na himeachtaí/a bhfuil baint acu leis an gcinnteoireacht. Dá bhrí sin, níor soláthraíodh ach tuarastal tosaigh na n- ionchúisitheoirí faoi oiliúint. Níorbh ann do chatagóir na foirne breithiúnaí i gcúirteanna céadchéime sa Rómáin in 2022, agus dá bhrí sin ní chuirtear aon sonraí ar fáil le haghaidh na catagóire sin. **SI**: cúntóir breithiúnach (J), comhairleoir breithiúnach sinsearach (P). **SK**: cúntóir (J), oiliúnaí dlíthiúil (P). **FI**: breitheamh faoi oiliúint (J), cúntóir an ionchúisitheora (P). **SE**: cléireach dlí chéim 1(J), ionchúisitheoir poiblí faoi oiliúint (P).*

*– Acmhainní daonna –*

Tá acmhainní daonna leordhóthanacha fíor- riachtanach le haghaidh cáilíocht córais ceartais. Cuireann éagsúlacht i measc breithiúna, lena n- áirítear cothromaíocht inscne, le heolas, scileanna agus taithí chomhlántach agus léirítear fíorstádas na sochaí léi.

**Fíor .: <u>An líon breithiúna</u>, 2014, 2021 – 2023** (*) *(in aghaidh 100 000 áitritheoir) (foinse: Staidéar ón gCoimisiún Eorpach um Éifeachtúlacht an Cheartais de chuid Chomhairle na hEorpa (CEPEJ))*




*(*) Is éard atá sa chatagóir sin breithiúna a oibríonn go lánaimseartha, de réir mhodheolaíocht CEPEJ. Ní áirítear léi na Rechtspfleger/cléirigh chúirte atá i roinnt Ballstát.* ***EL****: ó bhí 2016 ann, áirithítear i sonraí maidir le líon na mbreithiúna gairmiúla gach aicme le haghaidh ceartas coiriúil agus sibhialta chomh maith le breithiúna riaracháin.* ***IT****: Ní chuirtear coimisiúin iniúchta réigiúnacha, coimisiúin cánach áitiúla ná cúirteanna míleata san áireamh. Cuirtear ceartas riaracháin san áireamh ó bhí 2018 ann.* ***AT****: tá sonraí maidir le ceartas riaracháin mar chuid de na sonraí ó bhí 2016 ann.*

**Fíor .: Sciar de <u>bhreithiúna gairmiúla is mná ar an gCúirt Uachtarach</u> 2022 – 2024 (*)** *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([88]))*




*(*) Cuireadh na sonraí in eagar de réir luachanna 2024, ón luach is airde chuig an luach is ísle.*

**Fíor .: <u>An líon dlíodóirí</u>, 2014, 2021 – 2023 (*)** *(in aghaidh 100 000 áitritheoir) (foinse: Staidéar ón gCoimisiún Eorpach um Éifeachtúlacht an Cheartais de chuid Chomhairle na hEorpa (CEPEJ))*




*(*) I gcomhréir le modheolaíocht CEPEJ, is éard atá i gceist le dlíodóir ná duine cáilithe agus údaraithe ag an dlí náisiúnta chun pléadáil agus gníomhú thar cheann a chliant; chun bheith rannpháirteach i gcleachtas an dlí; chun teacht os comhair na gcúirteanna nó comhairle a chur ar fáil dá chliaint agus ionadaíocht a dhéanamh ar a chliaint i gcúrsaí dlí (Moladh Rec (2000)21 ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa maidir le saoirse chun gairm bheatha an dlíodóra a fheidhmiú). **DE**: Ní dhéantar aon idirdhealú idir grúpaí éagsúla dlíodóirí sa Ghearmáin. **FI**: Ó 2015, áirithítear sa líon dlíodóirí an líon dlíodóirí a oibríonn san earnáil phríobháideach chomh maith leis an líon dlíodóirí a oibríonn san earnáil phoiblí.*

[88] An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, Bunachar Staidrimh Inscne: https://eige.europa.eu/gender-statistics/dgs/indicator/wmidm_jud_natcrt__wmid_natcrt_supcrt/datatable

### 2.2.3. Digitiú

Féadfaidh úsáid teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) córas cheartais na mBallstát a neartú agus iad a dhéanamh níos inrochtana, níos éifeachtaí, níos seasmhaí agus réidh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann sa todhchaí. Chuir paindéim COVID- 19 roinnt dúshlán a dhéanann difear d'fheidhmiú na breithiúnachta i dtábhacht agus léirigh sí gur gá do chórais cheartais náisiúnta tuilleadh feabhais a chur ar a ndigiteáil.

I leaganacha níos luaithe de Scórchlár Ceartais AE, soláthraíodh sonraí comparáideacha ar ghnéithe áirithe a bhaineann le TFC i gcórais cheartais. Mar a fógraíodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le digitiú ceartais san Aontas, an 2 Nollaig 2020([89]), cuireadh leis an Scórchlár ar bhealach substaintiúil le sonraí breise ar dhigitiú sna Ballstáit. Ba cheart don fheabhas sin ceadú do mhonatóireacht níos doimhne a dhéanamh ar réimsí dul chun cinn agus ar dhúshláin atá ann fós.

Éilítear le ceartas lena dtacaítear le saoránaigh go bhfuil faisnéis faoi chórais cheartais náisiúnta inrochtana go héasca, agus ní hamháin sin ach go bhfuil sí oiriúnaithe do ghrúpaí sonracha den tsochaí a mbeadh deacrachtaí acu murach an fhaisnéis inrochtana sin rochtain a fháil ar an bhfaisnéis, daoine faoi mhíchumas ina measc. Léirítear i bhFíor 40 infhaighteacht faisnéise ar líne agus seirbhísí poiblí sonracha a chuidíonn le daoine rochtain a fháil ar an gceartas.

**Fíor .: Infhaighteacht faisnéise ar líne faoin gcóras ceartais le haghaidh an phobail i gcoitinne, 2024** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([90]))*

[89] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'Digitalisation of justice in the European Union: A toolbox of opportunities' [Digitiú an cheartais san Aontas Eorpach: Bosca uirlisí de dheiseanna], COM(2020)710, agus SWD(2020)540 a ghabhann leis.

[90] Sonraí ó 2024 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.




*(*) **DE**: Déanann gach stát cónaidhme chomh maith le gach leibhéal feidearálach cinneadh faoin bhfaisnéis a chuirfear ar fáil ar líne.*

*– Rialacha le bheith in oiriúint don saol digiteach –*

Is minic a éilítear rialú iomchuí i rialacha nós imeachta le haghaidh úsáid réiteach digiteach i gcásanna sibhialta/tráchtála, riaracháin agus coiriúla. Léirítear le Fíor 41 na féidearthachtaí a leagtar amach leis an dlí do ghníomhaithe éagsúla úsáid a bhaint as teicneolaíocht chianchumarsáide (amhail físchomhdháil) le haghaidh nósanna imeachta cúirte agus nósanna imeachta a bhaineann leis an gcúirt, agus léirítear leis an bhfíor sin an staid reatha maidir le hinghlacthacht fianaise leictreonaí.

**Fíor .: <u>Rialacha nós imeachta a cheadaíonn an teicneolaíocht dhigiteach i gcúirteanna</u> i gcásanna sibhialta/tráchtála, riaracháin agus coiriúla, 2024** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([91]))*

[91] Sonraí ó 2024 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.




*(*) Uasmhéid féideartha: 12 phointe. Maidir le gach critéar, tugadh 2 phointe má tá an fhéidearthacht ann i ngach cás sibhialta/tráchtála, riaracháin agus coiriúla, faoi seach (i gcásanna coiriúla, roinneadh an fhéidearthacht maidir le páirtithe a éisteacht chun na cosantóirí agus na híospartaigh a chumhdach). Roinneadh na pointí sin faoi dhó áit nach bhfuil an fhéidearthacht ann i ngach uile chás. Maidir leis na Ballstáit sin nach ndéanann idirdhealú idir cásanna sibhialta/tráchtála agus riaracháin, tugadh an líon céanna pointí don dá réimse.* ***EL, LU****: níor tugadh aon phointe le haghaidh cásanna riaracháin.*

*– Úsáid uirlisí digiteacha –*

Thar rialacha nós imeachta le bheith in oiriúint don saol digiteach, ní mór do chúirteanna agus seirbhísí ionchúisimh na huirlisí agus an bonneagar iomchuí a bheith i bhfeidhm acu le haghaidh na cianchumarsáide agus cianrochtain shábháilte ar an ionad oibre (Fíor 42). Tá gá le bonneagar agus trealamh leordhóthanach freisin le haghaidh cumarsáid leictreonach shábháilte idir cúirteanna/seirbhísí ionchúisimh agus dlíodóirí agus institiúidí (Fíoracha 43 agus 44).

Tá ról tábhachtach ag TFC, lena n- áirítear teicneolaíocht nuálach, chun tacú leis an obair a dhéanann údaráis bhreithiúnacha. Dá bhrí sin, cuireann sé le cáilíocht na gcóras ceartais ar bhealach suntasach. Féadfaidh infhaighteacht uirlisí digiteacha éagsúla do bhreithiún, cúisitheoirí agus foireann bhreithiúnach próisis oibre a chuíchóiriú, leithdháileadh cóir ualach oibre a áirithiú agus an méid ama a chaitear a laghdú go suntasach.

**Fíor .: <u>Úsáid teicneolaíochta digití ag cúirteanna agus seirbhísí ionchúisimh</u>, 2024** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([92]))*




*(*) Uasmhéid féideartha: 7 bpointe. Maidir le gach critéar, tugadh 1 phointe amháin do na cúirteanna agus do na seirbhísí ionchúisimh, faoi seach, má úsáideann siad teicneolaíocht áirithe agus bronnadh 0.5 pointe i gcás nár bhain siad úsáid as an teicneolaíocht i gcónaí.*

Féadfaidh cumarsáid leictreonach shábháilte cur le cáilíocht córas ceartais a fheabhsú. Bheifí in ann próisis a chomhchuibhiú agus an gá atá le cumarsáid pháipéarbhunaithe agus láithreacht fhisiciúil a laghdú dá mbeadh féidearthacht ag na cúirteanna cumarsáid a dhéanamh le chéile go

[92] Sonraí ó 2024 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.

leictreonach, chomh maith le cumarsáid a dhéanamh le dlíodóirí agus institiúidí eile. Leis sin laghdófaí an tréimhse a chaitear ar ghníomhaíochtaí réamhthrialacha agus imeachtaí cúirte.

**Fíor .: <u>Na Cúirteanna: uirlisí ríomhchumarsáide</u>, 2024** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([93]))*




*(*) Uasmhéid féideartha: 5 phointe. Maidir le gach critéar, tugadh 1 phointe amháin i gcás ina raibh cumarsáid leictreonach ar fáil do na cúirteanna. Bronnadh 0.5 nuair nach ann don fhéidearthacht i ngach cás.* ***FI****: ní bhaineann cúraimí nótairí leis na cúirteanna. Dá bhrí sin, níl aon chúis le nasc slán a sholáthar dóibh.*

Tá seirbhísí ionchúisimh fíor- riachtanach le haghaidh fheidhmiú an chórais ceartais choiriúil. B'fhéidir rochtain ar chainéal cumarsáide leictreonach slán a gcuid oibre a éascú agus, dá bhrí sin, feabhas a chur ar cháilíocht na n- imeachtaí cúirte. Chumasódh féidearthacht le haghaidh cumarsáid leictreonach shlán idir na seirbhísí ionchúisimh agus na húdaráis imscrúdaithe, dlíodóirí cosanta agus na cúirteanna ullmhú níos tapa agus níos éifeachtúla na n- imeachtaí roimh an gcúirt.

[93] Sonraí ó 2024 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.

**Fíor .: An tSeirbhís Ionchúisimh: uirlisí ríomhchumarsáide, 2024** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([94]))*




*(*) Uasmhéid féideartha: 5 phointe. Maidir le gach critéar, tugadh 1 phointe amháin i gcás ina raibh cumarsáid leictreonach ar fáil do seirbhísí ionchúisimh. Bronnadh 0.5 nuair nach ann don fhéidearthacht i ngach cás. Áirithítear cumarsáid le dlíodóirí atá fostaithe ag an tseirbhís ionchúisimh le hinfhaighteacht uirlisí cumarsáide leictreonaí laistigh den tseirbhís ionchúisimh.*

*– Rochtain ar líne ar na cúirteanna –*

Is gné thábhachtach de cháilíocht na gcóras ceartais í a bheith in ann céimeanna sonracha i nós imeachta breithiúnach a dhéanamh go leictreonach. Trí éilimh a chur isteach go leictreonach, an fhéidearthacht le faireachán a dhéanamh ar imeachtaí ar líne agus iad a bhogadh ar aghaidh nó doiciméid a sheirbheáil go leictreonach, d'fhéadfaí rochtain ar an gceartas le haghaidh saoránach agus gnólachtaí (nó a n-  ionadaithe dlíthiúla) a éascú go suntasach agus moilleanna agus costais a laghdú. Bheadh na cúirteanna céim amháin ní ba chóngaraí do shaoránaigh agus gnólachtaí dá mbeadh na seirbhísí digiteacha poiblí sin ar fáil, agus dá réir sin, mhéadófaí iontaoibh an phobail sa chóras.

[94] Sonraí ó 2024 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.

**Fíor .: <u>Réitigh dhigiteacha chun imeachtaí cúirte a thionscnamh agus a leanúint i gcásanna sibhialta/tráchtála agus riaracháin</u>, 2024**(*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([95]))*




*(*) Uasmhéid féideartha: 9 bpointe. Maidir le gach critéar, tugadh 1 phointe amháin i gcás ina raibh an fhéidearthacht ann i ngach cás sibhialta/tráchtála agus riaracháin, faoi seach. Bronnadh 0.5 pointe nuair nach ann don fhéidearthacht i ngach cás. Maidir leis na Ballstáit sin nach ndéanann idirdhealú idir cásanna sibhialta/tráchtála agus riaracháin, tugadh an líon céanna pointí don dá réimse.*

Féadfaidh úsáid uirlisí digiteacha chun imeachtaí cúirte i gcásanna coiriúla a reáchtáil agus a leanúint cuidiú le cearta íospartach agus cosantóirí a ráthú. Féadfaidh réitigh dhigiteacha an chianchumarsáid rúnda idir cosantóirí agus a ndlíodóirí a éascú, ceadú do chosantóirí atá faoi choinneáil ullmhú dá n- éisteacht agus cuidiú le híospartaigh na coireachta an íospairt thánaisteach a sheachaint, mar shampla.

[95] Sonraí ó 2024 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.

**Fíor .: Réitigh dhigiteacha chun imeachtaí cúirte a reáchtáil agus a leanúint i gcásanna coiriúla, 2024**(*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([96]))*




*(*) Uasmhéid féideartha: 6 phointe. Maidir le gach critéar, tugadh 1 phointe amháin i gcás ina raibh an fhéidearthacht ann i ngach cás coiriúil. Bronnadh 0.5 pointe nuair nach ann don fhéidearthacht i ngach cás.*

– *Rochtain ar bhreithiúnais* –

Trí rochtain ar líne ar bhreithiúnais a áirithiú, méadaítear trédhearcacht na gcóras ceartais, cuidítear le saoránaigh agus gnólachtaí a gcearta a thuiscint agus féadfar cur leis an gcomhsheasmhacht i gcásdlí freisin. Tá socruithe iomchuí chun cinntí breithiúnacha a fhoilsiú ar líne fíor- riachtanach chun saoráidí cuardaigh so- úsáidte ([97]) a chruthú lena ndéantar cásdlí níos inrochtana le haghaidh dlíodóirí agus le haghaidh an phobail i gcoitinne, lena n- áirítear daoine faoi mhíchumas. De bharr rochtain gan uaim ar chásdlí agus an athúsáid éasca a bhaintear as, bíonn an córas ceartais fabhrach d'algartam, rud a chumasaíonn feidhmchláir nuálacha 'teicneolaíochta dlíthiúla' a thacaíonn le cleachtóirí.

Agus cinntí cúirte a fhoilsiú ar líne ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir raon leasanna éagsúla, laistigh de na teorainneacha a leagtar amach i gcreataí dlíthiúla agus beartais. Tá feidhm iomlán ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ([98]) maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag na cúirteanna. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cad iad na sonraí ar cheart a chur ar fáil

[96] Sonraí ó 2024 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.

[97] Féach *Treoraíocht maidir le dea- chleachtas chun na Cúirteanna Uachtaracha a bhainistiú*, faoin tionscadal ar Chúirteanna Uachtaracha mar ráthaíocht ar éifeachtúlacht córas ceartais, lch. 29.

[98] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

go poiblí, ní mór cothromaíocht chóir a bhaint amach idir an ceart ar chosaint sonraí agus an oibleagáid chun cinntí cúirte a fhógairt go poiblí chun trédhearcacht an chórais ceartais a áirithiú. Baineann sé sin go háirithe le cás a bhfuil suim mhór ag an bpobal ann agus údar le nochtadh na sonraí mar gheall ar an tsuim sin. I neart tíortha, éilítear anaithnidiú nó bréagainmniú ([99]) cinntí breithiúnacha sula bhfoilseofar iad, go córasach nó ar iarraidh, faoin dlí nó faoin gcleachtas. Tá sonraí a tháirgeann an bhreithiúnacht faoi réir reachtaíocht an Aontais ar shonraí oscailte agus faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid ([100]).

Cinntí breithiúnacha a bheith le fáil i bhformáid mheaisín- inléite ([101]), mar a thaispeántar i bhFíor 47, éascaíonn sé córas ceartais atá oiriúnach d'algartaim ([102]).

**Fíor .: Rochtain ar líne ag an bpobal i gcoitinne ar bhreithiúnais fhoilsithe, 2023** (*) *(cásanna sibhialta/tráchtála, riaracháin agus coiriúla, gach cás) (foinse: An Coimisiún Eorpach ([103]))*

[99] Tá an t- anaithnidiú/an bréagainmniú níos éifeachtaí má chuidíonn algartam leis. Mar sin féin, tá gá le maoirseacht dhaonna ós rud é nach dtuigeann na halgartaim comhthéacs.

[100] Treoir 2003/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 345, 31.12.2003, lch. 90) agus Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

[101] Tá breithiúnais a múnlaíodh de réir caighdeán (e.g. Akoma Ntoso) agus na meiteashonraí a bhaineann leo ar fáil le híoslódáil saor in aisce i bhfoirm bunachar sonraí nó modh uathoibrithe eile (e.g. Comhéadan Ríomhchláraithe Feidhmchlár).

[102] Féach freisin, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – *A European strategy for data* [Straitéis Eorpach maidir le sonraí], COM(2020) 66 final, Páipéar Bán ón gCoimisiún maidir le hIntleacht Shaorga – *A European approach to excellence and trust* [Cur chuige Eorpach i leith feabhais agus iontaobhais] COM(2020) 65 final, agus Conclúidí ón gcruinniú den Chomhairle agus d'ionadaithe Rialtas na mBallstát a tháinig le chéile laistigh den Chomhairle maidir le Dea- Chleachtais i ndáil le Cinntí Cúirte a Fhoilsiú ar Líne (IO C 362, 8.10.2018, lch. 2).

[103] Sonraí ó 2024 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.




*(*) Uasmhéid féideartha: 9 bpointe. Maidir le gach céim cúirte, tugadh 1 phointe amháin i gcás ina raibh na breithiúnais uile ar fáil le haghaidh cásanna sibhialta/tráchtála agus riaracháin agus coiriúla faoi seach, 0.75 pointe i gcás ina raibh an chuid ba mhó de bhreithiúnais (níos mó ná 50 %) ar fáil, agus 0.5 pointe i gcás ina raibh roinnt breithiúnas (níos lú ná 50 %) ar fáil. Maidir le Ballstáit nach bhfuil ach dhá chéim cúirte acu, tugadh pointí le haghaidh trí chéim cúirte trí aithris a dhéanamh ar an gcéim cúirte níos airde faoi seach don chéim nach bhfuil ann. Maidir leis na Ballstáit sin nach ndéanann idirdhealú idir dhá réimse dlí (sibhialta/tráchtála agus riaracháin), tugadh an líon céanna pointí don dá réimse.* ***BE****: Maidir le cásanna sibhialta agus coiriúla, tá gach cúirt i gceannas ar chinneadh a dhéanamh i ndáil le foilsiú a breithiúnas féin.* ***DE****: Déanann gach stát feidearálach cinneadh maidir le hinfhaighteacht ar líne breithiúnas ón gcéad chéim den chúirt.* ***AT****: Maidir leis an gcéad agus an dara céim, déanann breithiúna cinneadh faoi na breithiúnais a fhoilsítear. Ní fhoilsítear Cinntí ón gCúirt Uachtarach a dhiúltaíonn d'achomharc gan réasúnaíocht shubstaintiúil. Foilsítear Cinntí a dhéanann breithiúna aonair den Chúirt Uachtarach Riaracháin má chinneann an breitheamh lena mbaineann iad a fhoilsiú. Thairis sin, ní fhoilsítear cinntí nach bhfuil iontu ach saincheisteanna dlíthiúla amháin a bhfuil dlí- eolaíocht leanúnach ón gCúirt Uachtarach Riaracháin ann cheana féin agus cinntí neamhchasta a bhaineann le scor imeachtaí.* ***NL****: Déanann cúirteanna cinntí maidir le foilsiú de réir critéir fhoilsithe.* ***PT****: Déanann coimisiún laistigh den chúirt cinneadh faoin bhfoilsiú.* ***SI****: ní fhoilsítear cinntí nós imeachta nach mbaineann aon suntas don chásdlí leo nó gur beag an suntas don chásdlí a bhaineann leo; maidir le cinntí i gcásanna atá díreach mar an gcéanna go bunúsach (e.g. cásanna toirte), ní fhoilsítear ach an príomhchinneadh (in éineacht leis an liosta de chomhaid cáis ina bhfuil an t- inneachar céanna). Déanann cúirteanna uachtaracha aonair cinneadh faoi na cinntí is féidir a fhoilsiú.* ***SK****: Ní fhoilsítear cinntí ar roinnt cineálacha cásanna sibhialta, amhail cúrsaí oidhreachta nó cúrsaí a bhaineann le hatharthacht a chinneadh.* ***FI****: Déanann cúirteanna cinneadh faoi na breithiúnais a fhoilsítear.*

**Fíor .: Socruithe chun cinntí breithiúnacha atá meaisín- inléite a tháirgeadh, 2024 (*)** *(cásanna sibhialta/tráchtála, riaracháin agus coiriúla, gach céim) (foinse: An Coimisiún Eorpach ([104]))*

[104] Sonraí ó 2024 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.




*(*) Uasmhéid féideartha: 24 phointe in aghaidh an chineáil cáis. Maidir le gach ceann de na trí chéim (an chéad chéim, an dara céim, an chéim dheiridh), féadfar 1 phointe amháin a thabhairt má chumhdaítear na cinntí breithiúnacha uile. Mura gcumhdaítear ach roinnt cinntí breithiúnacha ag céim ar leith, ní bhronntar ach leathphointe. I gcás nach bhfuil ach dhá chéim ag Ballstát, tugadh pointí le haghaidh trí chéim trí aithris a dhéanamh ar an gcéim níos airde faoi seach don chéim nach bhfuil ann. Maidir leis na Ballstáit sin nach ndéanann idirdhealú idir cásanna riaracháin agus sibhialta/tráchtála, tugadh an líon céanna pointí don dá réimse dlí.* ***ES****: Níl cead bunachar sonraí na Comhairle Ginearálta don Bhreithiúnacht (CGPJ) a úsáid chun críoch tráchtála, ná níl cead lear mór faisnéise a íoslódáil. Maidir le hathúsáid na faisnéise sin chun bunachair sonraí a fhorbairt nó chun críoch tráchtála, ní mór an nós imeachta agus na coinníollacha a leag CGPJ síos trína Aonad Doiciméadachta Breithiúnaí a leanúint.* ***IE****: déantar breithiúnais a anaithnidiú sa dlí teaghlaigh, i réimse an chúraim leanaí agus i réimsí eile ina n- éilíonn reacht amhlaidh nó ina n- ordaíonn breitheamh nach féidir aitheantais na bpáirtithe nó na ndaoine a nochtadh.*

*– Breithiúnais a chur chun feidhme –*

I Stát a rialaítear leis an smacht reachta, ní mór d'institiúidí poiblí breithiúnais a chomhlíonadh agus iad a fhorfheidhmiú go tráthúil. Tá forfheidhmiú éifeachtach cinntí breithiúnacha ceangailteacha fíor- riachtanach freisin chun muinín an phobail i neamhspleáchas agus údarás na mbreithiúna a áirithiú ([105]). Le Fíor 49, den chéad uair, cuirtear i láthair sásraí atá i bhfeidhm chun cúnamh a thabhairt maidir le breithiúnais ó chúirteanna uachtaracha riaracháin a chur chun feidhme. Léirítear leis an bhfíor cé na sásraí atá i bhfeidhm i ngach Ballstát agus ní dhéantar measúnú léi ar a éifeachtaí atá siad ná a mhinice a úsáidtear sa chleachtas iad.

**Fíor .: Sásraí breithiúnacha atá i bhfeidhm chun cur chun feidhme breithiúnas cúirte riaracháin a áirithiú, 2024** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht le Comhlachas Chomhairlí Stáit agus Uas- Dlínsí Riaracháin an Aontais Eorpaigh ([106]))*




[105] Tuairim Uimh. 13 (2010) ó CCJE maidir le ról na mbreithiúna i bhforfheidhmiú cinntí breithiúnacha.

[106] Is trí fhreagraí ar cheistneoir ó chomhaltaí Chomhlachas Chomhairlí Stáit agus Uas- Dlínsí Riaracháin an Aontais Eorpaigh a bhailítear sonraí 2024.

### 2.2.4. Achoimre ar cháilíocht na gcóras ceartais

Rannchuidíonn rochtain éasca, acmhainní leordhóthanacha, uirlisí measúnaithe éifeachtacha agus an digitiú go léir le córas ceartais ardcháilíochta. Bíonn coinne ag an bpobal agus ag gnólachtaí le cinntí ardcháilíochta ó chóras ceartais éifeachtach. Déantar anailís chomparáideach ar na toscaí sin i Scórchlár Ceartais AE 2025.

*Inrochtaineacht*

I Scórchlár 2025, breathnaítear arís ar roinnt gnéithe a rannchuidíonn le córas ceartais lena dtacaítear leis an bpobal:

1) Tá **tionchar mór ag infhaighteacht cúnaimh dhlíthiúil** agus **leibhéal na dtáillí cúirte** ar rochtain ar an gceartas, go háirithe le haghaidh daoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht nó atá i mbaol bochtaineachta. Léirítear le Fíor 23 nach féidir le daoine a bhfuil a n- ioncam faoi thairseach bhochtaineachta Eurostat cúnamh dlíthiúil a fháil i 3 Bhallstát. D'fhan leibhéal na dtáillí cúirte (Fíor 24) cobhsaí den chuid is mó ó bhí 2016 ann, cé go raibh táillí cúirte níos airde i 4 Bhallstát ná mar a bhí in 2023, go háirithe i gcás éilimh ar luach íseal. Leanann an t- ualach táillí cúirte de bheith níos airde go comhréireach i gcás éilimh ar luach íseal. D'fhéadfadh deacrachtaí maidir le cúnamh dlíthiúil a éileamh agus táillí arda cúirte i dtrí Bhallstát daoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht a dhíspreagadh ó rochtain a fháil ar an gceartas. Cuirtear i láthair i Scórchlár Ceartais AE 2025, den dara huair, **ráta an chúnaimh dhlíthiúil a íoctar le dlíodóirí cosanta coiriúla** i gcás sonrach coiriúil, rud a léiríonn go bhfuil éagothromaíocht leathan ann idir na Ballstáit maidir leis na méideanna a d'íocfaí le dlíodóirí ón mbuiséad poiblí (Fíor 25).
2) Leanann Scórchlár Ceartais AE 2025 d'anailís a dhéanamh ar na bealaí ina gcuireann Ballstáit úsáid dheonach **modhanna réitigh mhalartaigh díospóidí (RMD) chun cinn** (Fíor 26), lena n- áirítear an fhéidearthacht a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid. In 2024, tháinig méadú ar an iarracht fhoriomlán chur chun cinn, agus thuairiscigh 6 Bhallstát níos mó modhanna cur chun cinn, go háirithe maidir le modhanna RMD i ndíospóidí tomhaltóirí. Tá líon na mbealaí a úsáidtear chun modhanna RMD a chur chun cinn i gcás díospóidí riaracháin fós níos ísle ná mar atá i gcás díospóidí eile, ach tá méadú tagtha air freisin ó bhí 2023 ann.
3) Le Scórchlár Ceartais AE 2025 cuirtear san áireamh arís socruithe sonracha maidir le **rochtain ar an gceartas do dhaoine atá i mbaol idirdhealaithe agus do dhaoine scothaosta.** Léirítear le Fíor 27 go ndearna 18 mBallstát bearta chun feasacht a mhúscailt i measc daoine atá i mbaol idirdhealaithe maidir leis an áit le faisnéis agus cúnamh dlíthiúil a fháil. I 16 Bhallstát, déantar bearta chun cúnamh dlíthiúil a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine scothaosta, agus i 17 mBallstát, tá an ceart ag ENRanna nó ag comhlachtaí comhionannais imeachtaí breithiúnacha a thionscnamh nó a bheith rannpháirteach iontu thar ceann íospartach amháin nó roinnt íospartach nó mar thaca leis an íospartach nó na híospartaigh sin. I 20 Ballstát, tá réitigh i bhfeidhm chun cuidiú le daoine scothaosta a bheith rannpháirteach in imeachtaí cúirte, lena n- áirítear teachtaireachtaí cúirte a fháil tríd an bpost.
4) Den dara huair, cuirtear i láthair i Scórchlár Ceartais AE 2025 **bearta sonracha roghnaithe le haghaidh caingne ionadaíocha** lena gcosnaítear comhleasanna tomhaltóirí. Léirítear i bhFíor 28 go bhfuil beart amháin den sórt sin ar a laghad i bhfeidhm ag 23 Bhallstát. As na bearta atá roghnaithe, is iad na cinn is forleithne socruithe sonracha chun tomhaltóirí a chur

ar an eolas faoi na caingne agus faoi na torthaí agus bearta chun oiliúint a chur ar bhreithiúna maidir le bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar chaingne ionadaíocha, agus iad i bhfeidhm i 12 Bhallstát.

5) Léirítear i bhFíor 29 go bhfuil roinnt **socruithe sonracha ag na Ballstáit uile a mhéid a bhaineann le ceartas agus imeachtaí lena dtacaítear le leanaí, le haghaidh imeachtaí ceartais shibhialta agus choiriúil/ógchiontachta araon**. Tá gach ceann de na 9 socrú shonracha a ndearnadh faireachán orthu i bhfeidhm ag 11 Bhallstát, lena n- áirítear, mar shampla, suíomh gréasáin atá deartha go sonrach le bheith oiriúnach do leanaí agus línte cabhrach chun faisnéis a sholáthar faoin gcóras ceartais nó faoi na bearta atá i bhfeidhm chun leanaí a choinneáil scartha ó dhaoine fásta nuair a bhaintear a saoirse díobh. I ngach Ballstát, cosnaítear príobháideachas agus sonraí pearsanta leanaí a bhfuil baint acu le himeachtaí breithiúnacha nó neamhbhreithiúnacha i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ina theannta sin, tá sainsuíomhanna/sainseomraí éisteachta atá oiriúnach do leanaí ag gach Ballstát le héisteacht a thabhairt do leanaí. Léirítear le mapáil ar **shocruithe sonracha le haghaidh leanaí atá rannpháirteach in imeachtaí coiriúla mar íospartaigh nó mar dhaoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe** (Fíor 30), mar shampla, go soláthraíonn 26 Bhallstát faisnéis faoi chearta an íospartaigh nó an duine atá faoi dhrochamhras agus faoi na himeachtaí ar bhealach a thacaíonn le leanaí agus i 15 mBallstát, úsáidtear cailleadh saoirse leanaí de chineál ar bith mar rogha dheireanach agus ar feadh na tréimhse ama iomchuí is gairide.

6) Léirítear i bhFíor 31 go bhfuil roinnt **socruithe sonracha ag na Ballstáit uile a mhéid a bhaineann le híospartaigh na coireachta.** Tá an chuid is mó de na socruithe sonracha a ndéantar faireachán orthu i bhfeidhm ag tromlach na mBallstát, lena n- áirítear, mar shampla, cúnamh airgeadais a sholáthar i gcásanna nach n- íocann an ciontóir an cúiteamh arna bhreithniú nó an fhéidearthacht do na híospartaigh athbhreithniú a iarraidh ar chinntí chun beart cosanta nó ateangaireacht nó aistriúchán a sholáthar. I gcás sárú ar a gcearta laistigh de na himeachtaí coiriúla, sa chuid is mó de na Ballstáit tá cearta ag íospartaigh chun beart cosanta, chun cúnaimh dhlíthiúil, nó go dtabharfaí éisteacht dóibh. Léirítear i bhFíor 32 go bhfuil roinnt **socruithe sonracha ag na Ballstáit uile a mhéid a bhaineann le híospartaigh foréigin in aghaidh na mban/foréigin teaghlaigh.** I mbeagnach na Ballstáit uile, tá bearta i bhfeidhm chun cearta agus leasanna íospartach agus finnéithe a chosaint agus lena áirithiú go seachnaítear teagmháil idir íospartaigh agus déantóirí coire nuair is gá. I mbeagnach na Ballstáit uile, is féidir le ENRanna agus/nó comhlachtaí comhionannais cúnamh a thabhairt do na híospartaigh agus/nó tacú leo.

*Acmhainní*

Tá córais cheartais ardcháilíochta i mBallstáit ag brath ar dhóthain acmhainní airgeadais agus daonna a bheith acu. Chuige sin, teastaíonn infheistíocht iomchuí sa bhonneagar fisiciúil agus teicniúil, oiliúint tosaigh agus leanúnach, agus éagsúlacht i measc na mbreithiúna, lena n- áirítear cothromaíocht inscne. Léirítear an méid seo a leanas le Scórchlár Ceartais AE 2025.

7) I dtéarmaí **acmhainní airgeadais**, tháinig méadú ar chaiteachas ginearálta rialtais ar chúirteanna dlí sna Ballstáit uile ar an iomlán in 2023 agus an líon áitritheoirí á chur san áireamh, agus tháinig laghdú air i 6 Bhallstát i gcomparáid le OTI. Léiríonn sé difríochtaí móra idir na Ballstáit fós maidir le leibhéil chaiteachais, in aghaidh an áitritheora agus mar chéatadán de OTI araon (Fíoracha 33 agus 34).

8) Le Scórchlár Ceartais AE 2025 leantar d'iniúchadh a dhéanamh ar an staid sna Ballstáit a mhéid a bhaineann le tuarastail sa chóras ceartais. Cuirtear i láthair leis, den tríú huair, an cóimheas idir **tuarastail bhliantúla na mbreithiúna agus na n- ionchúisitheoirí** agus an meántuarastal bliantúil sa tír (Fíor 35). Den dara huair, cuirtear i láthair leis freisin an **cóimheas idir tuarastail bhliantúla na foirne saineolaithe breithiúnacha agus na foirne saineolaithe ionchúisimh** agus an meántuarastal bliantúil sa tír (Fíor 36). Léiríonn an dá fhigiúr difríochtaí leathana i measc na mBallstát. Thairis sin, léirítear i bhFíor 36 go bhfaigheann foireann saineolaithe breithiúnacha ag tús a ngairmréime níos lú ná an meántuarastal náisiúnta i 16 Bhallstát. I 13 Bhallstát, is amhlaidh atá freisin i gcás fhoireann na saineolaithe ionchúisimh phoiblí.

9) Go fóill, is **mná** iad níos lú ná 50 % de na breithiúna ar leibhéal na cúirte uachtaraí i 19 mBallstát (Fíor 38), agus is mná iad leath de na breithiúna ar a laghad ar leibhéal na cúirte uachtaraí in 8 mBallstát. Léirítear leibhéil agus treochtaí éagsúla idir na Ballstáit sna figiúirí don tréimhse 3 bliana idir 2021 agus 2024.

*Digitiú*

Ó bhí eagrán 2021 ann, tá roinn mhór mhionsonraithe cuimsithe i Scórchlár Ceartais AE ina bhféachtar ar ghnéithe a bhaineann le digitiú an cheartais. Cé go n- úsáideann na Ballstáit réitigh dhigiteacha cheana féin i gcomhthéacsanna éagsúla agus ar leibhéil éagsúla, d'fhéadfaí feabhas suntasach a dhéanamh fós.

10) Soláthraíonn na 27 mBallstát **faisnéis ar líne maidir lena gcóras ceartais**, lena n- áirítear suíomhanna gréasáin ar a bhfuil faisnéis shoiléir maidir le rochtain a fháil ar chúnamh dlíthiúil, táillí cúirte agus critéir incháilitheachta le haghaidh táillí laghdaithe (Fíor 40). Tá an staid cobhsaí i gcomparáid leis an gcaoi a raibh sé anuraidh ach tá roinnt difríochtaí fós ann idir na Ballstáit a mhéid a bhaineann le faisnéis agus a mhéid a chomhfhreagraíonn sí do riachtanais daoine. Mar shampla, cuireann 11 Bhallstát oideachas ar chearta dlíthiúla ar fáil don phobal i gcoitinne trí uirlisí foghlama idirghníomhacha ar líne. Soláthraíonn 26 Bhallstát faisnéis atá infheicthe agus intuigthe go soiléir maidir le cúnamh dlíthiúil.

11) Tá **rialacha nós imeachta atá oiriúnaithe don saol digiteach** ag 6 Bhallstát (Fíor 41), lena dtugtar caoi go hiomlán nó go páirteach d'úsáid na cianchumarsáide agus d'inghlacthacht fianaise i bhformáid dhigiteach amháin. I 23 Bhallstát, ní féidir sin a dhéanamh ach amháin i líon teoranta cásanna. Mar sin féin, tá dul chun cinn seasmhach ar an iomlán déanta ina leith sin ó bhí 2020 ann.

12) Léirítear le Fíor 42 **úsáid teicneolaíochta digití ag cúirteanna agus seirbhísí ionchúisimh**. Léirítear ann nach mbaineann na Ballstáit leas iomlán as an acmhainneacht a cheadaítear lena rialacha nós imeachta (cf. Fíor 41). Tá uirlisí digiteacha éagsúla ar fáil cheana féin do chúirteanna, ionchúisitheoirí agus foirne cúirte na mBallstát, amhail córais bainistithe cásanna, córais físchomhdhála agus socruithe teilea- oibre. Mar sin féin, d'fhéadfaí tuilleadh dul chun cinn a bhaint amach i gcórais leictreonacha leithdháilte cásanna, ina mbeidh dáileadh uathoibríoch bunaithe ar chritéir oibiachtúla.

13) Tá roinnt **uirlisí leictreonacha slána le haghaidh cumarsáide** ar fáil do chúirteanna i ngach Ballstát cé nach bhfuil na huirlisí sin ach ag 14 Bhallstát le haghaidh gach cineál cumarsáide a ndéantar faireachán orthu agus le haghaidh gach cáis (Fíor 43). Tá uirlisí le haghaidh

cumarsáid dhigiteach le nótairí, saoráidí coinneála nó báillí/oifigigh bhreithiúnacha fós in easnamh ar chúig Bhallstát. Déanann na Ballstáit uile foráil freisin maidir le **cumarsáid leictreonach shlán laistigh de na seirbhísí ionchúisimh** (Fíor 44). Déanann na Ballstáit uile, seachas ceann amháin acu, foráil maidir le cumarsáid leictreonach shlán idir seirbhísí ionchúisimh agus cúirteanna. Tá uirlisí le haghaidh cumarsáid leictreonach idir na seirbhísí ionchúisimh agus dlíodóirí cosanta fós in easnamh ar chúig Bhallstát.

14) I gcásanna sibhialta/tráchtála agus riaracháin, soláthraíonn 24 Bhallstát **rochtain ar líne ar a gcásanna atá ar siúl nó ar a gcásanna dúnta** do dhaoine aonair agus gnólachtaí (nó dá n- ionadaithe dlíthiúla) (Fíor 45), cé go bhfuil leibhéil éagsúla rochtana i gceist léi. A mhéid a bhaineann le réitigh dhigiteacha chun imeachtaí cúirte a dhéanamh agus a leanúint i gcásanna coiriúla, léirítear i bhFíor 46 gur féidir le híospartaigh ráitis i scríbhinn a chur isteach ar líne i bpáirt nó ina n- iomláine in 18 mBallstát. In 11 Bhallstát, áfach, níl an deis ag cosantóirí ná ag íospartaigh a gcás a leanúint ná tabhairt faoin gcás go leictreonach.

15) D'fhan **rochtain ar líne ar bhreithiúnais chúirte** (Fíor 47) cobhsaí i gcomparáid leis an mbliain seo caite. Den chuid is mó, is breithiúnais ó na céimeanna is airde a chuirtear ar fáil ar líne atá i gceist.

16) Mar a tharla i mblianta roimhe seo, déantar anailís i Scórchlár Ceartais AE 2025 ar **shocruithe maidir le cinntí breithiúnacha meaisín- inléite a tháirgeadh** (Fíor 48). Tá roinnt socruithe ar a laghad i bhfeidhm ag gach Ballstát le haghaidh cásanna sibhialta/tráchtála, riaracháin agus coiriúla cé go bhfuil éagsúlacht shuntasach eatarthu. Go ginearálta, bítear ag tabhairt tuilleadh socruithe isteach, go háirithe chun breithiúnais a íoslódáil saor in aisce (bunachair sonraí agus réitigh uathoibrithe eile), chun breithiúnais a shamhaltú agus iad a dhéanamh meaisín- inléite, nó chun breithiúnais a dhéanamh anaithnid/na daoine a luaitear iontu a chur faoi ainm bréige ag úsáid algartam. Thuairiscigh 9 mBallstát feabhsú in 2023 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus d'fhan an staid cobhsaí i 10 mBallstát. Maidir le córais cheartais inar cuireadh socruithe i bhfeidhm chun breithiúnais a shamhaltú i gcomhréir le caighdeáin chun go mbeidh siad meaisín- inléite, is cosúil go bhfuil d'acmhainn acu torthaí níos fearr a bhaint amach sa todhchaí.

17) Den chéad uair, cuirtear i láthair le Scórchlár Ceartais AE 2025 sonraí maidir le **sásraí chun breithiúnais riaracháin a fhorfheidhmiú** (Fíor 49), ar leibhéal na n- uas- dlínsí riaracháin. Tá cineál éigin sásra i bhfeidhm ag tromlach na mBallstát (17) chun cinntí a fhorfheidhmiú, agus i 16 Bhallstát tá cúirteanna uachtaracha riaracháin i dteideal pionóis a chur i bhfeidhm as neamhchomhlíonadh a gcuid breithiúnas. Níl bearta forfheidhmiúcháin dhírigh, amhail urghabháil sócmhainní, ar fáil ach amháin in dhá Bhallstát.

## 2.3. Neamhspleáchas na gcóras ceartais

An neamhspleáchas breithiúnach, atá ina chuid dhílis de chúram na cinnteoireachta breithiúnaí, is ceanglas é a eascraíonn as prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 19 CAE, agus as an gceart ar leigheas éifeachtach a fháil os comhair cúirte nó binse a dhaingnítear in Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ([107]). Toimhdítear an méid seo a leanas le neamhspleáchas breithiúnach:

(a) **neamhspleáchas seachtrach**, nuair a fheidhmíonn an comhlacht lena mbaineann a fheidhmeanna go neamhspleách, gan a bheith faoi réir aon srian ordlathach ná aon chomhlacht eile, agus gan orduithe ná treoracha a ghlacadh ó aon fhoinse in aon chor, agus cosaint a fháil dá réir in aghaidh idirghabhálacha seachtracha nó brú a d'fhéadfadh breithiúnas neamhspleách a chomhaltaí a lagú agus tionchar a fheidhmiú ar a gcuid cinntí; agus

(b) **neamhspleáchas agus neamhchlaontacht inmheánach**, nuair a chothabháiltear comhfhad idir na páirtithe sna himeachtaí agus a leasanna faoi seach maidir le hábhar na n- imeachtaí sin ([108]), agus nuair a chosnaítear breithiúna aonair ó bhrú inmheánach míchuí laistigh den bhreithiúnacht ([109]).

---

[107] Féach http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:12012P/TXT&from=EN

[108] An Chúirt Bhreithiúnais, breithiúnas an 6 Márta 2025, *D. K. agus Eile v Prokuratura Rejonowa (Tarraingt siar cásanna),* cásanna uamtha C- 647/21 agus C- 648/21, EU:C:2025:143, breithiúnas an 25 Feabhra 2025 (an Mór-Dhlísheomra), *XL agus Eile (Tuarastail bhreithiúnacha)*, cásanna uamtha C- 146/23 agus C- 374/23, EU:C:2025:109, breithiúnas an 14 Samhain 2024, *S. S.A. v C. sp. z o.o. (Leithdháileadh cásanna)*, C- 197/23, EU:C:2024:956; breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht cinntí cúirte bunreachtúla)*, C-430/21, EU:C:2022:99; breithiúnas an 16 Samhain 2021, *Imeachtaí coiriúla in aghaidh WB agus Eile*, Cásanna Uamtha C-748/19 go C-754/19, EU:C:2021:931; breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W. Ż.*, C- 487/19, EU:C:2021:798; breithiúnas an 15 Iúil 2021, *An Coimisiún v. an Pholainn*, C- 791/19, EU:C:2021:366; breithiúnas an 2 Márta 2021, *AB*, C- 824/18, EU:C:2021:153; breithiúnas an 19 Samhain 2019, *A. K. agus Eile*, C- 585/18, C- 624/18 agus C- 625/18, EU:C:2019:982, míreanna 121 agus 122; breithiúnas an 5 Samhain 2019, *An Coimisiún v an Pholainn*, C- 192/18, EU:C:2019:924; breithiúnas an 24 Meitheamh 2019, *An Coimisiún v. an Pholainn*, C- 619/18, EU:C:2019:531 míreanna 73 agus 74; breithiúnas an 27 Feabhra 2018, *Associação Sindical dos Juízes Portugueses*, C- 64/16, EU:C:2018:117, mír 44; breithiúnas an 25 Iúil 2018, *An tAire Ceartais agus Comhionannais*, C- 216/18 PPU, EU:C:2018:586, mír 65.

[109] An Chúirt Bhreithiúnais, breithiúnas an 11 Iúil 2024 (Mór- Dhlísheomra), *Hann-Invest*, C- 554/21 agus C- 622/21, EU:C:2024:594. Is fíor- riachtanach iad na Cúirteanna Uachtaracha, mar chúirteanna na céime deiridh, agus na cúirteanna uachtaracha/achomhairc i gcoitinne, chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an dlí i mBallstáit a dhaingniú. Mar sin féin, níor cheart d'eagraíochtaí breithiúnacha ordlathacha an bonn a bhaint de neamhspleáchas aonair (Moladh CM/Rec(2010)12, mír 22). Níor cheart do chúirteanna uachtaracha treoracha a thabhairt do bhreithiúna faoin gcaoi ar cheart dóibh cinneadh a dhéanamh maidir le cásanna aonair, seachas i gcás réamhrialuithe náisiúnta nó nuair a dhéantar cinneadh faoi leigheasanna dlí i gcomhréir leis an dlí (Moladh CM/Rec(2010)12, mír 23). Eagraíocht ordlathach na mbreithiúna de réir bhrí fho- ordú na mbreithiúna faoi chéimeanna níos airde ina ngníomhaíocht cinnteoireachta breithiúnaí; bheadh sé ina shárú soiléir ar phrionsabal an neamhspleáchais inmheánaigh, de réir Choimisiún na Veinéise (Coimisiún na Veinéise, Report on the independence of the judicial system, Part I: the independence of courts, Study No. 494/2008, 16 March 2010, CDL-AD(2010)004, paras. 68 - 72) [Tuarascáil maidir le neamhspleáchas an chórais bhreithiúnaigh, Cuid I: neamhspleáchas na gcúirteanna, Staidéar Uimh. 494/2008, 16 Márta 2010, CDL-AD(2010)004, míreanna 68 - 72]. Aon nós imeachta chun an cásdlí a aontú, ní mór dó bunphrionsabail scaradh na gcumhachtaí a chomhlíonadh, agus fiú tar éis cinneadh den sórt sin ag cúirteanna níos airde/Cúirt Uachtarach, ní mór do gach cúirt agus breitheamh fanacht inniúil le measúnú a dhéanamh ar a gcásanna go neamhspleách agus go neamhchlaonta, agus idirdhealú a dhéanamh idir cásanna nua ón léirmhíniú a aontaíodh roimhe seo ag cúirteanna níos airde/cúirt uachtarach (an Scórchlár Ceartais AE 2022, lch. 45).

Tá neamhspleáchas breithiúnach ríthábhachtach chun a ráthú go gcosnófar na cearta uile a dhíorthaíonn daoine aonair ó dhlí an Aontais agus go gcosnófar na luachanna is coiteann do na Ballstáit a leagtar amach in Airteagal 2 CAE, go háirithe luach an smachta reachta ([110]). Is rud bunúsach do gach duine agus gnóthais é dlíchóras an Aontais a chaomhnú, a dtugtar cosaint de réir dhlí an Aontais dá gcearta agus dá saoirsí.

Tá ardleibhéal neamhspleáchais a mheastar a bheith ag na breithiúna ríthábhachtach don mhuinín nach mór don cheartas a spreagadh i ndaoine aonair i sochaí atá faoi rialú an smachta reachta. Cuireann sé freisin le timpeallacht ghnó a thacaíonn leis an bhfás, ós rud é go meastar go bhféadfadh easpa neamhspleáchais infheistíocht a dhíspreagadh. Áirítear sa Scórchlár táscairí le haghaidh neamhspleáchas na mbreithiúna maidir le héifeachtacht na cosanta infheistíochta. I dteannta leis na táscairí um neamhspleáchas na mbreithiúna a mheastar a bheith ann a thagann ó fhoinsí éagsúla, cuirtear táscairí i láthair sa Scórchlár ar an gcaoi a n- eagraítear córais cheartais le cosaint a thabhairt do neamhspleáchas na mbreithiúna i gcineálacha áirithe cásanna ina bhféadfadh an neamhspleáchas a bheith i mbaol. Léiríonn sé sin ionchur ó Ghréasán Eorpach na gComhairlí um na Breithiúna (GECB), Líonra Uachtaráin na gCúirteanna Breithiúnacha Uachtaracha den Aontas Eorpach (NPSJC), agus Líonra na nIonchúisitheoirí Poiblí nó institiúidí coibhéiseacha ag Cúirteanna Breithiúnacha Uachtaracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (Líonra NADAL).

### 2.3.1. Neamhspleáchas na mbreithiúna a mheastar a bheith ann agus éifeachtacht na cosanta infheistíochta

**Fíor .: Conas a mheasann an <u>pobal i gcoitinne</u> <u>neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna</u> (*)** *(foinse: Eorabharaiméadar ([111]) – Ó chlé go deas, dathanna éadroma: 2016, 2023 agus 2024, dathanna dorcha: 2025)*

---

[110] An Chúirt Bhreithiúnais, breithiúnas an 5 Meitheamh 2023, *An Coimisiún v. an Pholainn*, C-204/21, ECLI:EU:C:2023:442, mír 354 agus an cásdlí a luaitear.

[111] Suirbhé Eorabharaiméadair FL555, a rinneadh idir 13 agus 29 Eanáir 2025. Freagraí ar an gceist: 'Go bhfios duitse, cén rátáil a thabharfá ar an gcóras ceartais i (do thír) i dtéarmaí neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna? An dtabharfá rátáil fhíormhaith, measartha maith, measartha dona, nó fhíordhona air?', féach: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/policies/justice-and-fundamental-rights/upholding-rule-law/eu-justice-scoreboard_ga#surveys.




*(*) Cuirtear Ballstáit in ord ar dtús de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh gur 'fíormhaith' nó 'measartha maith' (maith ar an iomlán) é neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna; má tá an céatadán céanna 'maith ar an iomlán' ag roinnt Ballstát, cuirtear in ord ansin iad de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh gur 'measartha dona' nó 'fíordhona' (dona ar an iomlán) é neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna; má tá an céatadán céanna maith ar an iomlán agus dona ar an iomlán ag roinnt Ballstát, cuirtear in ord ansin iad de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh gur fíormhaith é neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna; má tá an céatadán céanna maith ar an iomlán, dona ar an iomlán agus 'fíormhaith' ag roinnt Ballstát, cuirtear in ord ansin iad de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh gur 'fíordhona' é neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna.*

Léirítear le Fíor 51 na príomhchúiseanna a thugann freagróirí as an easpa neamhspleáchais a mheastar a bheith sna cúirteanna agus breithiúna. I measc na bhfreagróirí ón bpobal i gcoitinne, a thug rátáil 'measartha dona' nó 'fíordhona' ar an gcóras ceartais, d'fhéadfaidís roghnú idir trí chúis lena rátáil a mhíniú. Liostaítear na Ballstáit san ord céanna le Fíor 50.

**Fíor .: Na príomhchúiseanna i measc an phobail i gcoitinne leis an easpa neamhspleáchais a mheastar a bheith ann** *(cion na bhfreagróirí uile – ciallaítear le luach níos airde níos mó tionchair) (foinse: Eorabharaiméadar ([112]))*




**Fíor .: Conas a mheasann cuideachtaí neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna** (*) *(foinse: Eorabharaiméadar ([113]) – Ó chlé go deas, dathanna éadroma: 2016, 2023 agus 2024, dathanna dorcha: 2025)*




---

[112] Freagraí ar an gceist a leanas ó shuirbhé Eorabharaiméadair FL555: 'An bhféadfá a insint dom cá mhéad a bhaineann na cúiseanna seo a leanas le do rátáil ar neamhspleáchas an chórais ceartais i do thír: cuid mhaith, go pointe, cuid bheag, ar chor ar bith?' más 'measartha dona' nó 'fíordhona' é an freagra ar C1.

[113] Freagraí ar an gceist a leanas ó shuirbhé Eorabharaiméadair FL555, a rinneadh idir an 13 agus 29 Eanáir 2025: 'Go bhfios duitse, cén rátáil a thabharfá ar an gcóras ceartais i (do thír) i dtéarmaí neamhspleáchas na gcúirteanna

*(*) Cuirtear Ballstáit in ord ar dtús de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh gur 'fíormhaith' nó 'measartha maith' (maith ar an iomlán) é neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna; má tá an céatadán céanna 'maith ar an iomlán' ag roinnt Ballstát, cuirtear na Ballstáit in ord ansin de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh gur 'measartha dona' nó 'fíordhona' (dona ar an iomlán) é neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna; má tá an céatadán céanna maith ar an iomlán agus dona ar an iomlán ag roinnt Ballstát, cuirtear in ord ansin iad de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh gur 'fíormhaith' é neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna; má tá an céatadán céanna maith ar an iomlán, dona ar an iomlán agus 'fíormhaith' ag roinnt Ballstát, cuirtear in ord ansin iad de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh gur 'fíordhona' é neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna.*

Léirítear le Fíor 53 na príomhchúiseanna a thugann cuideachtaí as an easpa neamhspleáchais a mheastar a bheith sna cúirteanna agus breithiúna. D'fhéadfadh freagróirí a mheas go raibh neamhspleáchas an chórais ceartais 'measartha dona' nó 'fíordhona' rogha a dhéanamh idir trí chúis chun a rátáil a mhíniú. Liostaítear na Ballstáit san ord céanna le Fíor 52.

**Fíor .: Na príomhchúiseanna i measc an phobail i gcoitinne leis an easpa neamhspleáchais a mheastar a bheith ann** *(cion na bhfreagróirí uile - ciallaíonn luach níos airde níos mó tionchair a bheith ann) (foinse: Eorabharaiméadar ([114]))*




---

agus na mbreithiúna? An dtabharfá rátáil fhíormhaith, measartha maith, measartha dona, nó fhíordhona air?', féach: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/policies/justice-and-fundamental-rights/upholding-rule-law/eu-justice-scoreboard_ga#surveys.

114 Suirbhé Eorabharaiméadair FL555; freagraí ar an gceist: 'An bhféadfá a insint dom cá mhéad a bhaineann na cúiseanna seo a leanas le do rátáil ar neamhspleáchas an chórais ceartais i (do thír): cuid mhaith, go pointe, cuid bheag, ar chor ar bith?' más 'measartha dona' nó 'fíordhona' é an freagra ar C1.

Is príomhthosaíochtaí laistigh de mhargadh aonair an Aontais iad infheistíochtaí a chur chun cinn, a éascú agus a chosaint. Is é is aidhm do dhlí an Aontais cothromaíocht chomhchuí a choinneáil ar bun idir infheistíochtaí a chosaint agus spriocanna eile maidir le leas an phobail a shaothrú lena bhfeabhsaítear leas a muintire. Léirítear le Fíor 54, den cheathrú huair, an táscaire a mhéid a bhaineann le conas a mheasann cuideachtaí éifeachtacht na cosanta infheistíochtaí a thugtar leis an dlí agus sna cúirteanna a mhéid a bhaineann, ina dtuairimsean, le cinntí éagóracha nó neamhghníomhaíocht an Stáit.

**Fíor .: Conas a mheasann cuideachtaí éifeachtacht na cosanta infheistíochta a thugtar leis an dlí agus sna cúirteanna** (*) *(foinse: Eorabharaiméadar ([115]) – Ó chlé go deas, dathanna éadroma: 2022, 2023 agus 2024, dathanna dorcha: 2025)*




*(*) Cuirtear na Ballstáit in ord ar dtús de réir an chéatadáin iomláin de fhreagróirí a mhaígh go bhfuil siad fíor- mhuiníneach nó measartha muiníneach as cosaint infheistíochta an dlí agus na gcúirteanna (muiníneach ar an iomlán); má tá an céatadán céanna muiníneach ar an iomlán ag roinnt Ballstát, cuirtear in ord ansin iad de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh go bhfuil siad 'measartha mímhuiníneach' nó 'fíor- mhímhuiníneach' as éifeachtacht na cosanta infheistíochta (mímhuiníneach ar an iomlán); má tá an céatadán céanna de mhuiníneach ar an iomlán agus de mímhuiníneach ar an iomlán ag roinnt Ballstát, cuirtear in ord ansin iad de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh go bhfuil siad 'fíor- mhuiníneach' as éifeachtacht na cosanta infheistíochta; má tá an céatadán céanna de mhuiníneach ar an iomlán, de mímhuiníneach ar an iomlán agus de 'fíor- mhuiníneach' ag roinnt Ballstát, cuirtear in ord ansin iad de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh go bhfuil siad 'fíor- mhímhuiníneach' as éifeachtacht na cosanta infheistíochta.*

Léirítear le Fíor 55 na príomhchúiseanna a thugann cuideachtaí as an easpa éifeachtachta a mheastar a bhaineann le cosaint infheistíochta. D'fhéadfadh freagróirí a mheas go raibh a leibhéal muiníne 'measartha mímhuiníneach' nó 'fíor- mhímhuiníneach' roghnú ó cheithre chúis chun a rátáil a mhíniú (agus luaigh cuid acu 'eile'). Liostaítear na Ballstáit san ord céanna le Fíor 54.

---

[115] Freagraí ar C3 ó shuirbhé Eorabharaiméadair FL555, a rinneadh idir an 13 agus 29 Eanáir 2025: 'Cá mhéad muiníne atá agat go dtugtar cosaint do d'infheistíochtaí leis an dlí agus sna cúirteanna i (do thír) má théann rud éigin amú?' Chun críocha an tsuirbhé, sainíodh an infheistíocht le haon chineál sócmhainne a áireamh inti ar le cuideachta í nó a rialaíonn cuideachta, agus a bhfuil mar shaintréith aici gealltanas caipitil nó acmhainní eile, ionchas gnóthachain nó brabúis nó toimhde an riosca.

**Fíor .: Na príomhchúiseanna i measc cuideachtaí leis an easpa éifeachtachta a mheastar a bheith ag cosaint infheistíochtaí** *(ráta na bhfreagróirí uile - dá airde an luach is ea is mó an tionchar) (foinse: Eorabharaiméadar ([116]))*




.

[116] Suirbhé Eorabharaiméadair FL555; freagraí ar an gceist: 'Cad iad na príomhchúiseanna imní atá agat maidir le héifeachtacht na cosanta infheistíochta?' dá mba 'measartha mímhuiníneach' nó 'fíor- mhímhuiníneach' é an freagra ar C3.

### 2.3.2. Neamhspleáchas struchtúrach na mbreithiúna

Le ráthaíochtaí maidir le neamhspleáchas struchtúrach, tá rialacha de dhíth, go háirithe maidir le comhdhéanamh na cúirte agus maidir le ceapachán, fad seirbhíse agus foras lena comhaltaí a staonadh, a dhiúltú agus a dhífhostú, chun deireadh a chur le haon amhras réasúnach in intinn daoine aonair maidir leis an gcúirt sin a bheith beag beann ar thosca seachtracha agus maidir lena neodracht i ndáil leis na leasanna a thugtar os a comhair ([117]). Ní mór go seachnófaí lena gcineál, ní hamháin aon tionchar díreach, i bhfoirm treoracha, ach freisin cineálacha tionchair atá níos indírí agus a mbeadh tionchar acu ar chinntí na mbreithiúna lena mbaineann ([118]).

Táthar tar éis caighdeáin Eorpacha a fhorbairt, go háirithe ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, mar shampla i *Moladh 2010 ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le breithiúna: neamhspleáchas, éifeachtúlacht agus freagrachtaí* ([119]). Cuirtear táscairí áirithe i láthair i Scórchlár Ceartais AE maidir le saincheisteanna áirithe atá ábhartha nuair a dhéantar measúnú ar an gcaoi a n- eagraítear córais cheartais chun coimirce a thabhairt do neamhspleáchas na mbreithiúna. Is fíor- riachtanach freisin é beartais agus cleachtais a chur chun feidhme chun ionracas a chur chun cinn, agus éilliú a chosc laistigh de na breithiúna chun neamhspleáchas breithiúnach a ráthú. Sa deireadh thiar,

---

[117] An Chúirt Bhreithiúnais, breithiúnas an 6 Márta 2025, *D. K. agus Eile v Prokuratura Rejonowa (Tarraingt siar cásanna),* cásanna uamtha C-647/21 agus C-648/21, breithiúnas an 25 Feabhra 2025 (an Mór- Dhlísheomra), *XL agus Eile (Tuarastail bhreithiúnacha)*, cásanna uamtha C-146/23 agus C-374/23, breithiúnas an 14 Samhain 2024, *S. S.A. v C. sp. z o.o. (Leithdháileadh cásanna)*, C-197/23, breithiúnas an 11 Iúil 2024 (an Mór- Dhlísheomra), *Hann- Invest*, C-554/21, breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *Krajowa Rada Sądownictwa (Maintien en fonctions d'un juge)*, C-718/21, ECLI:EU:C:2023:1015, míreanna 76-77, agus an cásdlí a luaitear, breithiúnas an 5 Meitheamh 2023, *an Coimisiún v. an Pholainn*, C-204/21, ECLI:EU:C:2023:442, mír 355; breithiúnas an 16 Samhain 2021, *Imeachtaí coiriúla in aghaidh WB agus Eile*, Cásanna Uamtha C-748/19 go C-754/19, mír 67; breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż.*, C- 487/19, mír 109; breithiúnas an 15 Iúil 2021, *An Coimisiún v. an Pholainn*, C- 791/19, mír 59; breithiúnas an 2 Márta 2021, *A.B.*, C- 824/18, mír 117; breithiúnas an 19 Samhain 2019, *A. K. agus Eile* (Neamhspleáchas Sheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí), C- 585/18, C- 624/18 agus C- 625/18, ECLI:EU:C:2019:982, míreanna 121 agus 122; breithiúnas an 24 Meitheamh 2019, *An Coimisiún v an Pholainn*, C-619/18, ECLI:EU:C:2019:531 míreanna 73 agus 74; breithiúnas an 25 Iúil 2018, *LM*, C-216/18 PPU, EU:C:2018:586, mír 66; breithiúnas an 27 Feabhra 2018, *Associação Sindical dos Juízes Portugueses*, C- 64/16, EU:C:2018:117, mír 44. Féach freisin míreanna 46 agus 47 de *Recommendation CM/Rec(2010)12 Judges: Independence, Efficiency and Responsibility* [Neamhspleáchas, Éifeachtúlacht and Freagracht] (arna ghlacadh ag an gCoiste Airí de Chomhairle na hEorpa an 17 Samhain 2010) agus meabhrán míniúcháin. Foráiltear leo sin gur cheart don údarás a dhéanann cinntí maidir le roghnú agus gairmréim na mbreithiúna a bheith neamhspleách ar na cumhachtaí feidhmiúcháin agus reachtacha. D'fhonn ráthú a thabhairt dá neamhspleáchas, ba cheart go mbeadh ar a laghad leath de chomhaltaí an údaráis ina mbreithiúna arna roghnú ag lucht a gcomhchéime. I gcás ina bhforordaítear leis na forálacha bunreachtúla nó dlíthiúla eile gurb é an ceann stáit, an rialtas nó an chumhacht reachtach a dhéanann cinntí maidir le roghnú agus gairmréim na mbreithiúna, ba cheart údarú a thabhairt d'údarás neamhspleách agus inniúil arbh as measc na mbreithiúna an chuid is mó díobh (gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le comhairlí um na breithiúna a fhaightear i gCaibidil IV) chun moltaí a dhéanamh nó tuairimí a chur in iúl a gcloífidh an t- údarás ábhartha ceapacháin sa chleachtas leo.

[118] Féach an Chúirt Bhreithiúnais, breithiúnas an 5 Meitheamh 2023, *an Coimisiún v. an Pholainn*, C-204/21, ECLI:EU:C:2023:442, mír 355; breithiúnas an 2 Márta 2021, *A.B.*, C- 824/18, mír 119; breithiúnas an 19 Samhain 2019, *A. K. agus Eile* (Neamhspleáchas Sheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí), C-585/18, C-624/18 and C-625/18, ECLI:EU:C:2019:982, mír 123; breithiúnas an 24 Meitheamh 2019, *An Coimisiún v an Pholainn*, C-619/18, ECLI:EU:C:2019:531 mír 112.

[119] Féach *Recommendation CM/Rec(2010)12 Judges:* Independence, Efficiency and Responsibility, adopted by the Committee of Ministers of the Council of Europe on 17 November 2010 and Explanatory Memorandum [Moladh CM/Rec(2010)12 Breithiúna: Neamhspleáchas, Éifeachtúlacht and Freagracht, arna ghlacadh ag an gCoiste Airí de chuid Chomhairle na hEorpa an 17 Samhain 2010 agus an meabhrán míniúcháin ('Moladh CM/Rec(2010)12')].

éilíonn cosaint éifeachtach neamhspleáchas na mbreithiúna freisin, seachas cibé norm is gá, gurb ann do chultúr an ionracais agus na neamhchlaontachta, atá i gcoiteann i measc na mbreithiúna agus a urramaíonn an tsochaí i gcoitinne.

Tá táscairí nua agus nuashonraithe san eagrán seo den Scórchlár maidir leo seo a leanas: breithiúna a tharraingt siar agus a scaoileadh (Fíor 56) ([120]), údaráis a bhfuil baint acu le cinn oifigí ionchúisimh a cheapadh agus a dhífhostú (Fíor 57) ([121]), agus maidir le neamhspleáchas barraí agus dlíodóirí (Fíor 58) ([122]). Léirítear sna fíoracha na creataí náisiúnta mar a bhí siad i mí na Nollag 2024.

Ní chuirtear i láthair measúnú leis na figiúirí a thugtar sa Scórchlár ná ní chuirtear sonraí cainníochtúla i láthair leo maidir le héifeachtacht na gcoimircí. Níl siad ceaptha mar léiriú ar an gcastacht agus ar mhionsonraí na nósanna imeachta agus na gcoimircí a ghabhann leo.

*– Breithiúna a tharraingt siar agus a scaoileadh –*

Léirítear i bhFíor 56, a cuireadh i láthair den chéad uair i Scórchlár Ceartais AE 2016 (nuashonraithe anois) cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh breithiúna a bheith faoi réir smachtbhannaí i gcás nach gcomhlíontar an oibleagáid tarraingt siar ó bhreithniú a dhéanamh ar chás ina bhfuil a neamhchlaontacht i gceist, i mbaol, nó i gcás ina bhfuil braistint réasúnach ann go bhfuil claontacht ann. Léirítear leis an bhfigiúr freisin cén t- údarás([123]) atá freagrach as cinneadh a dhéanamh maidir le hiarraidh scaoilte arna déanamh ag páirtí a bheartaíonn agóid a dhéanamh in aghaidh breithimh ([124]).

[120] Tá an fhíor bunaithe ar na freagraí a fuarthas ar cheistneoir cothrom le dáta arna tharraingt suas ag an gCoimisiún i ndlúthchomhar le GECB. Fuarthas na freagraí ar an gceistneoir cothrom le dáta ó Bhallstáit, nach bhfuil aon chomhairle um na breithiúna nó nach comhaltaí GECB iad (CZ, DE, EE, AT agus PL) acu, i gcomhar le Líonra Uachtaráin na gCúirteanna Breithiúnacha Uachtaracha den Aontas Eorpach.

[121] Tá na fíoracha bunaithe ar fhreagraí a fuarthas ar cheistneoir cothrom le dáta arna tharraingt suas ag an gCoimisiún i ndlúthchomhar le Líonra na nIonchúisitheoirí Poiblí nó le hinstitiúidí coibhéiseacha ag Cúirteanna Breithiúnacha Uachtaracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh – Líonra NADAL.

[122] Tá an fhíor bunaithe ar na freagraí a fuarthas ar cheistneoir cothrom le dáta arna tharraingt suas ag an gCoimisiún i ndlúthchomhar le Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa (CCBE).

[123] Uaireanta is féidir le níos mó ná údarás amháin an cinneadh sin a dhéanamh, ag brath ar leibhéal na cúirte ina suíonn an breitheamh scaoilte.

[124] Foráiltear le míreanna 59, 60 agus 61 de Mholadh CM/Rec(2010)12 gur cheart do bhreithiúna gníomhú go neamhspleách agus go neamhchlaonta i ngach cás agus gur cheart dóibh tarraingt siar ó chás nó diúltú do ghníomhú i gcás ina bhfuil cúiseanna bailí a shainítear sa dlí, agus ní ar chúiseanna eile.

**Fíor .: Breitheamh a tharraingt siar agus a scaoileadh** (*) (*foinse: Gréasán Eorpach na gComhairlí um na Breithiúna agus Líonra Uachtaráin na gCúirteanna Breithiúnacha Uachtaracha den Aontas Eorpach ([125]))*




*– Coimircí i ndáil le feidhmiú na seirbhíse ionchúisimh náisiúnta san Aontas Eorpach –*

Tá ról mór ag an ionchúiseamh poiblí sa chóras ceartais choiriúil agus sa chomhar idir Ballstáit in ábhair choiriúla. Is ríthábhachtach é feidhmiú cuí na seirbhíse ionchúisimh náisiúnta le haghaidh an chomhraic éifeachtaigh in aghaidh na coireachta, lena n- áirítear an choireacht eacnamaíoch agus airgeadais, amhail sciúradh airgid agus éilliú. De réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais maidir leis an gCinneadh Réime maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach ([126]), is féidir oifig an ionchúisitheora phoiblí a mheas mar údarás breithiúnach Ballstáit chun barántas gabhála Eorpach a eisiúint agus a fhorghníomhú cibé uair is féidir leis gníomhú go neamhspleách, gan bheith curtha i mbaol teacht faoi réir orduithe nó treoracha, ar bhonn díreach nó indíreach, i gcás sonrach ón bhfeidhmeannach, amhail Aire Ceartais ([127]).

[125] Sonraí bailithe trí cheistneoir nuashonraithe a tharraingítear suas ag an gCoimisiún i ndlúthchomhar le ENCJ. Freagraí ar an gceistneoir cothrom le dáta ó Bhallstáit nach bhfuil acu aon Chomhairle um na Breithiúna agus nach comhaltaí ENCJ iad, fuarthas i gcomhar le NPSC iad.

[126] Cinneadh Réime 2002/584/JHA ón gComhairle maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit (IO L 190, 18.7.2002, lch. 1).

[127] An Chúirt Bhreithiúnais, breithiúnas an 27 Bealtaine 2019, *OG agus PI (Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí in Lübeck agus Zwickau)*, Cásanna Uamtha C-508/18 agus C-82/19 PPU, míreanna 73, 74 agus 88, ECLI:EU:C:2019:456; breithiúnas an 27 Bealtaine 2019, C- 509/18, mír 52, ECLI:EU:C:2019:457; féach freisin breithiúnais an 12 Nollaig 2019, *Parquet général du Grand-Duché de Lucsamburg agus Openbaar Ministerie (Ionchúisitheoirí Poiblí Lyon agus Tours),* i gCásanna Uamtha C-566/19 PPU agus C-626/19, ECLI:EU:C:2019:1077; *Openbaar Ministerie (Údarás Ionchúisimh na Sualainne),* C-625/19 PPU, ECLI:EU:C:2019:1078, agus *Openbaar Ministerie (Ionchúisitheoir Poiblí sa Bhruiséil),* C-627/19 PPU, ECLI:EU:C:2019:1079; breithiúnas an 24 Samhain 2020, *AZ*, C-510/19, mír 54, ECLI:EU:C:2020:953. Féach

Tá éagsúlachtaí in eagrú na seirbhís ionchúisimh náisiúnta ar fud an Aontais, agus níl aon samhail aonfhoirmeach le haghaidh gach Ballstáit ann. Thug Comhairle na hEorpa dá haire áfach treocht fhorleathan go mbeadh oifig ionchúisitheora níos neamhspleáiche ann, seachas ceann atá fo- ordaithe nó nasctha leis an bhfeidhmeannas ([128]). De réir Chomhairle Chomhairleach na nIonchúisitheoirí Eorpacha, is ceann de cholúin stáit dhaonlathaigh í seirbhís ionchúisimh éifeachtach agus uathrialach atá tiomnaithe chun seasamh leis an smacht reachta agus le cearta an duine i riar an cheartais ([129]).

---

freisin breithiúnas an 10 Samhain 2016, *Kovalkovas,* C-477/16 PPU, míreanna 34 agus 36, ECLI:EU:C:2016:861, agus breithiúnas an 10 Samhain 2016, *Poltorak,* C-452/16 PPU, mír. 35, ECLI:EU:C:2016:858, maidir leis an téarma 'breithiúna', 'nach mór idirdhealú a dhéanamh […] i gcomhréir le prionsabal scaradh na gcumhachtaí atá mar shaintréith d'oibriú an smachta reachta, idir iad agus an feidhmeannach'. Féach freisin *Opinion No. 13(2018) Independence, accountability and ethics of prosecutors, adopted by the Consultative Council of European Prosecutors (CCPE), recommendation xii.*[Tuairim Uimh. 13(2018) Neamhspleáchas, cuntasacht agus eitic na n- ionchúisitheoirí, arna glacadh ag Comhairle Chomhairleach na nIonchúisitheoirí Eorpacha (CCPE), moladh xii.]

[128] *CDL-AD(2010)040-e Report on European Standards as regards the Independence of the Judicial System:* [CDL-AD(2010)040-e Tuarascáil um Chaighdeáin Eorpacha a mhéid a bhaineann le Neamhspleáchas an Chórais Bhreithiúnaigh:] *Part II - the Prosecution Service - Adopted by the Venice Commission - at its 85th plenary session (Venice, 17-18 December 2010), para. 26.*[Cuid II - an tSeirbhís Ionchúisimh - Arna ghlacadh ag Coimisiún na Veinéise - ag a 85ú seisiún iomlánach (an Veinéis, 17-18 Nollaig 2010), mír. 26.]

[129] I sochaí dhaonlathach, ní mór do na cúirteanna agus do na húdaráis imscrúdaitheacha fanacht saor ó bhrú polaitiúil. Ciallaíonn coincheap an neamhspleáchais go mbíonn ionchúisitheoirí saor ó chur isteach neamhdhleathach i gcleachtadh a ndualgas ionas go n- áiritheofar lánurraim don dlí agus do phrionsabal an smachta reachta agus dá gcur i bhfeidhm agus nach mbíonn siad faoi réir aon bhrú pholaitiúil ná tionchar neamhdhleathach d'aon chineál. Ní hamháin go bhfuil feidhm ag an neamhspleáchas ar an tseirbhís ionchúisimh ina hiomláine, ach tá feidhm aige freisin maidir lena comhlachtaí áirithe agus ar ionchúisitheoirí aonair freisin. Cibé samhail den chóras ceartais náisiúnta atá ann nó cibé traidisiún dlí ina ndaingnítear é, le caighdeáin Eorpacha déantar foráil go ndéanann Ballstáit bearta éifeachtacha chun ráthaíocht a thabhairt gur féidir le hionchúisitheoirí poiblí a ndualgais agus freagrachtaí gairmiúla a chomhlíonadh faoi dhálaí dlíthiúla iomchuí agus eagraíochtúla agus gan cur isteach nach bhfuil údar leis.
Féach Consultative Council of European Prosecutors (CCPE) Opinion No. 15 (2020) on the role of prosecutors in emergency situations, in particular when facing a pandemic.[Comhairle Chomhairleach na nIonchúisitheoirí Eorpacha (CCPE) Tuairim Uimh. 15 (2020) maidir le ról na n- ionchúisitheoirí i gcásanna éigeandála, go háirithe le linn paindéime.]; Opinion No. 16 (2021) on the Implications of the decisions of international courts and treaty bodies as regards the practical independence of prosecutors, para. 13.[Comhairle Chomhairleach na nIonchúisitheoirí Eorpacha (CCPE) Tuairim Uimh. 16 (2021) um Impleachtaí chinntí na gcúirteanna agus na gcomhlachtaí conartha idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann le neamhspleáchas praiticiúil na n- ionchúisitheoirí, mír 13.]. Féach freisin Recommendation Rec(2000)19 on the role of public prosecution in the criminal justice system, adopted by the Committee of Ministers of the Council of Europe on 6 October 2000 (the 2000 Recommendation), paras. 4, 11 and 13; [Moladh Rec(2000)19 maidir le ról an ionchúisimh phoiblí sa chóras ceartais coiriúil, arna ghlacadh ag an gCoiste Airí de chuid Chomhairle na hEorpa an 6 Deireadh Fómhair 2000 (Moladh 2000), míreanna 4, 11 agus 13]. *Opinion No. 13(2018) Independence, accountability and ethics of prosecutors, adopted by the Consultative Council of European Prosecutors (CCPE), recommendations i and iii;*[Tuairim Uimh. 13(2018) Neamhspleáchas, cuntasacht agus eitic na n- ionchúisitheoirí, arna glacadh ag Comhairle Chomhairleach na nIonchúisitheoirí Eorpacha (CCPE), moltaí i agus iii;] Grúpa Stát in aghaidh an Éillithe (GRECO), an ceathrú babhta meastóireachta 'Corruption prevention - Members of Parliament, Judges and Prosecutors', a vast number of recommendations ask for the introduction of arrangements to shield the prosecution service from undue influence and interference in the investigation of criminal cases [Cosc an éillithe - Feisirí Parlaiminte, Breithiúna agus Ionchúisitheoirí, líon mór moltaí ina n- iarrtar socruithe a thabhairt isteach leis an tseirbhís ionchúisimh a chosaint ar thionchar míchuí agus ar chur isteach in imscrúdú cásanna coiriúla.].

D'fhéadfaí tionchar a bheith ag nósanna imeachta chun ionchúisitheoirí náisiúnta a cheapadh ar a mhéid atá an tseirbhís ionchúisimh neamhspleách. Cibé samhail den chóras ceartais náisiúnta atá ann nó cibé traidisiún dlí ina ndaingnítear é, le caighdeáin Eorpacha déantar foráil go ndéanann Ballstáit bearta éifeachtacha chun ráthaíocht a thabhairt gur féidir le hionchúisitheoirí poiblí a ndualgais agus freagrachtaí gairmiúla a chomhlíonadh faoi dhálaí dlíthiúla iomchuí agus eagraíochtúla ([130]) agus gan cur isteach nach bhfuil údar leis ([131]).

Léirítear i bhFíor 57 na nósanna imeachta ceapacháin agus dífhostaithe do chinn oifigí ionchúisimh. Léirítear san fhíor éagsúlacht samhlacha eagraíochtúla na seirbhíse ionchúisimh ó Bhallstát go chéile maidir leis an gcumhacht feidhmiúcháin nó na breithiúna. Léirítear san fhíor freisin ról an ard- ionchúisitheora agus na gcomhairlí do na comhairlí um na breithiúna/comhairlí ionchúisimh mar ghníomhaithe tábhachtacha maidir le cinn oifigí ionchúisimh a cheapadh agus a dhífhostú.

**Fíor .: <u>Cinn oifigí ionchúisimh</u>: ceapachán agus dífhostú** (*) *(Foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht le Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa ([132]))*




***BE:*** *Molann an Chomhairle um na Breithiúna na hiarrthóirí don Aire Ceartais, molann an tAire Ceartais iad don Rí. Dífhostaíonn cúirt araíonachta iad.* ***BG:*** *Léirítear sna cairteacha staid na gceann riaracháin, seachas staid na leas- cheann riaracháin. Is féidir leis an Ard- Ionchúisitheoir cinn na n- oifigí ionchúisimh achomhairc, cinn na n- oifigí ionchúisimh uachtaracha do cheann oifige ionchúisimh sa dúiche bhreithiúnach faoi seach agus an tAire Cheartais le haghaidh gach iarrthóir a mholadh, agus is féidir le hiarrthóirí iad féin a ainmniú freisin. Is í an Chomhairle Ionchúisimh a dhéanann ceapacháin. Féadfaidh an Chomhairle Ionchúiseach, an tArd- Ionchúisitheoir agus an tAire Ceartais a mholadh go ndéanfaí duine a dhífhostú, agus déanfaidh an Ard- Chomhairle Bhreithiúnach é a dhífhostú. Déanann Dlísheomra na nIonchúisitheoirí den Ardchomhairle Bhreithiúnach Stiúrthóir na Seirbhíse*

[130] Recommendation Rec(2000)19 on the role of public prosecution in the criminal justice system, adopted by the Committee of Ministers of the Council of Europe on 6 October 2000 (the 2000 Recommendation), para. 4. [Moladh Rec(2000)19 maidir le ról an ionchúisimh phoiblí sa chóras ceartais choiriúil, arna ghlacadh ag Coiste Airí Chomhairle na hEorpa an 6 Deireadh Fómhair 2000 (Moladh 2000), mír. 4.]

[131] Moladh 2000, míreanna 11 agus 13. Féach freisin Opinion No. 13(2018) Independence, accountability and ethics of prosecutors, adopted by the Consultative Council of European Prosecutors (CCPE), recommendations i and iii. [Tuairim Uimh. 13(2018) Neamhspleáchas, cuntasacht agus eitic na n- ionchúisitheoirí, arna glacadh ag Comhairle Chomhairleach na nIonchúisitheoirí Eorpacha (CCPE), moltaí i agus iii.].

[132] Sonraí bailithe trí cheistneoir cothrom le dáta arna tharraingt suas ag an gCoimisiún i ndlúthchomhar le Líonra Ionchúisitheoirí NADAL.

*Imscrúdaithe Náisiúnta a dhífhostú ar thogra ó thriúr comhaltaí ar a laghad de Dhlísheomra na nIonchúisitheoirí, nó ón Ard- Ionchúisitheoir, nó ón Aire Ceartais.* ***CZ:*** *Ceapann an tAire Ceartais cinn na hardoifige ionchúisimh, na hoifige réigiúnaí ionchúisimh nó na hoifige dúiche ionchúisimh ar mholadh ó cheann na chéad oifige ard- ionchúisimh eile is gaire nó ar mholadh ón Ard- Ionchúisitheoir nó ón Aireacht Cheartais. Is féidir leis an Ard- Ionchúisitheoir agus le cinn na n- oifigí ionchúisimh uachtaracha a mholadh go ndéanfaí ceann na hardoifige ionchúisimh, na hoifige réigiúnaí ionchúisimh nó na hoifige dúiche ionchúisimh a dhífhostú. Déanann cúirt araíonachta an dífhostú.* ***DK:*** *Déantar an fhreagracht as cinn oifige a cheapadh sa tSeirbhís Ionchúisimh Áitiúil a tharmligean ón Aireacht Ceartais chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (an tArd- Ionchúisitheoir).* ***DE:*** *Tar éis glao poiblí, ceapann an Aireacht Cónaidhme Ceartais na hionchúisitheoirí poiblí ar leibhéal an stáit fheidearálaigh. Níl aon moladh ann maidir le dífhostú. Is féidir leis an Aireacht Cónaidhme Ceartais na hionchúisitheoirí poiblí a dhífhostú go sealadach nó iad a aistriú chuig post eile ar chúiseanna a bhaineann le seirbhís, is féidir leis an mbrainse breithiúnach sonrach de chúirteanna seirbhíse (cúirteanna státseirbhíseach) iad a dhífhostú ón státseirbhís.* ***EE:*** *Molann an tArd- Ionchúisitheoir an ceapachán/dífhostú agus déanann an tAire Ceartais ceapachán/dífhostú.* ***IE****: Is é an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí an t- aon oifig ionchúisimh atá freagrach as ionchúisimh in IE. Is é an Coiste um Cheapacháin Ardleibhéil (TLAC) a dhéanann na tograí maidir le ceapachán agus dífhostú, agus tá an cinneadh deiridh ag an Rialtas maidir le ceapachán agus dífhostú araon.* ***EL:*** *Déantar cinneadh na Comhairle Breithiúnaí is Airde a fhorghníomhú tar éis d'Uachtarán na Poblachta foraithne a eisiúint. Mar eisceacht, is iad na hionchúisitheoirí atá ag fónamh sna hoifigí faoi seach i mballóid rúnda a thoghann cinn na n- oifigí ionchúisimh i gCúirteanna Céadchéime na hAithne agus Thessaloniki agus ceann na hoifige ionchúisimh i gCúirt Achomhairc na hAithne. Is í an Chomhairle Bhreithiúnach is Airde a cheapann Ceann na hOifige Ionchúisimh um Choireacht Eacnamaíoch. Is í an Chomhairle Bhreithiúnach is Airde a mholann dífhostú, déanann an tUachtarán an dífhostú.* ***ES:*** *Ainmníonn an tArd- Ionchúisitheoir na hiarrthóirí do phost ar leith laistigh den Oifig Ionchúisimh, Leas- Phríomh- Ionchúisitheoirí Réigiúnacha agus Leas- Phríomh- Ionchúisitheoirí Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Speisialta, a cheapann an Rialtas ansin (ceapann an Rí iad go foirmiúil). Roimh ré, téann an tArd- Ionchúisitheoir i gcomhairle leis an gComhairle Ionchúisimh Phoiblí (comhlacht coláisteach agus ionadaíoch de chuid PPO) chomh maith leis na Príomh- Ionchúisitheoirí Réigiúnacha nuair a bhíonn poist a réigiún faoi seach i gceist. Molann an tArd- Ionchúisitheoir dífhostú, tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle Ionchúisimh agus, i gcás inarb iomchuí, leis an bPríomh- Ionchúisitheoir Réigiúnach, agus déanann an Rialtas cinneadh maidir le dífhostú.* ***FR:*** *Déanann an tAire Ceartais moladh, tugann an Chomhairle um na breithiúna a tuairim, agus ceapann Uachtarán na Poblachta le foraithne. Is tuairim chomhairleach í tuairim na Comhairle um na breithiúna, ach de réir nós seanbhunaithe, urramaíonn an Aireacht agus an tUachtarán tuairimí neamhfhabhracha. Molann an Conseil supérieur de la magistrature an dífhostú agus déanann an tAire Ceartais an dífhostú.* ***CY****: Is é an tArd- Aighne an t- aon cheann ar oifig an ionchúisimh. Déanann an tUachtarán an ceapachán. Is í an Chúirt Bhunreachtúil Uachtarach, ag gníomhú di mar Chomhairle Bhreithiúnach, a dhéanann an dífhostú.* ***LV:*** *Tar éis glao poiblí, déanann Coimisiún Fianaithe an Ionchúisitheora (arna bhunú ag Comhairle an Phríomh- Ionchúisitheora agus comhdhéanta d'ionchúisitheoirí ar leibhéil éagsúla) an t- iarrthóir lena cheapadh a mholadh, agus molann sé dífhostú.* ***LT:*** *Molann an Coimisiún Roghnúcháin d'Ionchúisitheoirí (comhdhéanta de cheathrar ionchúisitheoirí agus triúr nach ionchúisitheoirí iad) na hiarrthóirí tar éis glao oscailte. Féadfaidh an Coimisiún Fianaithe (comhdhéanta de cheathrar ionchúisitheoirí agus triúr nach ionchúisitheoirí iad) nó an t- ionchúisitheoir a rinne imscrúdú inmheánach i leith ghníomhaíochtaí an ionchúisitheora dífhostú a mholadh.* ***LU:*** *Is í an Chomhairle um na Breithiúna a dhéanann ceapacháin. Comhdaíonn an Chomhairle um na Breithiúna nós imeachta araíonachta, ar a ndéanann binse araíonachta cinneadh maidir le dífhostú.* ***HU:*** *Tar éis fógra poiblí poist a fháil, déanann an tArd- Ionchúisitheoir cinneadh maidir leis na hiarratais agus ceapann ionchúisitheoirí chuig na poist shinsearacha. Tugann Comhairle an Ionchúisitheora a tuairim. Déanann an tArd- Ionchúisitheoir ceapacháin bhainistíochta agus shinsearacha a chúlghairm tráth ar bith gan bonn cirt a bheith leis sin. Féadfaidh cinn oifigí ionchúisimh an chúlghairm a mholadh, ach tá sé sin neamhcheangailteach don Ard- Ionchúisitheoir.* ***MT:*** *Leis an gcairt, léirítear an cás maidir leis an Ard- Aighne (an tArd- Ionchúisitheoir). Tar éis glao poiblí, ceapann an tUachtarán duine i gcomhréir le comhairle an Phríomh- Aire. Is í an Pharlaimint a mholann dífhostú an Ard- Aighne le tacaíocht ó vótaí nach lú ná dhá thrian de na comhaltaí uile, déanann an tUachtarán an dífhostú.* ***NL:*** *Cuireann Bord na nArd- Ionchúisitheoirí, mar cheann na Seirbhíse Ionchúisimh Phoiblí, ainmniúcháin faoi bhráid an Aire Ceartais agus Slándála, a chinneann cibé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn ainmniúcháin lena gceapadh le foraithne ríoga. Déanann Bord na nArd- Ionchúisitheoirí dífhostú le toiliú an Aire Ceartais agus Slándála.* ***AT:*** *Molann Coimisiún Pearsanra san Aireacht Cónaidhme Ceartais, atá comhdhéanta d'ionchúisitheoirí, iarrthóir do Chinn Oifigí na nIonchúisitheoirí Poiblí Sinsearacha agus do Cheann Oifig an Ard- Ionchúisitheora. Molann an Coimisiún Pearsanra ag Oifig na nIonchúisitheoirí Poiblí Sinsearacha iarrthóirí do chinn Oifigí uile an Ionchúisitheora Phoiblí ina réigiún/réimse inniúlachta chuig an Aireacht Cónaidhme Ceartais. Ceapann Uachtarán na Cónaidhme na hiarrthóirí. Dífhostaíonn cúirt araíonachta iad.*

*Feidhmíonn an Chúirt Uachtarach mar chúirt araíonachta do chomhaltaí Oifig an Ard- Ionchúisitheora agus Ceann Oifig na nIonchúisitheoirí Poiblí Sinsearacha (agus a gcéad ionadaithe); i gcás ionchúisitheoirí eile, gníomhaíonn an Ard- Chúirt Réigiúnach (de réigiún eile) mar chúirt araíonachta (1ú céim).* ***PL:*** *Molann an tIonchúisitheoir Náisiúnta an ceapachán tar éis an t- iarrthóir a chur faoi bhráid thionól na n- ionchúisitheoirí a mbeidh an t- iarrthóir ceaptha i gceannas air. Is é an tIonchúisitheoir Náisiúnta an t- údarás ceapacháin. Tá an rud céanna fíor maidir leis an dífhostú.* ***RO:*** *Léirítear sa chairt an cás le haghaidh cinn oifigí ionchúisimh seachas cinn oifigí ionchúisimh speisialaithe. Tar éis glao poiblí, ceapann an Uaschomhairle Giúistíseachta cinn na n- oifigí ionchúisimh. Molann an tArd- Ionchúisitheoir nó an Chigireacht Bhreithiúnach, Ardchomhairle na Giúistíseachta, cinn oifigí ionchúisimh a dhífhostú.* ***SI:*** *Is í an Chomhairle Ionchúisimh a cheapann cinn oifigí dúiche ionchúisitheora stáit ar thogra réasúnaithe ón Aire Ceartais tar éis tuairim a fháil roimh ré ón Ard- Ionchúisitheoir Stáit. Déanann an Chomhairle Ionchúisimh ceann oifige dúiche ionchúisitheora stáit a dhífhostú ar mholadh ón Aire tar éis tuairim a fháil roimh ré ón Ard- Ionchúisitheoir Stáit.* ***SK:*** *Tar éis glao oscailte, molann coiste roghnúcháin cúigear comhaltaí (comhdhéanta d'ionchúisitheoirí arna roghnú ag an Ard- Ionchúisitheoir) na príomh- ionchúisitheoirí tar éis ráiteas roimh ré ón gComhairle Ionchúiseach. Is é an tArd- Ionchúisitheoir a dhéanann ceapacháin. Is iad na heisceachtaí ar an nós imeachta sin Teachtaí an Ard- Ionchúisitheora, a cheapann sé féin, agus Leas- Ionchúisitheoirí Réigiúnacha/Leas- Ionchúisitheoirí Dúiche, arna gceapadh ag an Ard- Ionchúisitheoir bunaithe ar thogra ón Ionchúisitheoir Réigiúnach/Dúiche ábhartha. Meastar gur príomh- ionchúisitheoirí iad ionadaithe freisin. Déanann an tArd- Ionchúisitheoir príomh- ionchúisitheoirí a dhífhostú. Ní mór don Ard- Ionchúisitheoir dífhostú a dhéanamh má d'eisigh cúirt araíonachta cinneadh maidir leis an dífhostú. Féadfaidh trí chúigiú de chomhaltaí na Parlaiminte, nó Uachtarán na Poblachta, tairiscint araíonachta a chomhdú in aghaidh an Ard- Ionchúisitheora. I gcásanna príomh- ionchúisitheoirí, is é an tArd- Ionchúisitheoir, Cosantóir Poiblí na gCeart, agus an Leas- Ard- Ionchúisitheoir (in aghaidh ionchúisitheoirí Oifig an Ard- Ionchúisitheora agus príomh- ionchúisitheoirí a thagann faoi réim inniúlachta bainistíochta dá chuid nó dá cuid).* ***FI:*** *Molann ionchúisitheoir sinsearach in Oifig an Ard- Ionchúisitheora an ceapachán nó an dífhostú, a fhorghníomhaíonn an tArd- Ionchúisitheoir ina dhiaidh ansin. Ina theannta sin, féadfaidh cúirt Ceann na hOifige Ionchúisimh a dhífhostú i gcás príosúnachta, cé is moite de roinnt eisceachtaí.* ***SE:*** *Molann an Bord Comhairleach Fostaíochta d'ionchúisitheoirí an Leas- Phríomh- Ionchúisitheoir Poiblí (togra neamhcheangailteach), an Príomh- Ionchúisitheoir Poiblí chomh maith le hIonchúisitheoirí Poiblí Sinsearacha, ceapann an tArd- Ionchúisitheoir iad. Molann an tArd- Ionchúisitheoir an dífhostú, déanann Bord Araíonachta an Rialtais d'Ardoifigigh cinntí maidir leis an dífhostú.*

*– Neamhspleáchas na mbarraí agus dlíodóirí san Aontas Eorpach –*

Feidhmíonn dlíodóirí agus a gcomhlachais ghairmiúla ról bunúsach chun cosaint na gceart bunúsach agus an smachta reachta a áirithiú ([133]). Éilítear de réir chóras cóir um cheartas a riar go mbíonn an tsaoirse ag dlíodóirí dul i mbun a gcuid gníomhaíochtaí comhairle a thabhairt dá gcliaint agus ionadaíocht a dhéanamh ar a sonsan. Is le comhaltas na ndlíodóirí i saorghairm agus leis an údarás a thagann ón gcomhaltas sin a chuidítear lena neamhspleáchas sin a choinneáil ar bun, agus feidhmíonn comhlachais bharra ról tábhachtach chun cuidiú le neamhspleáchas dlíodóirí a ráthú. Leagtar amach sna caighdeáin Eorpacha an tsaoirse chun gairm an dlíodóra a chleachtadh agus neamhspleáchas na gcomhlachas barra. Leagtar síos freisin leis na caighdeáin sin na bunphrionsabail um imeachtaí araíonachta in aghaidh dlíodóirí ([134]).

[133] 'Lawyers play an important role in protecting the rule of law and judicial independence, while respecting the separation of powers and fundamental rights.' ['Feidhmíonn dlíodóirí ról tábhachtach um chosaint an smachta reachta agus neamhspleáchas na mbreithiúna, agus urraim á léiriú do scaradh cumhachta agus cearta bunúsacha.'], '*Access to a lawyer and rule of law*' [Rochtain ar dhlíodóir agus an smacht reachta], plépháipéar na hUachtaránachta le haghaidh chruinniú na Comhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 3 agus 4 Márta 2022: https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-6319-2022-INIT/en/pdf.

[134] Moladh Uimh. R(2000)21 ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa.

**Fíor .: <u>Neamhspleáchas barraí agus dlíodóirí</u>, 2024** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht le Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa ([135]))*




*(*) Bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé, d'fhéadfadh Ballstáit scór suas le 9 bpointe ar a mhó a fháil. Rinneadh an suirbhé ag deireadh 2024. Maidir leis an gceist maidir le ráthaíochtaí rúndacht an chaidrimh idir an dlíodóir/cliant, bronnadh 0,5 pointe le haghaidh gach cáis a cumhdaíodh go hiomlán (cuardach agus urghabháil ríomhshonraí atá ag an dlíodóir, cuardach áitreabh an dlíodóra, idircheapadh dlíodóir/cumarsáid cliaint, faireachas ar an dlíodóir nó ar a n- áitreabh, iniúchadh cánach ar an ngnólacht dlí agus seiceálacha riaracháin eile). Le haghaidh gach critéir eile atá comhlíonta ina iomláine, dámhadh 1 phointe amháin. Níor dámhadh aon phointe murar comhlíonadh an critéar.* ***MT****: freagraí ó 2020, curtha in oiriúint don mhodheolaíocht nua.* ***EE****: Tá cumhachtaí maoirseachta leathana ag an Aireacht Ceartais ar eagrú an chórais cúnaimh dhlíthiúil.* ***LT****:I gcomhréir leis an Dlí um an mBarra, féadann comhairle an bharra gníomhaíocht araíonachta a ghlacadh in aghaidh dlíodóirí. Leagtar síos leis freisin, áfach, go bhfuil an ceart sin ag an Aire Ceartais. Má chinneann an tAire Ceartais gníomh araíonachta a thionscain in aghaidh dlíodóra, níl cead aighnis ag an mbarra sna himeachtaí sin, agus téann an cás díreach chuig an gcúirt araíonachta. Tá cúigear dlíodóirí sa chúirt araíonachta, ar comhaltaí den bharra iad. Toghann comhthionól ginearálta an bharra triúr as an gcúigear, agus ceapann an tAire Ceartais an bheirt eile.* ***PL****: Tá ról maoirseachta ag an Aireacht Ceartais ar an mbarra, scrúduithe barra a eagrú agus méid na dtáillí dlíthiúla íosta a shocrú (tar éis tuairim neamh- shainordaitheach ó chomhairle an bharra uachtaraigh).* ***SI****: Déantar imeachtaí araíonachta a iompar laistigh de Chomhairle an Bharra féin go heisiach. Féadtar achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh choiste araíonachta na chéadchéime, a dhéanann coiste araíonachta an dara céim a bhreithniú. Ní fhéadtar achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh choiste araíonachta an dara céim. Cinntear sin le hAirteagal 65 d'Acht na nAturnaetha: 'Beidh cinntí na gcomhlachtaí araíonachta de chuid chumann an bharra infhorfheidhmithe.';* ***SK****: Is é an coiste maoirseachta neamhspleách de chuid Chumann Barra na Slóvaice go príomha a chomhdaíonn achainí bunaithe ar an ngearán. Féadfaidh an tAire Ceartais imeacht araíonachta a thionscnamh freisin, áfach, más amhlaidh 'go ndearna dlíodóir gníomh a d'fhéadfaí a mheas mar mhí- iompar gairmiúil faoi na rialacha dlíthiúla a bhí i bhfeidhm go dtí sin, nó féadfaidh cathaoirleach an choiste maoirseachta nó an tAire Ceartais (agus iad ag gníomhú ina gcáil mar achainíoch) iarratas ar an imeacht araíonachta a thosú faoin Acht seo a chur faoi bhráid chomhlacht rialaithe an bharra iomchuí laistigh den teorainn ama a bhain le tosú an imeachta araíonachta faoin riail a bhí i*

[135] Is trí fhreagraí ó chomhaltaí CCBE ar cheistneoir a bhailítear sonraí 2024.

*bhfeidhm go dtí sin.'* ***FI:*** *Tá cumann an bharra faoi mhaoirseacht an tSeansailéara Ceartais mar údarás poiblí. Tá údarás maoirseachta ag an Seansailéir ar aturnaetha mar a rialaítear iad in Acht na nAbhcóidí.*

### 2.3.3. Achoimre maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna

Is gné bhunriachtanach é an neamhspleáchas breithiúnach den cheart chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair cúirte nó binse, mar a chumhdaítear in Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus tá sé fíor- riachtanach chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 19 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Is gné bhunúsach de chóras ceartais éifeachtach é agus tá sé fíor- riachtanach chun an smacht reachta a chaomhnú. Tá sé ríthábhachtach chun cothroime imeachtaí breithiúnacha agus iontaoibh an phobail agus gnólachtaí as an gcóras dlí a áirithiú. Dá bhrí sin, ní mór do na córais bhreithiúnacha náisiúnta lánurraim a thabhairt do na ceanglais a mhéid a bhaineann le neamhspleáchas breithiúnach de réir dhlí an Aontais mar a léirmhíníonn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh iad agus aird chuí a thabhairt ar chaighdeáin Eorpacha maidir le neamhspleáchas breithiúnach. Taispeántar treochtaí i Scórchlár 2025 i mbraistintí an phobail i gcoitinne agus na gcuideachtaí ar neamhspleáchas na mbreithiúna. Cuirtear i láthair san eagrán seo freisin roinnt táscairí nua i ndáil leis an staid maidir le breitheamh a tharraingt siar agus a scaoileadh sna Ballstáit uile, agus maidir le cinn oifigí ionchúisimh a cheapadh agus a dhífhostú.

Ní cheadaítear sna táscairí struchtúracha conclúidí a tharraingt maidir le neamhspleáchas na gcomhlachtaí sin, ach feidhmíonn siad mar ghnéithe féideartha a d'fhéadfaí a ghlacadh mar thúsphointe le haghaidh anailís den sórt sin.

a) Cuirtear i láthair i Scórchlár 2025 na forbairtí maidir leis an neamhspleáchas a mheastar ó shuirbhéanna ar an bpobal i gcoitinne (Eorabharaiméadar FL554) agus ar chuideachtaí (Eorabharaiméadar FL555):

- Ar thaobh amháin, léirítear sa suirbhé Eorabharaiméadair i measc an phobail i gcoitinne (Fíor 50) go bhfuil feabhas tagtha ar bhraistint ar neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna nó gur fhan sí cobhsaí i 17 mBallstát i gcomparáid le 2016, cé go mbíonn dúshláin roimh 5 Bhallstát. Ar an taobh eile, i gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig feabhas ar bhraistint an phobail i gcoitinne ar an neamhspleáchas nó d'fhan sí cobhsaí in 21 Bhallstát, cé gur tháinig laghdú uirthi i 6 Bhallstát. I dtrí Bhallstát, tá an leibhéal neamhspleáchais a mheastar fós sách íseal.
- Léirítear sa suirbhé Eorabharaiméadair ar chuideachtaí (Fíor 52) go bhfuil feabhas tagtha ar bhraistint ar neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna nó gur fhan sí cobhsaí i 18 mBallstát i gcomparáid le 2016, cé gur tháinig laghdú air i 9 mBallstát. I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tá feabhas tagtha ar bhraistint na gcuideachtaí ar an neamhspleáchas nó d'fhan sí cobhsaí in 18 mBallstát agus tháinig laghdú uirthi i 9 mBallstát. I dtrí Bhallstát, tá an leibhéal neamhspleáchais a mheastar fós sách íseal.
- I measc na gcúiseanna a mheastar a bhí le heaspa neamhspleáchais na gcúirteanna agus na mbreithiúna, ba é cur isteach nó brú ón rialtas agus ó pholaiteoirí an chúis ba mhinice a luadh, agus ina dhiaidh sin brú ó leasanna eacnamaíocha nó ó leasanna sonracha eile. Tá an dá chúis fós suntasach do na 3 Bhallstát ina bhfuil an neamhspleáchas measta fíor- íseal (Fíoracha 51 agus 53).

b) Ó 2022 i leith, tá torthaí suirbhé Eorabharaiméadair curtha i láthair i Scórchlár Ceartais AE a mhéid a bhaineann leis an gcaoi a measann cuideachtaí éifeachtacht na cosanta infheistíochta ag an dlí agus ag na cúirteanna a mhéid a bhaineann, dar leo, le cinntí gan údar nó neamhghníomhaíocht ag an Stát (Fíor 54). Is príomhthosca lena mbaineann suntas inchomparáide fós iad iompraíocht riaracháin, cobhsaíocht agus cáilíocht an phróisis reachtóireachta, chomh maith le héifeachtacht na gcúirteanna agus na cosanta maoine don mhuinín i gcosaint na hinfheistíochta (Fíor 55). I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig feabhas ar mhuinín i gcosaint na hinfheistíochta i 13 Bhallstát.
c) Léirítear le Fíor 56 an staid maidir le tarraingt siar agus scaoileadh breithimh i ngach Ballstát.
d) Le Fíor 57, breathnaítear ar chinn oifigí ionchúisimh a cheapadh agus a dhífhostú agus, dá bhrí sin, ar chuid de na coimircí i ndáil le feidhmiú na seirbhíse ionchúisimh náisiúnta san Aontas Eorpach.
e) Taispeántar i bhFíor 58 go mbíonn neamhspleáchas na ndlíodóirí faoi ráthaíocht ar bhonn ginearálta, rud a thugann saoirse do dhlíodóirí chun dul i mbun a gcuid gníomhaíochtaí comhairle a thabhairt dá gcliaint agus ionadaíocht a dhéanamh ar a son.

## 3. TÁSCAIRÍ EILE IS ÁBHARTHA MAIDIR LEIS AN MARGADH AONAIR

Lasmuigh de na cúirteanna, seirbhísí ionchúisimh agus comhlachtaí breithiúnacha eile, atá tábhachtach chun dlí an Aontais a chur i bhfeidhm go neamhspleách, tá sé de chúram ar roinnt údaráis phoiblí eile dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimsí sonracha, amhail frith- éilliú, soláthar poiblí agus iomaíocht. Áirítear san eagrán seo den Scórchlár cairteacha breise a bhaineann le comhlachtaí atá ríthábhachtach le haghaidh dhea- fheidhmiú an mhargaidh aonair.

I dteannta na n- ábhar a chumhdaítear go tráthrialta, léirítear i Scórchlár 2025 den chéad uair táscairí le haghaidh chumhachtaí agus neamhspleáchas na nInstitiúidí Iniúchóireachta Uasta, a bhfuil ról tábhachtach acu i réimse an fhrith- éillithe, agus cuirtear i láthair ann sonraí maidir leis an neamhspleáchas a mheastar a bheith ann, chomh maith leis na húdaráis a bhfuil baint acu le húdaráis iomaíochta náisiúnta agus comhlachtaí athbhreithnithe céadchéime maidir le soláthar poiblí a cheapadh agus a dhífhostú, ar cuid de na príomhúdaráis iad maidir le feidhmiú an mhargaidh aonair.

### 3.1. Údaráis neamhspleácha atá ábhartha maidir le feidhmiú an mhargaidh aonair

Is príomhchoimirce smachta reachta iad údaráis neamhspleácha d'fheidhmiú an mhargaidh aonair. Den chéad uair, cuirtear i láthair sa Scórchlár gnéithe struchtúracha áirithe de chuid de na húdaráis sin, amhail na comhlachtaí athbhreithnithe céadchéime maidir le soláthar poiblí, na húdaráis iomaíochta náisiúnta agus na hinstitiúidí iniúchóireachta uasta. Cuirtear i láthair ann freisin den chéad uair an neamhspleáchas a mheastar a bheith ag na comhlachtaí athbhreithnithe céadchéime maidir le soláthar poiblí, agus ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta.

Léirítear i bhFíor 59 conas a mheasann cuideachtaí neamhspleáchas na gcomhlachtaí athbhreithnithe céadchéime maidir le soláthar poiblí. Bunaítear na comhlachtaí sin sna Ballstáit ar bhonn na dTreoracha maidir le Leigheasanna (Treoir 89/665/CEE agus Treoir 92/13/CEE, arna leasú le Treoir 2007/66/CE agus Treoir 2014/23/AE). De réir na dTreoracha maidir le Leigheasanna, féadfar athbhreithniú éifeachtach a dhéanamh ar chonarthaí a thagann faoi raon feidhme Threoir 2014/23/AE, Threoir 2014/24/AE agus Threoir 2014/25 agus ar chinntí arna ndéanamh ag na húdaráis chonarthacha agus ag na heintitis chonarthacha agus, go háirithe, a luaithe is féidir ar an bhforas gur sháraigh na cinntí sin dlí an Aontais i réimse an tsoláthair phoiblí nó na rialacha náisiúnta lena dtrasuitear an dlí sin. Féadfaidh an comhlacht atá freagrach as an athbhreithniú a bheith breithiúnach nó neamhbhreithiúnach. Is iondúil gur i bhfoirm údarás riaracháin neamhspleách a bhíonn comhlachtaí neamhbhreithiúnacha. Sa chás sin, sonraítear sna

Treoracha maidir le Leigheasanna ceanglais bhreise nós imeachta chomh maith le hathbhreithniú breithiúnach breise a bheith ar fáil.

**Fíor .: Conas a mheasann __cuideachtaí__ neamhspleáchas na __gcomhlachtaí céadchéime um athbhreithniú ar sholáthar poiblí__** (*) *(foinse: Eorabharaiméadar ([136]) - 2025)*




*(*) Cuirtear Ballstáit in ord ar dtús de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh gur 'fíormhaith' nó 'measartha maith' (maith ar an iomlán) é an neamhspleáchas; má tá an céatadán céanna maith ar an iomlán ag roinnt Ballstát, cuirtear in ord ansin iad de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh gur 'measartha dona' nó 'fíordhona' (dona ar an iomlán) é an neamhspleáchas; má tá an céatadán céanna maith ar an iomlán agus dona ar an iomlán ag roinnt Ballstát, cuirtear in ord ansin iad de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh gur 'fíormhaith' é an neamhspleáchas; má tá an céatadán céanna maith ar an iomlán, dona ar an iomlán agus 'fíormhaith' ag roinnt Ballstát, cuirtear in ord ansin iad de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh gur 'fíordhona' é an neamhspleáchas.*

Léirítear i bhFíor 60 conas a mheasann cuideachtaí neamhspleáchas na n- údarás iomaíochta náisiúnta. Tá na húdaráis sin mar chuid de chóras díláraithe atá bunaithe ar inniúlacht chomhthreomhar an Choimisiúin agus na n- údarás iomaíochta náisiúnta agus chúirteanna náisiúnta na mBallstát chun rialacha an Aontais in aghaidh trustaí a fhorfheidhmiú. Dá réir sin, tá siad ar cheann de na príomhúdaráis le haghaidh fheidhmiú an mhargaidh aonair.

[136] Freagraí ar an gceist a leanas ó shuirbhé Eorabharaiméadair FL555, a rinneadh idir an 13 agus 29 Eanáir 2025: 'Go bhfios duitse, cén rátáil a thabharfá ar an gcomhlacht le haghaidh soláthar poiblí, a dhéanann athbhreithniú ar chásanna soláthair phoiblí, i dtéarmaí a neamhspleáchais? An dtabharfá rátáil fhíormhaith, measartha maith, measartha dona, nó fhíordhona air?', féach: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/policies/justice-and-fundamental-rights/upholding-rule-law/eu-justice-scoreboard_ga#surveys.

**Fíor .: Conas a mheasann cuideachtaí neamhspleáchas na n- údaráis iomaíochta náisiúnta** (*) *(foinse: Eorabharaiméadar ([137]) - 2025)*




*(*) Cuirtear Ballstáit in ord ar dtús de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh gur 'fíormhaith' nó 'measartha maith' (maith ar an iomlán) é an neamhspleáchas; má tá an céatadán céanna maith ar an iomlán ag roinnt Ballstát, cuirtear in ord ansin iad de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh gur 'measartha dona' nó 'fíordhona' (dona ar an iomlán) é an neamhspleáchas; má tá an céatadán céanna maith ar an iomlán agus dona ar an iomlán ag roinnt Ballstát, cuirtear in ord ansin iad de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh gur 'fíormhaith' é an neamhspleáchas; má tá an céatadán céanna maith ar an iomlán, dona ar an iomlán agus 'fíormhaith' ag roinnt Ballstát, cuirtear in ord ansin iad de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh gur 'fíordhona' é an neamhspleáchas.*

Cuirtear i láthair le Fíor 61 na húdaráis a bhfuil baint acu leis na nósanna imeachta ceapacháin agus dífhostaithe le haghaidh comhlachtaí athbhreithnithe céadchéime maidir le soláthar poiblí. Léirítear leis an bhfíor na nósanna imeachta maidir le comhaltaí na gcomhlachtaí athbhreithnithe céadchéime maidir le soláthar poiblí (nuair is de chineál neamhbhreithiúnach iad nó nuair nach cuid den ghnáthchóras cúirte iad agus nuair a dhéanann siad cinneadh i bpainéil) nó a gcinn nuair atá oifigigh phoiblí sna comhlachtaí.

[137] Freagraí ar an gceist a leanas ó shuirbhé Eorabharaiméadair FL555, a rinneadh idir an 13 agus 29 Eanáir 2025: 'Go bhfios duitse, cén rátáil a thabharfá ar an údarás iomaíochta náisiúnta, a chinneann ábhair iomaíochta, i dtéarmaí a neamhspleáchais? An dtabharfá rátáil fhíormhaith, measartha maith, measartha dona, nó fhíordhona air?', féach: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/policies/justice-and-fundamental-rights/upholding-rule-law/eu-justice-scoreboard_ga#surveys.

**Fíor .: Comhlachtaí céadchéime** **<u>um athbhreithniú ar sholáthar poiblí</u>**: **ceapachán agus dífhostú** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht le Líonra na gComhlachtaí Athbhreithnithe Céadchéime maidir le Soláthar Poiblí)*




*(*) Leis an gcairt, tagraítear do nósanna imeachta ceapacháin agus dífhostaithe na gcomhlachtaí seo a leanas:* ***BG:*** *Tar éis nós imeachta poiblí, molann gach páirtí polaitiúil a bhfuil ionadaíocht aige sa Pharlaimint a iarrthóirí féin do chomhaltaí agus do chathaoirleach an Choimisiúin um Chosaint na hIomaíochta, agus ansin tosaíonn an Pharlaimint á dtoghadh le córam áirithe. De réir an Dlí maidir le cosaint na hiomaíochta, déanfaidh an Pharlaimint cumhachtaí an chathaoirligh, an leaschathaoirligh agus na gcomhaltaí a fhoirceannadh sula rachaidh a dtéarma oifige in éag ar chúiseanna sonracha a luaitear sa dlí.* ***CZ****: Léirítear sa chairt an cás le haghaidh an Leas- Chathaoirligh maidir le Soláthar Poiblí. Tá an comhlacht athbhreithnithe maidir le soláthar poiblí comhdhéanta de dhá chéim. Síníonn an Leas- Chathaoirleach maidir le Soláthar Poiblí na cinntí céadchéime agus is féidir leis an dara céim a ndéanann Cathaoirleach na hOifige um Chosaint na hIomaíochta (OPC) ionadaíocht uirthi athbhreithniú a dhéanamh orthu. Déanann Cathaoirleach CPO an Leas- Chathaoirleach um Sholáthar Poiblí a cheapadh agus a dhífhostú. Déanann Uachtarán na Poblachta an Cathaoirleach a cheapadh agus a dhífhostú ar mholadh ón Rialtas.* ***DK****: Léirítear sa chairt staid chomhaltaí na huachtaránachta (deichniúr breithiúna) lena n- áirítear ceann an chomhlachta athbhreithnithe, agus an 20 saineolaí. Ceapann an tAire Tionscail, Gnó agus Gnóthaí Airgeadais gach comhalta. Molann Uachtarán na cúirte ina suíonn na breithiúna comhaltaí na huachtaránachta. Comhlíontar an moladh ó uachtarán na cúirte i gcónaí. Is iad aireachtaí agus comhlachtaí rialtais eile a mholann saineolaithe i bpáirt, agus is comhlachais agus eagraíochtaí áirithe a luaitear sa dlí a mholann iad i bpáirt. Is féidir le hAire Tionscail, Gnó agus Gnóthaí Airgeadais na Danmhairge comhaltaí agus ceann an Bhoird um Ghearáin a dhífhostú. Ní gá don aire moladh a fháil chun comhalta nó ceann an Bhoird um Ghearáin a dhífhostú.* ***DE****: Léirítear sa chairt an cás maidir le comhaltaí de Bhinsí Soláthair Phoiblí a cheapadh agus a dhífhostú (roinn speisialaithe den Oifig Cairtéil Fheidearálach (*Bundeskartelamt*) ar an leibhéal feidearálach agus* Vergabekammern *– Binsí Soláthair Phoiblí ar leibhéal an Stáit). Is é an t- údarás riaracháin lena mbaineann an comhlacht an t- údarás atá freagrach as ceann an chomhlachta athbhreithnithe céadchéime a cheapadh (is féidir imeacht ó rialacha ar leibhéal na stát). Ceaptar comhaltaí an Bhinse ar feadh téarma oifige 5 bliana le dlí. Glacann siad a gcinntí go neamhspleách agus níl siad faoi cheangal ach ag an dlí. Féach Roinn 157 (4) GWB (Acht Iomaíochta na Gearmáine). Níl aon rialachán sonrach ann maidir le dífhostú i ndlí soláthair na Gearmáine. Is iad rialacháin ghinearálta na státseirbhíse ("Beamtenrecht") amháin is dócha a d'fhéadfadh ceann an chomhlachta riaracháin lena mbaineann an Binse Soláthair Phoiblí a dhífhostú ón státseirbhís i gcásanna eisceachtúla, mar shampla i gcás mí- iompar tromchúiseach nó breoiteacht fhadtéarmach. Mar sin féin, féadfaidh ceann an chomhlachta riaracháin comhaltaí a aistriú chuig post eile mar chinneadh eagraíochtúil.* ***EE****: Léirítear sa chairt an cás le haghaidh cheann agus*

*chomhaltaí an Choiste Athbhreithnithe maidir le Soláthar Poiblí. Is í an Aireacht Airgeadais a mholann agus is é an rialtas a dhéanann ceapachán/dífhostú.* ***EL****: Léirítear sa chairt an cás le haghaidh chomhaltaí phainéal an Údaráis Soláthair Phoiblí Aonair Heilléinice. Is í an Ardchomhairle um Roghnú Foirne (ASEP, údarás riaracháin neamhspleách) a roghnaíonn iarrthóirí do phoist na gComhaltaí tar éis nós imeachta oscailte, i gcomhréir le nós imeachta L. 4765/2021 (A` 6). Ceaptar na comhaltaí le Cinneadh ón Aire Ceartais. Tionscnaíonn an tAire Ceartais an nós imeachta araíonachta do chomhaltaí an Údaráis, tar éis moladh a fháil ó Uachtarán an Údaráis. Bunaítear Comhairle Araíonachta, atá comhdhéanta de Leas- Uachtarán de chuid na Comhairle Stáit, Leas- Uachtarán de chuid na Cúirte Uachtaraí (Areios Pagos) agus Leas- Uachtarán de chuid na Cúirte Iniúchóireachta. Molann an tAire Ceartais ceann an chomhlachta athbhreithnithe céadchéime (Uachtarán) a cheaptar le gníomh de chuid Chomhairle na nAirí a eisítear tar éis thuairim Bhuanchoiste Speisialta na Parlaiminte um Institiúidí agus um Thrédhearcacht Maidir le dífhostú, tionscnaíonn an tAire Ceartais an nós imeachta araíonachta do chomhaltaí an Údaráis, tar éis moladh a fháil ó Uachtarán an Údaráis. Bunaítear Comhairle Araíonachta, atá comhdhéanta de Leas- Uachtarán de chuid na Comhairle Stáit, Leas- Uachtarán de chuid na Cúirte Uachtaraí agus Leas- Uachtarán de chuid na Cúirte Iniúchóireachta.* ***ES:*** *Tá togra comhpháirteach ann ón Aireacht Airgeadais agus ón Aireacht Ceartais chuig an Rialtas (Comhairle na nAirí), a cheapann. Níl aon dífhostú ann, ós rud é go gceaptar ceann TACRC ar feadh téarma 6 bliana. Mar sin féin, bunaítear leis an dlí liosta de na cúiseanna lena gcuirtear deireadh leis an téarma oifige seo.* ***CY****: Léirítear sa chairt an cás le haghaidh cheann agus chomhaltaí an Údaráis um Athbhreithniú ar Thairiscintí. I gcás ceapacháin, is í an Aireacht Airgeadais an t- údarás molta agus is í Comhairle na nAirí an t- údarás ceapacháin. Maidir le dífhostú, is í Comhairle na nAirí an t- údarás molta agus an t- údarás atá ag dífhostú.* ***LV****: Is institiúid stáit riaracháin dhírigh é an Biúró um Fhaireachán ar Sholáthar (PMB) faoi mhaoirseacht na hAireachta Airgeadais. Déantar na cinntí laistigh de na nósanna imeachta athbhreithniúcháin ag an gcoimisiún scrúdaithe um ghearáin ar a bhfuil triúr comhaltaí agus atá sainbhunaithe laistigh de PMB i leith gach cáis. Bunaítear coimisiúin le hordú ó cheann PMB. Is státseirbhísigh/oifigigh phoiblí iad comhaltaí an choimisiúin (lena n- áirítear ceann PMB) Molann coimisiún chun measúnú a dhéanamh ar iarrthóirí arna bhunú ag ceann PMB iarrthóir don phost. Ceapann ceann PMB na comhaltaí don phost. Déantar na comhaltaí a dhífhostú le cinneadh ó cheann PMB.* ***HU****: Léirítear sa chairt an cás le haghaidh chathaoirleach agus leaschathaoirleach an Bhoird Eadrána Soláthair Phoiblí. Déanann an Chomhairle atá ag feidhmiú laistigh den Údarás Soláthair Phoiblí cathaoirleach agus leaschathaoirleach an Bhoird Eadrána Soláthair Phoiblí a cheapadh agus/nó a urscaoileadh. Is orgán lárnach buiséadach é an tÚdarás Soláthair Phoiblí a fheidhmíonn mar orgán riaracháin stáit uathrialach atá fo- ordaithe don Pharlaimint. Tá comhaltaí na Comhairle leagtha amach i Roinn 183 (b) d'Acht CXLIII 2015 maidir le soláthar poiblí.* ***PL****: Déanann an tAire atá freagrach as an ngeilleagar ceann an chomhlachta athbhreithnithe céadchéime, an Dlísheomra Achomhairc Náisiúnta (NAC), Uachtarán NAC a cheapadh agus a dhífhostú, arna iarraidh sin d'Uachtarán na hOifige Soláthair Phoiblí, ar feadh téarma 3 bliana.* ***RO****: Déanann an Tionól Iomlánach ceann an chomhlachta athbhreithnithe céadchéime, an Chomhairle Náisiúnta um Ghearáin a Réiteach, a thoghadh/a dhífhostú laistigh de chomhaltaí na Comhairle.* ***SI****: Léirítear sa chairt an cás le haghaidh chomhaltaí an phainéil agus le haghaidh cheann an Choimisiúin Náisiúnta Athbhreithniúcháin um Athbhreithniú ar Nósanna Imeachta Dámhachtana Soláthair Phoiblí (NRC). I gcás ceapacháin, cuireann Coimisiún na Comhairle Breithiúnaí um Measúnú ar Oiriúnacht Iarrthóirí agallamh ar na hiarrthóirí agus eisíonn sé tuairim réasúnaithe maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha speisialta dá dtagraítear in Airteagal 61.b de ZPVPJN agus oiriúnacht na n- iarrthóirí. Roghnaíonn Coimisiún na Parlaiminte atá freagrach as sainorduithe agus toghcháin trí phróiseas vótála as measc na n- iarrthóirí a chomhlíonann na coinníollacha ar fad agus ceapann an Pharlaimint Uachtarán NRC ina dhiaidh sin. Maidir le dífhostú, cuireann Coimisiún na Parlaiminte atá freagrach as sainorduithe agus toghcháin togra maidir le dífhostú chuig an gCoimisiún agus ansin déanann an Pharlaimint an tUachtarán a dhífhostú.* ***SK****: Léirítear sa chairt an cás le haghaidh Leas- Chathaoirleach an chomhlachta athbhreithnithe céadchéime maidir le soláthar poiblí, an Oifig Soláthair Phoiblí (PPO). Is í Roinn Athbhreithniúcháin na hOifige Soláthair Phoiblí, atá faoi cheannas an Leas- Chathaoirligh, a mholann ceann na hoifige rialtais agus a cheapann an rialtas, a dhéanann athbhreithniú ar sholáthar poiblí. Déanann an rialtas dara leas- chathaoirleach na hOifige Soláthair Phoiblí, Leas- Chathaoirleach an chláir oibre straitéisigh, a dhífhostú ar an togra ó cheann na hoifige rialtais.* ***HR****: Léirítear sa chairt an cás le haghaidh chomhaltaí an phainéil agus le haghaidh cheann an chomhlachta athbhreithnithe céadchéime maidir le soláthar poiblí, Coimisiún Stáit um Maoirseacht ar Nósanna Imeachta Soláthair Poiblí. Molann an Rialtas, déanann an Pharlaimint ceapachán agus dífhostú.*

Léirítear i bhFíor 62 na húdaráis a bhfuil baint acu leis na nósanna imeachta ceapacháin agus dífhostaithe do chomhaltaí na n- údarás náisiúnta iomaíochta.

**Fíor .: <u>Údaráis iomaíochta náisiúnta</u>: ceapachán agus dífhostú** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht le Líonra na nÚdarás Iomaíochta Náisiúnta)*




*(*) **BE**: Molann agus ceapann an tAire Geilleagair. Ceapann an t- aire coiste roghnúcháin do na comhaltaí. Molann an tAire Geilleagair an dífhostú, déanann an Ceann Stáit (Rí) an dífhostú. **CZ**: Léirítear sa Chairt cás Chathaoirleach na hOifige. Molann an Rialtas Cathaoirleach na hOifige, ceapann Uachtarán na Poblachta é. Molann an Rialtas an dífhostú, déanann Uachtarán na Poblachta an dífhostú. Déanann triúr Leas- Chathaoirleach ionadaíocht ar Chathaoirleach na hOifige, a ndéanann Cathaoirleach na hOifige iad a cheapadh agus a dhífhostú ar a thogra féin. **DK**: Molann an Aireacht Tionscail, Gnó agus Gnóthaí Airgeadais, ceapann an Rialtas. Níl aon údarás ann, a mholann dífhostú. Déanann an Rialtas an dífhostú. **DE**: Is iad comhlachtaí cinnteoireachta an Bundeskartellamt na rannáin chinnteoireachta. Is iad comhaltaí na rannóige (an Cathaoirleach agus beirt chomhaltaí chomhlacha) a dhéanann cinntí na rannán cinntí. Is státseirbhísigh iad a cheaptar ar feadh a saoil agus ní mór dóibh a bheith cáilithe chun fónamh mar bhreithiúna nó mar státseirbhísigh shinsearacha. Is é an tÚdarás a mholann láimhseálaithe cáis chun bheith ina gcomhalta rannáin, is í an Aireacht Fheidearálach um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Fuinneamh a cheapann iad. Níl aon fhoráil shainráite ann maidir le comhalta de rannán cinntí a bhaint dá fheidhm. Ní féidir dífhostú, arna ordú ag an Aireacht Fheidearálach um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Fuinneamh, a dhéanamh ach amháin faoi rialacháin ghinearálta na státseirbhíse. Féadfaidh an tÚdarás comhaltaí rannáin a aistriú ón rannóg chuig aon roinn eile laistigh den Údarás. **IE**: Molann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí go gceapfaidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an cathaoirleach agus idir dhá agus ceithre choimisiún. Déanann an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an cathaoirleach agus idir beirt choimisinéirí agus ceathrar choimisinéirí a dhífhostú. **EE:** Déanann an tAire Ceartais Ard- Stiúrthóir Údarás Iomaíochta na hEastóine a cheapadh don oifig agus a scaoileadh ón oifig ar mholadh ó Ard- Rúnaí na hAireachta Ceartais. **EL**: Tá Bord an Choimisiúin Iomaíochta Heilléanaigh, comhlacht cinnteoireachta an Údaráis, comhdhéanta de dheichniúr comhaltaí, lena n- áirítear Uachtarán, Leas- Uachtarán, seisear Rapóirtéirí agus beirt ghnáthchomhaltaí, lena gcomhaltaí malartacha. Roghnaítear Uachtarán agus Leas- Uachtarán an Choimisiúin, tar éis togra ón Aire Forbartha, le cinneadh ó Chomhairle na nAirí, arna eisiúint tar éis toiliú a fháil ón gCoiste parlaiminteach um Institiúidí agus um Thrédhearcacht. Is é an tAire Forbartha a roghnaíonn na Rapóirtéirí agus an bheirt chomhaltaí thráthrialta agus mhalartacha den Choimisiún, tar éis toiliú a fháil ón gCoiste parlaiminteach um Institiúidí agus um Thrédhearcacht, ar bhonn liosta iarrthóirí, arna tharraingt suas ag an gCoiste Roghnúcháin, tar éis comórtas oscailte, lena n- áirítear sainchomhad pearsanta agus agallamh a chur isteach. Ceaptar comhaltaí tráthrialta agus malartacha an Choimisiúin Iomaíochta, chomh maith leis na Rapóirtéirí, le cinneadh ón Aire Forbartha agus Infheistíochta, a fhoilsítear in Iris an Rialtais. Is éard atá sa Choiste Roghnúcháin cúigear comhaltaí: a) Uachtarán nó Leas- Uachtarán na Comhairle Stáit nó Uachtarán nó Leas- Uachtarán Chomhairleoir Dlí an Stáit, mar Chathaoirleach, b) Uachtarán nó Leas- Uachtarán na hArdchomhairle um Roghnú Foirne Sibhialta (ASEP), c) iar- Uachtarán nó iar- Leas- Uachtarán an Choimisiúin Iomaíochta, arna cheapadh trí chrannchur, d) comhalta institiúide ardoideachais TSS atá speisialaithe i ndlí na hiomaíochta, arna ainmniú ag an Aire Forbartha, agus e) comhalta institiúide ardoideachais TSS atá speisialaithe in*

*eacnamaíocht na hiomaíochta, arna ainmniú ag an Aire Forbartha. Tionscnóidh Comhairle na nAirí imeachtaí araíonachta os comhair na Comhairle Araíonachta, tar éis togra ón Aire Forbartha agus Infheistíochta, maidir leis an Uachtarán agus a comhaltaí. Tá an Chomhairle Araíonachta comhdhéanta de bheirt (2) Chomhairleoirí Stáit, breitheamh amháin (1) den Chúirt Uachtarach agus beirt (2) ollúna ollscoile, gníomhacha nó emeritus, atá speisialaithe i ndlí na hiomaíochta, sa dlí tráchtála, coiriúil nó poiblí nó san eacnamaíocht, agus 5 bliana a bheidh ina dtéarma oifige. **ES**: Molann an Aireacht Geilleagair agus Iomaíochais an deichniúr comhaltaí Boird de CNMC, lena n- áirítear a Uachtarán agus a Leas- Uachtarán, ceapann an Rialtas iad. Féadfaidh an Pharlaimint ceapadh na n- iarrthóirí molta a chrosadh trí thromlach glan (50 % +1). Molann an Rialtas an dífhostú agus dífhostaíonn comhaltaí an bhoird. **FR**: Ceapann Uachtarán na Poblachta ceathrar Leas- Uachtarán an Bhoird (comhaltaí buana) chomh maith leis an 12 chomhalta neamhbhuana agus an bheirt sainchomhalta a shuíonn nuair a rialaíonn NCA ar ábhair a bhaineann le gairmeacha dlí rialáilte. Molann Bord NCA an dífhostú, déanann Uachtarán na Poblachta an comhalta den Bhord a dhífhostú. **HR**: Is é an Rialtas a mholann, is í an Pharlaimint a cheapann comhaltaí NCA. Molann an Rialtas an dífhostú , dífhostaíonn an Pharlaimint comhaltaí an údaráis inniúil náisiúnta. **IT**: Ceapann Uachtaráin an Tí agus an tSeanaid cathaoirleach agus comhaltaí Bhord an Údaráis. Déanann Uachtaráin na Parlaiminte an cinneadh críochnaitheach maidir le dífhostú, a luaithe is cinneadh críochnaitheach é cinneadh an bhreithimh an pionós cúlpháirtí maidir le dícháiliú ó oifig phoiblí a chur i bhfeidhm. **CY**: Molann an tAire Fuinnimh, Tráchtála agus Tionscail, ceapann an Rialtas (Comhairle na nAirí). Molann an Rialtas (Comhairle na nAirí) dífhostú agus déanann dífhostú. **LV**: Is í an Aireacht Eacnamaíochta a mholann cathaoirleach na Comhairle Iomaíochta agus ceathrar comhaltaí den chomhairle, is í Comh- Aireacht na nAirí a cheapann iad. Molann an Aireacht Eacnamaíochta go ndéanfar iad a dhífhostú, déanann coiste a bhunaigh Comh- Aireacht na nAirí iad a dhífhostú. **LT**: Molann an Príomh- Aire na comhaltaí i gcomhlacht cinnteoireachta Chomhairle Iomaíochta na Liotuáine, ceapann an tUachtarán iad. Molann an Príomh- Aire dífhostú na gcomhaltaí i gcomhlacht cinnteoireachta Chomhairle Iomaíochta na Liotuáine, déanann an tUachtarán an dífhostú. **LU**: Tá glao poiblí ar iarratais ann, déanann Uachtarán an Údaráis Iomaíochta ceapacháin. Molann an Rialtas an dífhostú, déanann an Ceann Stáit (an tArd- Diúc) an dífhostú. **HU**: Molann Uachtarán Údarás Iomaíochta na hUngáire, agus ceapann Uachtarán na hUngáire comhaltaí na Comhairle Iomaíochta, a ghníomhaíonn mar fhóram cinnteoireachta ar leithligh laistigh d'Údarás Iomaíochta na hUngáire. Molann Uachtarán Údarás Iomaíochta na hUngáire dífhostú, déanann Uachtarán na hUngáire comhaltaí na Comhairle Iomaíochta a dhífhostú. **MT:** Tá glao poiblí ar iarratais ann. Is é Bord Gobharnóirí Údarás Mhálta um Ghnóthaí Iomaíochta agus um Ghnóthaí Tomhaltóirí a cheapann Ard- Stiúrthóir na hOifige um Iomaíocht (an t- údarás iomaíochta náisiúnta riaracháin) tar éis dul i gcomhairle leis an Aire atá freagrach as ábhair iomaíochta. Déanann Bord Gobharnóirí Údarás Mhálta um Ghnóthaí Iomaíochta agus um Ghnóthaí Tomhaltóirí an tArd- Stiúrthóir a dhífhostú. **NL**: Molann Coimisiún roghnúcháin, ina bhfuil comhalta boird NCA (ACM), stiúrthóir na stiúrthóireachta beartais atá freagrach as NCA san Aireacht, stiúrthóir NCA, arna iarraidh sin do 'duine ón taobh amuigh', agus sainchomhairleoir de chuid Státseirbhís Shinsearach na hÍsiltíre (ABD), an cathaoirleach agus an bheirt chomhaltaí boird eile de NCA don Aire Gnóthaí Eacnamaíocha, a mholann iad níos faide ar aghaidh. Is í Comhairle na nAirí a cheapann iad. Molann an Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha an dífhostú agus dífhostaíonn sí na comhaltaí. **AT**: Molann an Rialtas Ard- Stiúrthóir an Údaráis Cónaidhme Iomaíochta, ceapann an tUachtarán an tArd- Stiúrthóir. Molann an Rialtas Ard- Stiúrthóir an Údaráis Chónaidhme Iomaíochta a dhífhostú, déanann an tUachtarán an dífhostú. **PL**: Molann agus ceapann an Príomh- Aire comhaltaí an údaráis inniúil náisiúnta. Molann an Príomh- Aire an dífhostú agus déanann comhaltaí an údaráis inniúil náisiúnta a dhífhostú. **PT**: Molann an Aireacht Geilleagair comhaltaí chomhlacht cinnteoireachta NCA, tugann an Pharlaimint tuairim réasúnaithe, ceapann an Rialtas iad. Molann an Pharlaimint nó Comhairle na nAirí dífhostú, déanann Comhairle na nAirí an dífhostú. **RO**: Tá glao oscailte ann ar iarratais don naonúr comhaltaí de Thionól Iomlánach na Comhairle Iomaíochta. Molann Buan- Bhiúrónna Theach na dTeachtaí agus an tSeanaid agus Coistí Dlíthiúla agus Eacnamaíocha na nDlísheomraí na hiarrthóirí, déanann Teach na dTeachtaí agus an Seanad na comhaltaí a thoghadh agus a cheapadh. Tarlaíonn dífhostú na gcomhaltaí de iure , nuair a chinneann an Chúirt Uachtarach ar shárú. **SI**: Molann an Rialtas agus an Aireacht Geilleagair comhaltaí an údaráis iomaíochta náisiúnta, toghann an Pharlaimint iad. Molann an Rialtas an dífhostú, déanann an Pharlaimint iad a dhífhostú. **SK**: Tá cinnteoireacht na hOifige Frith- Mhonaplachta comhdhéanta de dhá chéim, an Oifig agus Comhairle na hOifige Frith- Mhonaplachta. Ar an gcéad dul síos, is í roinn faoi seach na hOifige a ghlacann an cinneadh. Ar an dara dul síos, déanann Comhairle Oifig Frith- Mhonaplachta na Rialachán Foirne ('an Chomhairle') cinneadh maidir le hachomhairc agus déanann sí athbhreithniú ar chinntí na hOifige. Léirítear sa chairt cás Chomhairle an Bhoird Frith- Mhonaplachta. Molann Cathaoirleach na hOifige comhaltaí Chomhairle na hOifige Frith- Mhonaplachta, atá comhdhéanta de Chathaoirleach na hOifige féin agus seisear comhaltaí den Chomhairle. Is é an Rialtas a cheapann iad. Molann Cathaoirleach na hOifige an dífhostú, déanann an Rialtas an dífhostú. Déanann Uachtarán na Poblachta Cathaoirleach na Comhairle a cheapadh agus a dhífhostú. **FI**: Molann an Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus*

*Fostaíochta an tArd- Stiúrthóir chomh maith le Ceann na Rannóige Iomaíochta den Údarás Iomaíochta agus Tomhaltóirí, ceapann an Rialtas iad. Déanann an Rialtas na Stiúrthóirí a dhífhostú.* ***SE****: Is é an Rialtas a mholann agus a cheapann Ard- Stiúrthóir an údaráis náisiúnta inniúil. Molann an Rialtas a dhífhostú, déanann Bord Araíonachta an Rialtais d'Ardoifigigh an tArd- Stiúrthóir a dhífhostú.*

Is institiúidí formhaoirseachta poiblí iad institiúidí iniúchóireachta uasta (SAI) a dhéanann iniúchadh ar úsáid cistí poiblí. Is é an príomhchúram atá orthu scrúdú a dhéanamh ar cé acu a chaitear nó nach gcaitear cistí poiblí go heacnamaíoch, go héifeachtúil agus go héifeachtach i gcomhréir leis na rialacha agus na rialacháin atá ann cheana. Cuidíonn iniúchadh éifeachtach chun sláine a thógáil san airgeadas poiblí agus chun an t- éilliú a chomhrac. Is é an toradh a bhíonn air sin go mbraitear úsáid aindleathach cistí agus éilliú agus go gcuidítear le déantóirí coire a thabhairt os comhair na cúirte. Tá SAInna mar chuid de na córais náisiúnta srianta agus ceartúchán chun an smacht reachta a chosaint. Déantar an comhar idir SAInna an Aontais Eorpaigh agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) go príomha faoi chuimsiú an Choiste Teagmhála[138]).

Tá eagrú SAInna éagsúil ar fud an Aontais, agus níl aon samhail aonfhoirmeach ann i gcás na mBallstát uile. Is féidir SAInna a roinnt ina dhá chineál: comhlachtaí a bhfuil údarás breithiúnach acu ([139]) agus comhlachtaí nach bhfuil an t- údarás sin acu. Tá SAInna faoi cheannas duine aonair ([140]) nó tá siad faoi rialú comhlachta choláistigh ([141]). Ní mór do SAInna a bheith neamhspleách go hoibríochtúil agus féinrialaitheach ó thaobh airgeadais de. Léiríonn caighdeáin idirnáisiúnta maidir le neamhspleáchas SAInna gur gá ceann SAInna agus comhaltaí institiúidí coláisteacha a cheapadh, a athcheapadh nó a dhífhostú trí phróiseas lena n- áirithítear neamhspleáchas ón bhfeidhmeannas ([142]) .

Cuirtear i láthair i bhFíor 63 agus i bhFíor 64 na húdaráis a bhfuil baint acu le ceapadh agus dífhostú cheann SAI nó a chomhaltaí, ag brath ar cibé an comhlacht aoncheannach nó coláisteach é SAI.

**Fíor .: Institiúidí iniúchóireachta uasta: ceapachán** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht leis an gCoiste Teagmhála um Institiúidí Iniúchóireachta Uasta)*

[138] Tá struchtúr an Choiste Teagmhála comhdhéanta den Choiste Teagmhála féin, atá comhdhéanta de cheannairí SAInna AE agus CIE, na hOifigigh Idirchaidrimh, a sholáthraíonn líonra gníomhach de theagmhálacha gairmiúla ar fud na hEorpa, chomh maith le meithleacha, líonraí agus tascfhórsaí maidir le hábhair iniúchóireachta shonracha.
[139] BE, FR, EL, IT, PT, ES.
[140] AT, HR, CY, DK, EE, FI, HU, IRE, LT, MT, SK, SE.
[141] BE, BG, CZ, FR, DE, EL, LV, LU, NL, PL, PT, RO, SI, ES.
[142] INTOSAI (2019), Dearbhú Meicsiceo maidir le Neamhspleáchas SAI, Prionsabal 2.




*(*) **BE**: Comhlacht coláisteach - Is breithiúna iad Comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí. Toghann Teach na nIonadaithe iad chuig an gCúirt Iniúchóireachta. **BG**: Comhlacht coláisteach - Is í an Pharlaimint a thoghann Leas- Uachtaráin agus Comhaltaí na hOifige Iniúchóireachta ar mholadh ó Uachtarán na hOifige Iniúchóireachta. Is í an Pharlaimint a thoghann an tUachtarán. **CZ**: Comhlacht Choláisteach - Toghann Teach na dTeachtaí na 15 Chomhalta bunaithe ar an moladh ó Uachtarán SAI. Ceapann Uachtarán na Poblachta an tUachtarán agus an Leas- Uachtarán bunaithe ar mholadh ó Theach na dTeachtaí. **DK**: Ceapann Urlabhraí Pharlaimint na Danmhairge an tArd- Iniúchóir, ar mholadh ó Choiste um Chuntais Phoiblí na Parlaiminte agus ar fhormheas ó Choiste Bhuanorduithe na Parlaiminte. **DE**: Ceapann Uachtarán Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, ar mholadh ó Uachtarán SAI, comhaltaí SAI. Toghann an dá theach parlaiminte an tUachtarán ar mholadh ón rialtas cónaidhme agus ceapann Uachtarán Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine é. **EE**: Moladh: Uachtarán na Poblachta (measann EE nach bhfuil Uachtarán na Poblachta mar chuid den fheidhmeannas), Cinneadh: An Pharlaimint. **IE**: Ceapann Uachtarán na hÉireann an tArd- Reachtaire Cuntas agus Ciste ar ainmniúchán ón bParlaimint. **EL**: Comhlacht coláisteach - is í an Chúirt Iniúchóireachta an Chúirt Uachtarach Airgeadais. Is breithiúna iad a chomhaltaí, arna gceapadh le Foraithne ón Uachtarán ar chinneadh ón Ardchomhairle Bhreithiúnach. Ceaptar a huachtarán agus a leas- uachtaráin le Foraithne ón Uachtarán ar mholadh ó Chomhairle na nAirí, tar éis tuairimí neamhcheangailteacha ón bParlaimint agus ó thionól iomlánach na Cúirte. Ní dhéantar aon athbhreithniú ar chinntí chun an tUachtarán/na leas- uachtaráin a cheapadh. **ES**: Comhlacht coláisteach - is breithiúna iad Comhairleoirí, arna gceapadh ag Parlaimint na Spáinne (seisear Comhairleoirí ag an gComhdháil agus seisear Comhairleoirí ag an Seanad). Is é Rí na Spáinne a cheapann Uachtarán na Cúirte Iniúchóirí as measc Chomhairleoirí na Cúirte, ar mholadh ó Thionól Iomlánach na Cúirte. **FR**: Comhlacht coláisteach - Is giúistísí iad an Chéad uachtarán agus uachtaráin na ndlísheomraí, arna gceapadh ag foraithne ó Uachtarán na Poblachta arna eisiúint ag Comhairle na nAirí. **HR**: Is í an Pharlaimint a cheapann an tArd- Iniúchóir ar bhonn togra ón gcoiste atá freagrach as roghnúchán agus ceapachán, mar aon le tuairim arna soláthar ag an gcoiste atá freagrach as airgeadas agus as Buiséad an Stáit. **IT**: Comhlacht coláisteach. Tá oifigí lárnacha agus réigiúnacha ag an gCúirt Iniúchóireachta. Is giúistísí iad a gcomhaltaí, arna n- earcú trí chomórtas oscailte. Tá sé de chumhacht ag an Rialtas cuóta giúistísí de chuid na Cúirte Iniúchóireachta a cheapadh, tar éis dul i gcomhairle le hUachtaránacht na Cúirte Iniúchóireachta. Ceaptar Uachtarán na Cúirte le Foraithne ó Uachtarán na Poblachta ar mholadh ó Chomhairle na nAirí (nach mór di dul i gcomhairle le Comhairle Uachtaránacht na Cúirte Iniúchóireachta). **CY**: Ceapann Uachtarán na Poblachta an tArd- Iniúchóir agus an Leas- Ard- Iniúchóir. Ní ghlacann aon chomhlacht eile páirt sa cheapachán. **LV**: Comhlacht coláisteach. Is í an Pharlaimint a cheapann comhaltaí SAI ar mholadh ón Ard- Iniúchóir. Is í an Pharlaimint a cheapann an tArd- Iniúchóir. **LT**: Moladh: Uachtarán na Poblachta; Ceapachán: An Pharlaimint. **LU**: Is é an tArd- Diúc a cheapann an comhlacht coláisteach, Uachtarán agus comhaltaí SAI ar mholadh ón bParlaimint, a ullmhaíonn liosta le hiarrthóirí. **HU**: Toghtar Uachtarán na hOifige Iniúchóireachta Stáit trí thromlach dhá thrian de Chomhaltaí an Tionóil Náisiúnta, tar éis moladh ón mbuanchoiste parlaiminteach a dhéileálann le saincheisteanna a bhaineann leis an oifig iniúchóireachta. **MT**: Is oifigeach de Theach na nIonadaithe é an tArd- Iniúchóir agus ceaptar é le cinneadh ó Uachtarán na Poblachta, lena ndéantar rún Theach na nIonadaithe (tromlach dhá thrian) a chur chun feidhme. Níl aon chumhacht lánroghnach ag an Uachtarán chuige sin. **NL**: Comhlacht coláisteach. Ceaptar comhaltaí na Cúirte Iniúchóireachta le Foraithne Ríoga ó liosta de thriúr arna tharraingt suas ag Teach Íochtarach na Parlaiminte. Ceapann an Ceann Stáit, ag gníomhú ar mholadh ón Rialtas, Uachtarán na Parlaiminte as measc a chomhaltaí. **AT**: Toghtar Uachtarán Chúirt Iniúchóireachta na hOstaire le tromlach dhá thrian sa Pharlaimint, ar*

*mholadh óna Príomhchoiste.* ***PL****: Comhlacht coláisteach. Ceapann Urlabhraí an Sejm (seomra íochtarach na Parlaiminte) na Comhaltaí arna iarraidh sin d'Uachtarán SAI. Ceapann an Sejm an tUachtarán ar thoiliú ón Seanad, tar éis moladh ó Urlabhraí an Sejm nó ó ghrúpa de 35 dá chomhaltaí ar a laghad.* ***PT****: Comhlacht coláisteach. Is breithiúna iad comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí, a earcaítear trí chomórtas poiblí. Ceapann Uachtarán na Poblachta an tUachtarán ar mholadh ón Rialtas.* ***RO****: Comhlacht coláisteach Déanann an Reachtas comhaltaí agus Uachtarán Chúirt na gCuntas a mholadh agus a cheapadh.* ***SI****: Comhlacht coláisteach. I measc a Chomhaltaí, tá an tUachtarán agus beirt Leas- Uachtarán, arna gceapadh ag an bParlaimint (vóta tromlaigh iomlán) ar mholadh ó Uachtarán na Poblachta.* ***SK****: Is í an Pharlaimint a thoghann Ceann SAI.* ***FI****: Is í an Pharlaimint a thoghann an tArd- Iniúchóir.* ***SE****: Is í an Pharlaimint a thoghann agus a cheapann an tArd- Iniúchóir agus an Leas- Ard- Iniúchóir.*

**Fíor .: Institiúidí iniúchóireachta uasta: <u>dífhostú</u>** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht leis an gCoiste Teagmhála um Institiúidí Iniúchóireachta Uasta)*




*(*)* ***CZ****: Féadfaidh Teach na dTeachtaí Comhaltaí SAI a dhífhostú tar éis cinneadh ó Sheomra Araíonachta SAI a mholann an dífhostú. D'fhéadfadh Uachtarán na Poblachta Uachtarán agus Leas- Uachtarán SAI a dhífhostú ar mholadh ó Theach na dTeachtaí.* ***DK****: Baintear an tArd- Iniúchóir as oifig le cinneadh ó Urlabhraí na Parlaiminte, tar éis gearán a chur faoi bhráid an Choiste um Chuntais Phoiblí agus tar éis dul i gcomhairle leis na Leas- Urlabhraithe.* ***DE****: Níl aon nós imeachta sonrach um dhífhostú ann; mar gheall ar easpa atofa féideartha, dífhostaítear ceann SAI ag deireadh a dtéarma oifige 12 bhliain. Mar sin féin, is féidir le comhaltaí den SAI a bheith faoi réir nósanna imeachta araíonachta a bhféadfadh dífhostú a bheith mar thoradh orthu i gcásanna áirithe. Tionóltar na nósanna imeachta sin os comhair seanad speisialaithe de chuid na Cúirte Uachtaraí Cónaidhme ('Dienstgericht des Bundes'). Dhéanfadh Uachtarán ceachtar seomra den Pharlaimint an moladh le haghaidh nós imeachta den sórt sin.* ***EE****: Féadfar an tArd- Iniúchóir a dhífhostú le cinneadh ón gCúirt Uachtarach ar iarraidh a fháil ó Sheansailéir an Cheartais le toiliú thromlach na Parlaiminte.* ***IE****: Ní féidir an tArd- Iniúchóir a bhaint as oifig le cinneadh ón Uachtarán ach amháin ar rúin arna rith ag dhá dhlísheomra na Parlaiminte ina n- iarrtar é a bhaint as oifig.* ***EL****: Is breithiúna iad na comhaltaí. Moladh maidir le Dhífhostú/Bearta araíonachta a thionscnamh: An tAire Ceartais; Cinneadh maidir le Dífhostú: Ard- Chomhairle Araíonachta.* ***ES****: Ní féidir comhaltaí na Cúirte Iniúchóireachta a bhaint as oifig ach amháin i gcás sárú tromchúiseach ar a ndualgais tar éis imeachtaí breithiúnacha.* ***FR****: Déanann an t- údarás ceapacháin cinneadh maidir le baintí ar mholadh Ard- Chomhairle Chúirt na gCuntas ina foirmíocht araíonachta.* ***HR****: Is í Parlaimint na Cróite a dhéanann an cinneadh maidir le baint.*
*IT: Ní féidir giúistísí na Cúirte a bhaint as oifig ach amháin tar éis imeachtaí araíonachta nó coiriúla os comhair Chomhairle Bhreithiúnach na Cúirte Iniúchóireachta. Ní féidir Uachtarán na Cúirte a chúlghairm óna ról, a fhágann sé mar gheall ar éirí as deonach nó scor mar gheall ar an teorainn aoise.* ***CY****: Ní féidir an tArd- Iniúchóir a dhífhostú ach amháin mar gheall ar mhí- iompar tromchúiseach tar éis breithiúnas ón gCúirt Bhunreachtúil Uachtarach. Féadfaidh Uachtarán na Poblachta agus an tArd- Aighne iarraidh ar dhífhostú a chur isteach. Eisíonn an tUachtarán*

*an cinneadh lena ndéantar an tArd‑ Iniúchóir a dhífhostú go foirmiúil ach tá sé faoi cheangal ag an mbreithiúnas.* ***LV****: Ní fhéadfaidh an Pharlaimint an tArd‑ Iniúchóir agus comhaltaí Chomhairle na hOifige Iniúchóireachta Stáit a bhaint as oifig ach amháin ar bhonn breithiúnas cúirte i gcás coiriúil.* ***LT****: Tá an Pharlaimint inniúil chun an tArd‑ Iniúchóir a scaoileadh agus a dhífhostú. Tá na forais maidir le scaoileadh agus dífhostú liostaithe go huileghabhálach sa reachtaíocht.* ***LU****: Baint le foraithne Ard‑ Diúic ar thogra a fháil ón bParlaimint le tuairim roimh ré ó SAI.* ***HU****: Is féidir Uachtarán na hOifige Iniúchóireachta Stáit a bhaint as oifig le cinneadh ón bParlaimint. Is é an coiste parlaiminteach inniúil a thionscnaíonn an nós imeachta.* ***MT****: Baint as oifig mar gheall ar éagumas cruthaithe feidhmeanna na hOifige a chomhlíonadh nó mar gheall ar mhí‑ iompar cruthaithe. Moladh: Teach na nIonadaithe (tromlach dhá thrian). Cinneadh: Eisíonn Uachtarán na Poblachta an cinneadh go foirmiúil ach tá sé faoi cheangal ag aitheasc na Parlaiminte.* ***NL****: Is féidir leis an gCúirt Uachtarach comhaltaí SAI a dhífhostú nó a chur ar fionraí.* ***AT****: Éilíonn Cinneadh maidir le Dífhostú tromlach dhá thrian sa Chomhairle Náisiúnta.* ***PL****: Is féidir le Marascal an Sejm nó grúpa de 35 Chomhalta ar a laghad den Sejm (dlísheomra íochtarach na Parlaiminte) moladh a dhéanamh chun é a dhífhostú; is é an Sejm agus an Seanad a dhéanann an cinneadh maidir le dífhostú; is gá don Seanad toiliú leis an dífhostú ag an Sejm.* ***PT****: Níl comhaltaí SAI inbhainte, ach amháin i gcás imeachtaí araíonachta, a reáchtáiltear laistigh de SAI. Tá buanchoiste, a bhfuil an tUachtarán i gceannas air agus atá comhdhéanta den Leas‑ Uachtarán agus breitheamh ó gach Dlísheomra arna thoghadh ag a bpiaraí, freagrach as údarás araíonachta a fheidhmiú, agus d'fhéadfaí achomharc a dhéanamh don seisiún iomlánach ginearálta. Féadfaidh an Ceann Stáit Ceann SAI a bhaint as oifig, ar mholadh ón Rialtas. Sa chleachtas, níor úsáideadh an fhéidearthacht seo riamh.* ***RO****: Ní féidir leis an bParlaimint comhaltaí SAI a dhífhostú ach amháin ar mholadh ó na buanchoistí buiséid, airgeadais agus bainc de chuid an dá Dhlísheomra den Pharlaimint.* ***SI****: Is féidir le 15 Fheisire Parlaiminte ar a laghad a mholadh go ndéanfaí Uachtarán nó Leas‑ Uachtaráin SAI a dhífhostú. Is í an Pharlaimint a ghlacann an cinneadh deiridh.* ***SK****: Is féidir leis an bParlaimint an tUachtarán/na Leas‑ Uachtaráin a bhaint as oifig faoi na coinníollacha a fhorordaítear leis an reachtaíocht.* ***FI****: Déanann an Pharlaimint cinneadh maidir le duine a bhaint as oifig, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún um Oifig na Parlaiminte (Urlabhraí, an bheirt Leas‑ Urlabhraithe agus ceathrar comhaltaí eile den Pharlaimint).* ***SE****: Ní fhéadfaidh an Pharlaimint Ard‑ Iniúchóir a dhífhostú ón sannadh ach amháin mura gcomhlíonann an tArd‑ Iniúchóir na ceanglais is infheidhme maidir leis an sannadh a thuilleadh nó má bhí an tArd‑ Iniúchóir ciontach i bhfaillí thromchúiseach (trí cheathrú de na vótálaithe agus níos mó ná leath de chomhaltaí Riksdag).*

**3.2. Achoimre ar tháscairí is ábhartha maidir leis an margadh aonair**

Lasmuigh de na cúirteanna, seirbhísí ionchúisimh agus comhlachtaí breithiúnacha eile, cuirtear i láthair i Scórchlár Ceartais 2025 den chéad uair saintréithe roinnt údaráis phoiblí eile, a bhfuil sé de chúram orthu dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimsí sonracha, amhail frith- éilliú, soláthar poiblí agus iomaíocht.

Cuirtear i láthair i bhFíor 59 agus i bhFíor 60 an chaoi a mheasann cuideachtaí neamhspleáchas na gcomhlachtaí athbhreithnithe céadchéime maidir le soláthar poiblí agus na n- údarás iomaíochta náisiúnta.

Cuirtear i láthair i Scórchlár Ceartais 2025 saintréithe na n- údarás neamhspleách atá ábhartha maidir le feidhmiú an mhargaidh aonair. Cuirtear i láthair i bhFíor 61 an chaoi a ndéantar comhaltaí agus/nó cinn comhlachtaí athbhreithnithe céadchéime maidir le soláthar poiblí a cheapadh agus a dhífhostú, agus cuirtear an rud céanna i láthair le Fíor 62 d'údaráis iomaíochta náisiúnta, agus cuirtear i láthair i bhFíor 63 agus i bhFíor 64 na húdaráis a bhfuil baint acu le ceann na n- institiúidí iniúchóireachta uasta nó a chomhaltaí a cheapadh agus a dhífhostú, ag brath ar cibé an comhlacht aoncheannach nó coláisteach atá i gceist.

## 4. CONCLÚIDÍ

Le Scórchlár Ceartais AE 2025, déantar tuilleadh forbartha ar léargas domhain ar éifeachtacht na gcóras ceartais sna Ballstáit. Léirítear leis na táscairí iarrachtaí leanúnacha chun éifeachtúlacht, cáilíocht agus neamhspleáchas na gcóras ceartais a fheabhsú. Ina theannta sin, léiríonn siad gnéithe struchtúracha áirithe d'údaráis phoiblí eile a bhfuil sé de chúram orthu dlí an Aontais a chur i bhfeidhm. Tá dúshláin fós ann, áfach, chun muinín iomlán an phobail i gcórais dlí gach Ballstáit a áirithiú. Is rannchuidiú é an fhaisnéis sa Scórchlár Ceartais AE leis an bhfaireachán a dhéantar mar chuid de Thimthriall Eorpach an Smachta Reachta, agus cuireann sí le tuarascáil bhliantúil an Choimisiúin um an Smacht Reachta.